

Cód Cleachtais maidir le Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim

CÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE IDIRGHABHÁLACHA COMHLÍONTACHTA NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM 1

1. Réamhrá.....	5
1.1. Creat Idirghabhálacha Comhlíontachta - Forléargas	8
1.1.1. Forbhreathú ar Leibhéal an Chreata Comhlíontachta.....	10
1.2. Tacú leis an gComhlíontacht.....	11
1.2.1. Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1.....	11
1.2.2. Cineálacha Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1	12
1.2.2.1. Fógra Meabhúcháin um Thuairisceáin Chánach Amuigh	12
1.2.2.2. Iarratas chun Féin-Athbhreithniú a Dhéanamh	12
1.2.2.3. Agallaimh Phróifíle.....	12
1.2.2.4. Rannpháirtíocht le gnólachtaí faoin gCreat um Chomhlíontacht Chomhoibriúch (CCC).....	13
1.2.3. Géarú a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcás gur tionscnaíodh idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1.	13
1.3. Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht	13
1.3.1. Cáiníocóirí a Roghnú le haghaidh Idirghabháil Comhlíontachta	14
1.3.2. Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2.....	16
1.3.3. Cineálacha Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2	16
1.3.3.1. Athbhreithniú Riosca	17
1.3.3.2. Iniúchadh Cánach	17
1.3.4. Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 2	17
1.3.5. Sampla de thionchar an ghéaraithe idir idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1 agus Leibhéal 2	18
1.3.6. Sampla d'idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1 a ghéarú go hidirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2	20
1.3.7. Sampla ina léirítear géarú agus tionchar neamh-chomhoibriú/chomhoibriú iomláin.....	22
1.4. Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 3	24
1.4.1. Imscrúdú Cánach.....	24
1.4.2. Gníomhaíochtaí de chuid Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 3.....	26
1.4.3. Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 – Imscrúdú Cánach.....	26
1.5. Freagrachtaí i ndáil le hIdirghabhálacha Comhlíontachta	26
1.5.1. Oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim.....	26
1.5.2. Cáiníocóirí	27
1.5.3. Cleachtóirí Cánach	27
1.5.4. Atreoruithe faoi alt 851A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997	28
2. Mainneachtana Cánach a thabhairt chun Rialtachta	29
2.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar staid comhlíontachta cánach go saorálach	29
2.2. Féincheartú gan phionós	29
2.2.1. Teorainneacha ama maidir le féincheartú gan phionós.....	30
2.2.2. Féincheartú gan phionós agus idirghníomhú le gníomhaíocht chomhlíonta eile	31
2.2.3. Féincheartú agus Léiriú Amhrais.....	31
2.3. Earráid Neamhurchóideach a Cheartú.....	31
2.4. Coigeartú Teicniúil	33
2.5. Gan Chailteanas Ioncaim	33
2.6. Dlíteanas pionóis le haghaidh 'Gan Cailteanas Cánach'	34
2.7. Socraíochtaí Cánach.....	35
2.8. Nochtadh Cáilitheach	35
2.8.1. Ríomh na bPionós	36
2.8.2. Íocaíocht an dliteanais	36
2.8.3. Dlíteanais nach bhfuil laistigh de scóip tosaigh Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim	37
2.8.4. Gan Foilsíú.....	37
2.8.5. Ionchúisimh.....	37
2.8.6. Grúpchuideachtaí.....	37
2.9. Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha	37
2.9.1. Tréimhse chun Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha a ullmhú.....	37
2.10. Nochtadh Cáilitheach Spreagtha	38

2.10.1.	Tréimhse chun Nochtadh Cáilitheach Spreagtha a ullmhú	38
2.11.	An Chéad, an Dara, an Tríú Nochtadh agus Nochtaí ina dhiaidh sin.....	39
2.12.	Nochtaí Cáilitheacha – Riail 5 bliana.....	39
2.13.	Nochtuithe Cáilitheacha agus Pionóis	40
2.13.1.	Sampla a thaispeánann pionóis is infheidhme bunaithe ar sheasamh an nochta	42
2.14.	Gan Nochtach Cáilitheach – Pionós	43
2.15.	Nochtadh Cáilitheach a Scrúdú	43
2.16.	Eisiaimh – Nochtadh nach meastar a bheith Cáilitheach.....	43
2.17.	Comhoibriú Iomlán	44
2.18.	Riaráistí Cánacha agus Dleachtanna Dearbhaithe	46
3.	Athbhreithniú Riosca agus An tIníúchadh Cánach	47
3.1.	Athbhreithniú Riosca	48
3.1.1.	Láthair Athbhreithnithe Riosca	48
3.1.2.	Iompar Athbhreithnithe Riosca	48
3.1.3.	Ardú chuig Iníúchadh tar éis tús a chur le hAthbhreithniú Riosca	49
3.2.	Iníúchadh	51
3.2.1.	Láthair an Iníúchta	51
3.2.2.	Iompar an Iníúchta	51
3.2.3.	An Próiseas Iníúcháireachta	51
3.2.3.1.	Leabhair agus Taifid Cóipeanna Crua a Bhaint as	52
3.2.3.2.	Íoslódálacha nó Cóipeanna de Shonraí i bhFormáid Leictreonach.....	53
3.2.3.3.	Cruinniú Réamh-Iníúchta – Taifid Leictreonacha.....	53
3.3.	Ábharthacht	53
3.4.	Bac	54
3.5.	Blianta, Tréimhsí agus Saincheisteanna le haghaidh idirghabhála	54
3.6.	Blianta/Tréimhsí nó Saincheisteanna Níos luaithe nó Níos Déanaí.....	54
3.6.1.	Samplaí de chásanna inar dócha go n-osclofar blianta/tréimhsí níos luaithe	55
3.7.	Tásca ar Chion Cánach Ioncaim	55
3.7.1.	Foclaíocht an Rabhaidh	55
3.8.	An tAcht um Chosaint Sonraí	56
4.	Idirghabháil Comhlíontachta Cánach a Chur i gCrích.....	56
4.1.	Críoch na hIdirghabhála Comhlíontachta	56
4.2.	Dliteanais Bhreise a Chinneadh	57
4.3.	Ús	57
4.4.	Formhuirear ar Thuairisceáin a Thíolacadh go Déanach	58
4.4.1.	Formhuirear Ginte i leith Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ)	58
4.4.2.	Formhuirear Dleachta Stampa	59
4.5.	Pionóis	60
4.5.1.	An ‘difríocht’ a ríomh chun críocha pionóis cháinghiaráilte agus dhleachtghiaráilte	60
4.5.2.	Samplaí de Shaincheisteanna Pionóis	61
4.5.3.	Pionóis arna gCinneadh ag Cúirt	62
4.5.4.	Fógra Tuairime maidir le Pionós a Eisiúint	64
4.5.5.	Iarratas ar Chinneadh Pionóis le Cúirt Iomchuí.....	64
4.5.6.	Socrú Pionóis ag Cúirt Iomchuí	64
4.5.7.	Pionós socraithe ag Cúirt Iomchuí a Aisghabháil	64
4.5.7.1.	Pionóis i leith Cáiniocóirí nach Maireann	65
4.6.	Catagóirí Mainneachtana.....	66
4.6.1.	Pionóis i leith Iompar De Bhun Tola	66
4.6.2.	Pionóis mar gheall ar Iompar Míchúramach	67
4.6.3.	Samplaí de chatagóirí d’Iompar Míchúramach	70
4.7.	Pionóis Sheasta	70
4.7.1.	Teip le tuairisceán a thíolacadh	70
4.7.2.	Tuairisceáin Mícheart.....	70
4.7.3.	Cáin Bhreisluacha	71

4.7.4.	Fostóirí ÍMAT	71
4.7.5.	CMÁ.....	73
4.7.6.	Dleacht Stampa	73
4.7.7.	Luachálacha Cánach Gnóthachan Caipitiúil	73
4.7.8.	Luachálacha Cánach Maoine Áitiúla – Pionóis	73
4.8.	Amlíne le haghaidh Idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim a thabhairt chun críche	74
4.9.	Íocaíocht	74
4.9.1.	Dlíteanais a urscaoileadh nuair a bhíonn am breise ag teastáil ón gcáiníocóir chun an tsocraíocht chomhaontaithe a íoc. 74	
4.10.	Éilimh ar Neamhábaltacht Íoca	75
4.11.	Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin – Nósanna Imeachta Achomhairc	77
4.11.1.	Nósanna Imeachta Athbhreithnithe	77
4.11.2.	Nósanna Imeachta Achomharc	77
5.	Foilsíú ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach	78
5.1.	Oibleagáid Foilsitheoireachta	78
5.2.	Eisiaimh ó Fhoilsitheoireacht	79
5.3.	Figiúr Foilseachán	79
6.	Ionchúisimh.....	81
6.1.	Réamhrá.....	81
6.2.	Na cineálacha cionta is dóichí a dtiocfaidh ionchúiseamh orthu.....	81
6.3.	Cionta Inchúisithe Eile	82
6.4.	Bogearraí chun Díolacháin a Shochtadh	82
6.5.	Tuairisceáin, Ráitis nó Cuntais Mhíchearta.....	82
7.	Seachaint Cánach	83
7.1.	Céard is Seachaint Cánach ann?	83
7.1.1.	Gnóthaí cánacha agus dleachtanna a rialtú i gcás gur tharla Seachaint Cánach	83
7.2.	Riail Ghinearálta Frithsheachanta.....	83
7.2.1.	Iarmhairtí idirbheart ar idirbheart um sheachaint cánach é.....	84
7.3.	Forálacha Sonracha Frithsheachanta.....	84
7.4.	Formhuirear um Sheachaint Cánach	85
7.5.	Ús Reachtúil	85
7.6.	Fógra Cosanta	85
7.7.	Nochtadh um Sheachaint Cáilitheach.....	86
7.7.1.	Sainmhíniú an Nochta Seachanta Cáilitheach.....	87
7.7.2.	Catagóirí an Nochta Seachanta Cáilitheach	87
7.7.3.	Na buntáistí a bhaineann le Nochtadh Seachaint Cáilitheach a dhéanamh	88
7.8.	Tosca a chinneann leibhéal an fhormhuirir um chosaint cánach	88
7.9.	Córas Nochtuithe Éigeantacha.....	89
7.10.	Nochtadh arna Thionscnamh ag Cáiníocóir	89
7.11.	Nochtadh Seachanta Cáilitheach agus Féincheartú Gan Phionós	90
7.12.	Coigeartú Teicniúil	90
7.13.	Nochtadh Seachanta Cáilitheach - Gan Fhoilsiú	91
7.14.	Léiriú Amhrais	91
7.15.	Formhuirir Sheachaint Cánach agus Ús	92
8.	ÍMAT	94
8.1.	Cáiníocóirí Íoc Mar A Thuillir (ÍMAT).....	94
8.1.1.	Cé atá ina cháiníocóir ÍMAT?.....	94
8.1.2.	An córas ÍMAT a oibriú.....	94
8.2.	Comhairle Comhlíontachta do Cháiníocóirí ÍMAT	95
8.3.	Ús	97
8.4.	Bearta Breise maidir le hÉilimh Chreidmheas Cánach Mícheart	98
8.4.1.	Pionóis ar dhaoine a thugann cúnamh nó aslú do dhaoine eile	98

1. Réamhrá

Is é misean na gCoimisinéirí Ioncaim freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm. Baineann muid é seo amach trí sheirbhís den scoth a chur ar fáil chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus freagra riosca-dhírithé, éifeachtach agus chomhréireach a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, a léiríonn iompar cáiniócóra.

Tá freagracht ar gach cáiniócóir a gcuid dualgas cánach agus dleachta a chomhlíonadh. Aithníonn muid agus tuigeann muid go n-urscaoileann tromlach na gcáiniócóirí an fhreagracht seo go saorálach agus go dúthrachtach, agus tá sé de chuspóir againn ualach na comhlíontachta cánach a íoslaghdú dóibh siúd. Aithníonn muid, afách, go bhféadfaidh cáiniócóirí botúin a dhéanamh ina ngnóthaí cánach ó am go chéile, agus cuireann muid áiseanna fairsinge ar fáil chun a chur ar chumas na gcáiniócóirí aghaidh a thabhairt ar earráidí go saorálach agus chun aon dliteanais a shlánú gan phionóis ach a laghad is gá. Ní mór dúinn a aithint go ndéanfaidh mionlach iarracht ghníomhach chun a ndlíteanais a imghabháil nó a sheachaint, agus ní foláir dúinn freagairt a thabhairt ar bhealach iomchuí láidir maidir leis na cásanna seo chun sláine ár gcórais cánach a chaomhnú.

Tiocfaidh an Cód Cleachtais sé i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2022 agus leagtar amach ann Creat Idirghabhálacha Comhlíontachta a beartaíodh chun freagairt chomhsheasmhach chéimnithe a thabhairt ar iompar cáiniócóirí, ó dheiseanna forleathana chun botúin a cheartú go saorálach suas go dtí pionóis coiriúla a shaothrú i gcásanna a bhaineann le mór-chalaois nó imghabháil thromchúiseach. Tá na 'leibhéil idirghabhála' éagsúla laistigh den chreat leagtha amach sa Chód seo.

Cuirfidh an creat d'idirghabhálacha seo tuilleadh feabhais ar ár rannpháirtíocht fíor-ama le cáiniócóirí, ag baint úsáid as an léargas a fuarthas ó Nua-Aoisíú ÍMAT chun bainistíocht chomhlíontachta a bhaineann lenár mbonn cásanna deighilte a leathnú, agus lenár gcur chuige traidisiúnta i leith na hiniúcháireachta cánach a bheith mar chuid de *Chreat Idirghabhálacha Comhlíontachta* lena bhforáiltear freagairt chéimnithe i leith riosca.


Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo céard a fhéadfaidh tú, mar cháiniócóir, a bheith ag súil leis ó na Coimisinéirí Ioncaim má dhéanfaidh muid teagmháil leat i ndáil le do chúrsaí cánach agus cén chaoi a seolfaidh muid ár n-idirghabhálacha. Leagtar amach freisin na buntáistí a eascraíonn le haon mhainneachtain a nochtadh a luaithe agus is féidir agus comhoibriú iomlán a dhéanamh le fiosrúchán de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Soláthraítear sa Chód na sonraí maidir le conas agus cathain a fhéadfaidh pionóis a bheith infheidhme i dtaca le catagóirí éagsúla de mhainneachtain agus leagtar amach ann do theidlíocht chun Athbhreithniú nó Achomharc a dhéanamh má tá tú míshásta le seoladh nó toradh Idirghabháil Comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá sé beartaithe leis an gCód cinnteacht agus soléireacht a sholáthar duit maidir leis na deiseanna atá ar fáil le haghaidh do staid chomhlíontachta cánach a athbhreithniú agus aghaidh a thabhairt go saorálach ar aon saincheistanna a shaináithnítear. Ní bheidh ach leibhéal íosta de phionós i gceist do cháiniócóirí a bhainfidh leas as na deiseanna seo agus,

de ghnáth, ní bheidh baol ann go mbeidh siad faoi réir a bhfoilsithe nó go ndlífear iad a ionchúiseamh. Freagóidh na Coimisinéirí Ioncaim go comhleanúnach agus ar bhealach bríomhar iomchuí ar cháiníocóirí nach gcomhlíonann go saorálach nó nach n-athraíonn an t-iompar as a dtiocfaidh neamhchomhlíontacht cánach. I gcás ina saináithnítear imghabháil cánach nó dleachta nó calaois thromchúiseach le linn idirghabhála comhlíontachta ar bith (beag beann ar leibhéal idirghabhála), cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim tús le himscrúdú d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh mar a leagtar amach i gCaibidil 6 den Chód seo.

Achoimre - Cinneann iompar cáiníocóirí na hiarmhairtí

Ardleibhéal Amháin



- * An pionós mar gheall ar mhainneachtain cánach sa chagatóir “Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha”
- ** An pionós mar gheall ar mhainneachtain cánach sa chagatóir “Iompar d’aon turas”

Beidh feidhm ag ús reachtúil i ngach cás.

Beidh feidhm ag pionóis íosta níos airde i gcás nochtuithe leanúnacha agus i gcás iompair “le hiarmhairtí suntasach” i.e. sa chás go bhfuil méid na mainneachtana cánach níos mó ná 15% den dliteanas tosaigh is iníoctha. Féach Caibidil 2 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tá an Cód Cleachtais athbheithnithe seo i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2022 agus tá feidhm aige maidir le gach idirghabháil a dtugtar fógra ina leith tar éis an dáta sin. Tagann sé in ionad an “Chóid Chleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim um Iníúcháireacht agus Idirghabhálacha Comhlíontachta eile 2019” roimhe seo. Leanfaidh an Cód roimhe seo d’fheidhm a bheith aige maidir le hidirghabhálacha ar cuireadh tús leo roimh an 1 Bealtaine 2022.


Beidh feidhm ag an gCód Cleachtais athbheithnithe seo maidir leis na cánacha agus dleachtanna uile (seachas Custaim), agus áirítear gach cineál cánach iarchoimeáda, ús agus pionóis is infheidhme san áireamh.

Cumhdaítear cearta agus oibleagáidí na gcáiníocóirí sa dlí agus ní dhéantar aon athrú nó ní chuirtear srian ar bith orthu leis an gCód Cleachtais seo. Níor cheart an Cód Cleachtais a úsáid chun íocaíocht chánach, úis nó pionós atá dlite go cóir a sheachaint ná a mhoilliú.

Ní thagann idirghabhálacha custam faoin gCreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta. Is amhlaidh sin toisc go ndéanfar foráil do na gníomhaíochtaí seo faoi Chód Custam an Aontais

Eorpaigh agus faoi reachtaíocht an AE seachas faoin reachtaíocht náisiúnta. Féadtar na caighdeáin agus na ceanglais reachtacha agus nós imeachta a fháil ar [shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim](#).

1.1. Creat Idirghabhálacha Comhlíontachta - Forléargas



Léiríonn na leibhéil idirghabhála (Leibhéal 1, Leibhéal 2, Leibhéal 3) sa Chreat Idirghabhálacha Comhlíontachta ár bhfreagairt chéimnithe maidir le riosca agus iompar cáiniócóirí agus cuireann said sásra agus dreasacht ar fáil chun aghaidh a thabhairt go saorálach ar shaincheisteanna a bhaineann le neamhchomhlíontacht cánach. Chun na críche sin, moltar go láidir do cháiniócóirí a ngnóthaí cánacha a athbhreithniú agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sula ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil leo. Tá cáiniócóirí freagrach as a gcuid comhlíontachta féin agus ba chóir dóibh a ndícheall a dhéanamh chun a ngnóthaí cánach a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach.

Faoi chuimsiú Chreat Idirghabhálacha Comhlíontachta, tá gach idirghabháil beartaithe chun an tslí is éifeachtúla ó thaobh ama agus acmhainní de a leanúint, agus lena gcuirtear an costas is lú ar an gcáiniócóir agus ar na Coimisinéirí Ioncaim araon, agus aghaidh á tabhairt ar rioscaí a mheastar ag an am céanna. Tá forbhreathnú ar na cineálacha idirghabhála atá i Leibhéal 1, 2 agus 3 den Chreat Idirghabhálacha Comhlíontachta san áireamh sna codanna seo a leanas den chaibidil seo.

Tabhair faoi deara nach measfar na leibhéil idirghabhálacha seo mar sheicheamh gníomhartha. Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim idirghabháil a thionscnamh ag aon leibhéal

den chreat mar fhreagairt ar riosca a mheastar. D'fhéadfadh é seo a theacht chun cinn gan aon idirghabháil eile roimhe sin ag leibhéal níos ísle i ndáil leis an duine lena mbaineann. I gcúinsí áirithe, áfach, d'fhéadfadh tionscnamh idirghabhála ag leibhéal níos airde a bheith mar thoradh ar rioscaí a shainaithnítear le linn idirghabhála.

1.1.1. Forbhreathú ar Leibhéil an Chreata Comhlíontachta

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3
An Cuspóir	Tacú leis an gComhlíontacht	Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht	Dul i nGleic le Cásanna/Cleachtais Ardriosca
Roghanna Ceartaitheacha	Íocaíocht an dliteanais Féincheartú Tuairisceáin ábhartha a thíolacadh/ leasú	Íocaíocht an dliteanais Tuairisceáin ábhartha a thíolacadh/ leasú	Íocaíocht an dliteanais Tuairisceáin ábhartha a thíolacadh/ leasú
Staid Nochta	Nochtadh Neamhspreagtha ar Fáil	Nochtadh Spreagtha ar Fáil	Gan Nochtadh Cáilitheach
Gníomhaíocht	Féinathbhreithnithe Agallaimh Phróifíle Meabhrúcháin bhulceisithe do neamh-thíolaiceoirí Idirghníomhaithe an Chreata um Chomhlíontacht Chomhoibríoch	Athbhreithniú Riosca Iniúchadh	Imscrúdú

1.2. Tacú leis an gComhlíontacht

Aithníonn na Coimisinéirí loncaim gur mian le formhór na gcáiníocóirí a gcuid dualgas cánach a chomhlíonadh agus an tsuim cheart chánach a íoc ag an am ceart. Éascaíonn comhlíontacht shaorálach trí thacú le cáiníocóirí chun é a dhéanamh i gceart ar an gcéad iarraidh. Infheistíonn na Coimisinéirí loncaim go mór chun go mbeadh sé chomh héasca agus is féidir a bheith comhlíontach trí sheirbhís den scoth a sholáthar dóibh siúd ar mian leo é a dhéanamh i gceart.

Féadfaidh na cáiníocóirí is comhlíontaí earráidí a dhéanamh agus tuairisceáin chánach á dtíolacadh acu agus an tsuim cheart atá dlite á n-íoc acu, áfach. Ar an gcúis sin, cuireann na Coimisinéirí loncaim réimse deiseanna ar fáil do cháiníocóirí chun féinathbhreithniú, féincheartú nó nochtuithe cáilitheacha neamhspreagtha a dhéanamh maidir le hábhar ar bith. Áirítear leis na deiseanna seo go ndéantar íoslaghú a mhéid is féidir ar ús/ar phionóis más infheidhme iad ar chor ar bith.

Tagann gníomhartha a dearadh chun cabhrú le cáiníocóirí a bheith comhlíontach go saorálach faoi réim Leibhéal 1 den Chreat Idirghabhálacha Comhlíontachta agus ní hionann iad agus fiosrúchán chun críocha Alt 1077F¹ den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ciallaíonn sé sin i gcás gur tionscnaíodh idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1, go bhféadfaidh cáiníocóirí aghaidh a thabhairt ar aon ábhair chomhlíontachta trí fhéincheartú nó nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh, de réir mar is cuí. Níor chóir do cháiníocóirí a bheith ag fanacht ar Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 1 sula ndéanfaidh siad athbhreithniú ar a seasamh.

1.2.1. Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1

Is é is aidhm do na hIdirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1 tacaíocht a thabhairt do cháiníocóirí trína ndualgais a chur i gcuimhne dóibh agus an deis a chur ar fáil dóibh chun earráidí a cheartú gan an costas agus an strus a bhaineann le fiosrúchán de chineál níos mine. Tá bonn leathan faoi Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 1 agus ní tharlaíonn sé ach amháin nuair nach bhfuil aon mhionscrúdú nó athbhreithniú déanta ag na Coimisinéirí loncaim cheana féin maidir leis na hábhair atá faoi bhreithniú.

I measc samplaí de sin áirítear (ní liosta uileghabhálach é seo):

- Fógra Meabhrúcháin um Thuairisceáin Chánach Amuigh
- Iarratas chun féin-athbhreithniú a dhéanamh
- Agallamh Próifíle
- Rannpháirtíocht le gnólachtaí faoin gCreat um Chomhlíontacht Chomhoibríoch (CCC)

Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil sna míreanna seo a leanas.

Féadfar go gcomhairleofar idirghabháil leibhéal 1 trí iarratas fíor-ama a chur chuig cáiníocóir

¹ Ba cheart gach tagairtí d'Alt 1077F den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a léamh ionas go bhfolaíonn tagairtí d'Alt 1077E den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, i gcás go ndearnadh an gníomh, neamhghníomh nó an nochtadh roimh 21 Nollaig 2021.

chun athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí le linn tuairisceán a thíolacadh, trí litir a sheoladh chuig grúpa do cháiníocóirí ina n-iarrfar féin-athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheist áirithe nó trí fhógra meáin nó fógra poiblí den tsamhail chéanna ina gcomhairleofar do cháiníocóirí ábhartha athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar imní. Beag beann ar an mbealach cumarsáide a úsáidtear, tá idirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 1 beartaithe chun cáiníocóirí a mheabhrú agus a spreagadh a gcuid oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh.

1.2.2. Cineálacha Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1

Tá roinnt samplaí de chineálacha Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1 leagtha amach thíos.

1.2.2.1. Fógra Meabhrúcháin um Thuairisceáin Chánach Amuigh

Tá freagracht ar cháiníocóirí gach tuairisceán cánach riachtanach a thíolacadh agus gach dliteanas cánach a íoc in am. D'fhéadfadh imthosca teacht chun cinn ó am go ham, áfach, ina mainneoidh cáiníocóirí a bhíonn comhlíontach de ghnáth na dualgais seo a chomhlíonadh in am. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra meabhrúcháin a eisiúint chun an tuairisceán a thíolacadh agus aon dliteanas gaolmhar a íoc. Beidh eagsúlachtaí ag baint leis an bhfoirm chumarsáide a úsáidtear sna cásanna sin agus féadfaidh sé a bheith mar chuid de 'bhulc-éisiúint' níos leithne nó go bhféadfaidh tagairt a dhéanamh dó i bhfeachtais na meán cumarsáide, i bpreasráitis nó ráitis suíomh idirlín. Féadfaidh na hidirghabhálacha seo ardú go hidirghabhálacha *Leibhéal 2 nó Leibhéal 3* níos doimhne nuair a shainaithnítear riosca comhlíonta ina dhiaidh sin (lena n-áirítear neamhchomhdú an tuairisceáin ábhartha).

1.2.2.2. Iarratas chun Féin-Athbhreithniú a Dhéanamh

Mar chuid dár gcur chuige foriomlán i leith na neamhchomhlíontachta, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe spriocdhírithé ar shaincheisteanna sonracha a chinntear a bheith coitianta ar fud ghrúpla áirithe de cháiníocóirí agus lena gceanglaítear ar na cáiníocóirí siúd féin-athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh cheana ina dtuairisceáin chánach. Feidhmeoidh na hiarratais seo faoin *gCreat Idirghabhálacha Comhlíontachta* mar idirghabhálacha *Leibhéal 1* agus, mar sin, tabharfaidh siad deis don cháiníocóir féincheartú nó nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh mar is cuí. Moltar go láidir do cháiníocóirí leas a bhaint as na deiseanna seo chun fein-athbhreithniú a dhéanamh de bhrí go mbeidh aon idirghabháil a dhéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin ag *Leibhéal 2 nó Leibhéal 3* den chreat um idirghabhálacha.

1.2.2.3. Agallaimh Phróifíle


Uaireanta, b'fhéidir gur mhian leis na Coimisinéirí Ioncaim bualadh le cáiníocóir (ar líne nó go pearsanta) chun tuiscint níos fearr a fháil ar nádúr an ghnó agus ar an gcaoi a ndéileáiltear le cúrsaí cánach. Ní dhéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim Agallaimh Próifíle sa chás go bhfuil aon rioscaí sainiúla comhlíonta cánach sainaitheanta acu maidir leis an ggnó. Rangaítear an

cineál fostaíochta seo mar idirghabháil Leibhéal 1 laistigh den Creat Idirghabhálacha Comhlíontachta, rud a thugann deis don cáiníocóir féincheartú nó nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh más cuí. Féadfar idirghabháil Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 níos doimhne a thionscnamh nuair a shainithnítear saincheisteanna comhlíontachta.

1.2.2.4. Rannpháirtíocht le gnólachtaí faoin gCreat um Chomhlíontacht Chomhoibríoch (CCC)

Feidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim an Creat um Chomhlíontacht Chomhoibríoch (CCC) do cháiníocóirí cáilitheacha. Is éard atá i gceist leis an gComhlíontacht Chomhoibríoch ná caidreamh gnó comhaontaithe idir an cáiníocóir agus na Coimisinéirí Ioncaim arb é is aidhm dó an leibhéal is airde comhlíontachta saorálaí a bhaint amach, bunaithe ar mhuinín agus ar chóir dhéileála. Cur chuige saorálach atá sa Chreat um Chomhlíontacht Chomhoibríoch agus lena ngabhann na Coimisinéirí Ioncaim agus an cáiníocóir teacht ar chomhaontú faoi ghníomhartha chun comhlíontacht chánach a áirithiú. Déantar aon ghníomhaíochtaí a sheoladh tríd an gCCC a aicmiú mar idirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 1 faoi chuimsiú an *Chreata um Idirghabhálacha Comhlíontachta*.

1.2.3. Géarú a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcás gur tionscnaíodh idirghabháil



Féadfaidh idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1 saincheisteanna a shainithint a bhfuil bonn leo idirghabháil comhlíontachta ar Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 a thionscnamh. Ina theannta sin, i gcás nach dtabharfaidh an cáiníocóir freagairt ar idirghabháil Leibhéal 1, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim dul ar aghaidh chun an t-ábhar a scrúdú mar chuid d'idirghabháil Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 i gcás go bhfuil leibhéal leordhóthanach riosca i gceist. I gcás go bhfuil idirghabháil Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 beartaithe, gheobhaidh an cáiníocóir fógra iomchuí. Tiocfaidh deireadh leis an deis nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh ar an bhfógra sin a éisiúint.

Tabhair do d'aire: Ní gá go dtiocfaidh idirghabháil Leibhéal 1 roimh idirghabhálacha Leibhéal 2 nó 3. I gcás go sainithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim riosca sonrath i leith cáiníocóra tionscnófar idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2 nó 3 bunaithe ar an leibhéal riosca lena mbaineann.

1.3. Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Tá sé mar aidhm ag idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim díriú ar rioscaí sainaitheanta i leith na neamhchomhlíontachta, agus béim ar leith á leagan ar an imghabháil, ar scéimeanna ionsaitheacha um sheachaint cánach agus ar úsáid neamhbheartaithe reachtaíochta, a chuireann torthaí ó cháin agus cothroime mheabhairbhraite an chórais cánach faoi bhagairt. Is é an tosaíocht atá ag na Coimisinéirí Ioncaim aon cháin nó dleacht neamhíochta, mar aon le hús agus pionóis, a fháil ar ais chomh héifeachtúil agus is féidir agus chun a áirithiú go réiteofar aon iompar neamhchomhlíontach.

Roghnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim cásanna le haghaidh idirghabhálacha comhlíontachta bunaithe ar riosca. D'fhonn sláine an chórais cánach a choiméad agus chun cothroime do cháiníocóirí comhlíontachta a áirithiú, déileálfar leis na cásanna a roghnaítear le haghaidh idirghabháil comhlíontachta ar bhonn mhí-úsáid an chóid chánachais ar bhealach stóinsithe. Déanfaidh muid réimse d'ardanailísíochta agus de phróisis cheistithe shonraí atá ag dul i méid a chur i bhfeidhm ar na sonraí ar fad atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí arna tíolacadh ag tríú páirtithe². I gcás ina sainaitníonn muid rioscaí, téann muid i ngleic leo agus úsáid á bhaint as réimse d'idirghabhálacha comhlíontachta.

Faoi chuimsiú an *Chreata um Idirghabhálacha Comhlíontachta*, baintear úsáid as idirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí comhlíontachta ar bhonn imthosca agus iompar na gcáiníocóirí lena mbaineann.

1.3.1. Cáiníocóirí a Roghnú le haghaidh Idirghabháil Comhlíontachta

Seachas i líon beag cásanna arna roghnú go randamach chun sláine ár gcur chuige riosca a bhailíochtú, roghnaítear cáiníocóirí le haghaidh idirghabhálacha comhlíontachta bunaithe ar tháscairí riosca éagsúla a bheith i gceist.

Go stairiúil, roghnaíodh cásanna trí leas a bhaint as modheolaíochtaí riosca-dhírithe eagsúla:


- REAP (córas um anailís riosca leictreonach na gCoimisinéirí Ioncaim é an REAP)
- Anailísíochtaí Riosca Fíor-Ama – CBL agus ÍMAT.

Cé go leanfar ar aghaidh leis na modhanna roghnúcháin cásanna seo, tá cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le bainistiú comhlíontachta ag athrú chun minicíocht mhéadaitheach an riaracháin cánach fíor-ama a léiriú. De réir mar a bhíonn níos mó sonraí ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim i bhfíor-am, féachfaimid le neamhchomhlíontacht a aithint agus aghaidh a thabhairt air de réir mar a thagann sé chun cinn nuair is cuí. Mar thoradh air seo cuirfead tús le hidirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 1 ar bhealach i bhfad níos tráthúla. Is ionann é sin agus an cur chuige a glacadh le comhlíonadh fíor-ama ÍMAT agus is le déanaí a léirítear é sa chur chuige um bainistiú comhlíontachta a glacadh leis na scéimeanna tacaíochta COVID-19. Sa chás nach dtugann an cineál seo rannpháirtíochta fíor-ama aghaidh go hiomlán ar na rioscaí a aithníodh, déanfar iniúchtaí níos mionsonraithe,

² Tabhair do d'aire: Tá na sonraí ar fad a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim le linn iniúchtaí comhlíontachta faoi réir beartais um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus reachtaíocht um chosaint sonraí. Tá na sonraí faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar ár suíomh idirlín www.revenue.ie

lena n-áirítear athbhreithniú riosca, iniúchadh agus imscrúdú cánach, agus d'fhéadfadh go n-ionchúiseofar iad i gcásanna tromchúiseacha. Leanfar ar aghaidh le roghnú cásanna bunaithe ar riosca agus nuair a aimsítear saincheisteanna stairiúla, cuirfear tús le hidirghabhálacha comhlíontachta cuí.

1.3.2. Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2



Mar a leagtar amach in alt 1.1, áirithítear leis an gCreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta go léiríonn an rogha maidir le hidirghabhálacha an cur chuige is cost-éifeachtaí don cháiníocóir agus do na Coimisinéirí loncaim araon nuair atáthar ag tabhairt aghaidh ar riosca a mheastar/nó iompar cáiníocóirí.

Cuimsíonn idirghabhálacha Leibhéal 2 laistigh den Creat Idirghabhálacha Comhlíontachta athbhreithnithe/seiceálacha riosca-bhunaithe ar shonraí a sholáthraíonn cáiníocóirí ina dtuairisceáin chánach. Beidh raon ag na hathbhreithnithe bunaithe ar riosca/seiceálacha seo ó shaincheist amháin faoi chuimsiú tuairisceáin a scrúdú go dtí iniúchtaí cánach uileghabhálacha.

Eiseofar fógra faoi idirghabháil Leibhéal 2 chuig cáiníocóirí (agus gníomhairí nuair is cuí), i ngach cás. Tar éis an fógra sin a fháil agus roimh thosach feidhme an fhiosrúcháin, beidh deis ag an gcáiníocóir aghaidh a thabhairt ar na hábhair mhainneachtana nó neamhchomhlíontachta trí nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh agus trí chomhar iomlán a dhéanamh leis an idirghabháil.

1.3.3. Cineálacha Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2

Tá na hidirghabhálacha Leibhéal 2 seo a leanas i bhfeidhm faoi chuimsiú an Chreata um Idirghabhálacha Comhlíontachta:

- Athbhreithniú Riosca
- Iniúchadh

Eiseofar “Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 2 na gCoimisinéirí loncaim” i ngach cás.

Díríonn idirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 2 go ginearálta ar bhliain nó ar thréimhse inar sainithníodh riosca ar leith. Féadtar, áfach, idirghabhálacha comhlíontachta ilbhliantúla (nó ar thréimhsí iomadúla) a dhéanamh sa chás go sainithnítear rioscaí ábhartha, a thugtar le fios ón réimse leathan foinsí sonraí atá ar fáil do na Coimisinéirí loncaim, le haghaidh roinnt blianta (nó roinnt tréimhsí). Chomh luath agus a fhógraítear idirghabháil Leibhéal 2, tá an

cáiníocóir i dteideal nochtadh cáilitheach spreagtha' a dhéanamh. Tá tuilleadh eolais maidir leis na hábhair is gá a bheith san áireamh i nochtadh chun é a chaitheamh mar nochtadh cáilitheach ar fáil i gcaibidil 2.8.

Féadfaidh idirghabháil Leibhéal 2 ar bith a bheith deascbhunaithe nó allamuigh bunaithe. Seolfaidh idirghabháil deisce gan cuairt a dhéanamh ar áit ghnó an cháiníocóra. Go ginearálta, bíonn cuairt ar áit ghnó an cháiníocóra i gceist le hidirghabháil allamuigh ach féadfar é a sheoladh trí fhíschomhdháil freisin.

1.3.3.1. Athbhreithniú Riosca

Is éard atá san Athbhreithniú Riosca ná idirghabháil dhírthe chun riosca nó líon beag rioscaí ar thuaisceán a scrúdú.

Mar shampla, féadfaidh an t-athbhreithniú riosca díriú ar ghné áirithe nó saincheist áirithe ar thuaisceán nó ar riosca a shainaithnítear ar REAP (córas Anailís agus Próifiliú um Meastóireacht Riosca na gCoimisinéirí Ioncaim).

1.3.3.2. Iniúchadh Cánach

Is éard atá in 'Iniúchadh Cánach' ná scrúdú ar chomhlíontacht duine leis an reachtaíocht chánach agus dleachta, agus ag féachaint, go háirithe, ar chruinneas tuairisceán, ráiteas, éileamh nó dearbhuithe sonracha. Faoin gCreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta, tionscnófar iniúchadh (seachas Athbhreithniú Riosca Leibhéal 2) i gcás go bhfuil leibhéal níos mó de riosca a mheastar i gceist.

Féadfaidh scrúdú ar na táscairí riosca go léir a bhaineann le cás (ar fud na gcánacha agus na dtréimhsí) a bheith i gceist le hIniúchadh Cánach nó féadfaidh sé díriú ar shaincheist amháin/ar cháin amháin a thagann faoi réim an cháis. Féadfar iniúchadh a leathnú ina dhiaidh sin freisin chun saincheisteanna, cánacha nó blianta/tréimhsí breise a chur san áireamh, ag brath ar na saincheisteanna a aimsítear le linn an scrúdaithe tosaigh agus folóidh sé aon riaráiste cánach atá gan íoc ag an am a bhailiú.

D'fhéadfadh iniúchóir aonair nó foireann d'iniúchóirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim Iniúchadh Cánach a dhéanamh, ag brath ar mhéid nó ar chastacht an cháis.

1.3.4. Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 2

Gheobhaidh cáiníocóir fógra 28 lá d'Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2. I gcás go bhfuil taifead ag na Coimisinéirí Ioncaim de ghníomhaire a dhéanann ionadaíocht thar ceann an cháiníocóra i leith na cánach/na dleachta i dtrácht, seolfar cóip den fhógra chuig an ngníomhaire sin.

Léireoidh an litir fógra go soiléir an cineál idirghabhála comhlíontachta atá le déanamh, i.e. Athbhreithniú nó Iniúchadh Riosca. Leagfar amach scóip na hidirghabhála, agus beidh raon aici ó shaincheist amháin nó cáin amháin le haghaidh tréimhse nó bliaina sonraí go hiniúchadh uileghabhálach le haghaidh blianta/tréimhsí iomadúla.

Dearbhófar leis an litra fógra a eísíodh i leith Athbhreithnithe Riosca go measfar an


idirghabháil a bheith tosaithe 28 lá tar éis dháta na litreach. I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh go mbeifear in ann dáta tosaithe eile a chomhaontú ar choinníoll go bhfuil cúis an iarratais dlisteanach agus réasúnta.

Dearbhófar leis an litra fógra a eísíodh i leith Iniúchta go measfar an idirghabháil a bheith tosaithe 28 lá tar éis dháta na litreach, muna gcomhaontófar a mhalairt. Féach 3.3.3, ina leagtar amach seoladh iniúchta agus lena ndeimhnítear go mbeidh deis ag an gcáiníocóir nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh sula gcuirfear tús leis an iniúchadh.

Amhail agus ó dháta eisiúna na litreach 'Fógra ar Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 2' (is é sin an dáta a léirítear ar an litir) chuig an gcáiníocóir agus chuig an ngníomhaire, níl an deis ann 'nochtadh cáilitheach neamhspreagtha' a dhéanamh a thuilleadh. Féadann an cáiníocóir, áfach, 'nochtadh cáilitheach spreagtha' a dhéanamh sula sula dtosaítear ar an Athbhreithniú Riosca nó ar an Iniúchadh.

Nuair a bheidh an idirghabháil tosaithe nó a mheasfar é a bheith tosaithe, ní bheidh teideal chun leas a bhaint as 'nochtadh cáilitheach spreagtha' ar fáil a thuilleadh.

1.3.5. Sampla de thionchar an ghéaraithe idir idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1 agus Leibhéal 2



Déanann cáiníocóir A nochtadh gan spreagadh de bhun idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1. Ar bhonn na rioscaí arna sainaithint, níl na Coimisinéirí Ioncaim sásta gur nochtadh cáilitheach é an nochtadh agus eiseoidh siad fógra um idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2 (Athbhreithniú Riosca).


Ní dhéanann an cáiníocóir nochtadh spreagtha sula gcuirtear tús leis an Athbhreithniú Riosca agus dá bhrí sin cailleann sé an teideal chun é sin a dhéanamh ón am sin amach.

I gcás go mbunaítear an mhainneachtain ina iomláine, foilseofar an cas má chomhlíonann sé critéir maidir le foilsiú mar a leagtar amach in alt 1086A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Féadfar cáiníocóir A a ionchúiseamh freisin más gá sin mar gheall ar an iompar arna sainaithint le linn na hidirghabhála.

Taispeántar sa sampla seo an tairbhe do cháiníocóirí a bhaineann le nithe a dhéanamh i gceart chomh luath agus is féidir, agus freagairt iomlán a thabhairt ar na deiseanna a chuirtear ar fáil de bharr idirghabhála Leibhéal 1.

Más rud é go ndearna Cáiníocóir A nochtadh cáilitheach, bheadh sé á chosaint ar fhoilsiú agus ar ionchúiseamh araon, agus bheadh leibhéal an phionóis á híoslághdú ag an am céanna freisin.

1.3.6. Sampla d'idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 1 a ghéarú go hidirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2



I gcás tíolaiceoirí féinmheasúnaithe, tá an Tuarisceán Cánach Ioncaim Foirm 11 dlite faoin spriocdháta sínte (le haghaidh tíolaiceoirí ROS) i lár mhí na Samhna.

Go gairid tar éis an dáta tíolactha, déanann na Coimisinéirí Ioncaim idirghabhálacha Leibhéal 1 trí scríobh chuig cohórt cáiníocóirí a fhaigheann cineál áirithe ioncaim agus lena n-iarrtar orthu féinathbhreithniú a dhéanamh ar a dtuarisceáin chun a áirithiú gur cuireadh an déileáil chánach cheart i bhfeidhm agus gur urscaoileadh aon dliteanais ghaolmhara.

Tá Cáiníocóir B sa chohórt seo, níor ríomh sí a dliteanais i gceart agus tá dliteanais bhreise aici a bhfuil níos lú ná 15% den mhéid tosaigh a tíolacadh.

De bhrí go bhfuil an ní laistigh de theorainn ama maidir le féincheartú, féadfaidh Cáiníocóir B an tuarisceán a fhéincheartú gan phionós. Má íocann sí an cháin agus an t-ús breise atá dlite, ní dhéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon ghníomh breise ina leith.

Sa chás seo, áfach, ní thapaíonn Cáiníocóir B an deis chun an staid faoi Leibhéal 1 a cheartú agus déantar an cas a ghéarú chuig Athbhreithniú Riosca Leibhéal 2. Ina theannta sin, mainníonn Cáiníocóir B nochtadh spreagtha a dhéanamh faoi Leibhéal 2 sula dtosaíonn an tAthbhreithniú Riosca. Bheadh pionós 10% mar thoradh air sin i gcás go ndearnadh comhoibriú iomlán i rith na hidirghabhála.

Le linn an Athbhreithnithe Riosca, tógann an cáiníocóir tréimhse shuntasach ama chun freagairt a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis a fhreagairt agus ní théann sí i mbun plé leis an idirghabháil ach ar bhonn píosa ar phíosa amháin. Tugtar an idirghabháil chun críche ar deireadh, agus cainníochtaítear an dliteanas cánach mar aon le hús. Féadtar sonraí na socraíochta a áireamh i Liosta Ráithiúil de Mhainnitheoirí Cánach má chomhlíontar na critéir le haghaidh foilsithe mar leagtar amach in alt 1086A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Féadfar cáiníocóir a ionchúiseamh freisin más gá sin mar gheall ar an riosca arna sainaitheint le linn na hidirghabhála.

Dá mba rud é gur chomhoibrigh an cáiníocóir go hiomlán leis an idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2, laghdófaí an pionós seo go 15%. Ní bhainfeadh foilsíú.

Taispeántar sa sampla seo an tairbhe do cháiníocóirí a bhaineann le nithe a dhéanamh i

gceart chomh luath agus is féidir, agus freagairt iomlán a thabhairt ar na deiseanna a chuirtear ar fáil de bharr idirghabhálacha Leibhéal 1 agus Leibhéal 2.

1.3.7. Sampla ina léirítear géarú agus tionchar neamh-chomhoibriú/chomhoibriú iomlán

Tar éis Tuairisceán Ioncaim agus Féinmheasúnú Foirm 11 a bheith tíolactha, faigheann Cáiníocóir C iarratas ar Fhéin-Athbhreithniú Leibhéal 1 maidir lena hioncam agus lena caiteachas dearbhaithe.

Teipeann ar cháiníocóir C an deis a thapú chun nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh agus mar sin déantar é a ardú go dtí Athbhreithniú Riosca Leibhéal 2. Ina theannta sin, teipeann ar Chainíocóir C nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh sula gcuirtear tús leis an idirghabháil, agus ag an bpointe sin, ní fhéadfaidh sé leanúint de bheith ag baint leasa as aon bhuntáistí a bhaineann le nochtadh cáilitheach a dhéanamh (i.e. Nochtadh cáilitheach neamhspreagtha (Leibhéal 1) nó nochtadh cáilitheach spreagtha (Leibhéal 2)).

Le linn an Athbhreithnithe Riosca, tagann sé chun solais gur mhainnigh Cáiníocóir C a hioncam airigd go léir a dhearbhu. Shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim patrún ar leith maidir le hidirbhearta nach raibh taifeadta sna leabhair. Ina theannta sin, bhí sí ag tabhairt fócaíochta “airgead ar láimh” do dhuine dá foireann ócáideach. Le linn an Athbhreithnithe Riosca, theip an cáiníocóir an fhaisnéis uile a cheanglaítear chun aon dliteanas i leith cánach a chainníochtú go hiomlán a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim. Níor cuireadh aon fhaisnéis ar fáil ach amháin tar éis moille suntasaí agus iarratais á ndéanamh arís agus arís eile ó na Coimisinéirí Ioncaim. Soláthraíodh faisnéis ar bhonn píosa ar phíosa. Tugadh an idirghabháil chun críche ar deireadh thiar, agus rinneadh an dliteanas cánach a chainníochtú.

Measann na Coimisinéirí Ioncaim go dtagann an mhainneachtain faoi réim na catagóire d’iompar d’aon turas. Tá fíorais an cháis ag teacht le hintinn calaóis a dhéanamh. Áirítear an méid seo a leanas i measc na dtáscairí ar iompar d’aon turas:

- × Loiceadh leabhair agus taifid chúí a choinneáil mar a cheanglaítear le dlí,
- × Easnaimh leanúnacha d’idirbhearta ó leabhair agus cuntais, agus
- × Mainneachtain thromchúiseach chun cánacha muiníneacha a oibriú.

De bhrí gur theip ar Cháiníocóir C leas a bhaint as na deiseanna a cuireadh ar fáil chun pionós a mhaolú laistigh de cheachtar de Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 den Chreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta, gearrtar pionós 100% uirthi (mainneachtain d’aon turas). Foilseofar ainm Cháiníocóra C ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach má chomhlíonann sí na critéir maidir le foilsiú mar a leagtar amach in alt 1086A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Dá mba rud é gur chomhoibrigh Cáiníocóir C leis na Coimisinéirí Ioncaim, d’fhéadfadh sí leas a bhaint as pionós laghdaithe 75%.

Dá mba rud é gur bhain Cáiníocóir C leas as na deiseanna a cuireadh ar fáil di faoi chuimsiú Leibhéal 1 (nochtadh cáilitheach neamhspreagtha), d’fhéadfadh sí a neamhchosaint phionóis a laghdú go 10% agus an baol a bhaineann le foilsiú ar Liosta na Mainnitheoirí a sheachaint.

Féach ar Alt 2.17 le haghaidh tuilleadh eolais maidir le cad is comhoibriú iomlán ann. Le

haghaidh mionsonraí maidir leis na catagóirí eagsúla mainneachtana, féach Alt 4.6.

1.4. Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 3

Is é Imscrúdú Cánach an Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 laistigh den Chreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta. Díríonn imscrúdú ar dhul i ngleic le cleachtais ardriosca agus cásanna a léiríonn rioscaí amhrasta calaoise agus imghabhála cánach.

1.4.1. Imscrúdú Cánach

Is éard is ‘Imscrúdú Cánach’ ann ná scrúdú ar ghnóthaí cáiníocóra sa chás go gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim, agus iad tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil, go bhféadfaidh sé gur tharla imghabháil thromchúiseach chánach nó dleachta nó go mb’fhéidir go bhfuil Cion Ioncaim déanta agus go bhféadfaidh ionchúiseamh coiriúil a bheith mar thoradh air sin.

De ghnáth tionscnaítear Imscrúdú Cánach trí chomhairle a chur an gcáiníocóir i scríbhinn go bhfuil a chúrsaí cánach nó a cúrsaí cánach faoi imscrúdú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá cásanna ann, áfach, ina meastar gur Imscrúdú Cánach leanúnach atá ann gan fógra foirmiúil chuig an gcáiníocóir. Leagtar cásanna den chineál sin amach sa reachtaíocht chánach agus dleachta agus áirítear orthu:

- nithe atá ar eolas, nó atá ar tí a bheith ar eolas, ag na Coimisinéirí Ioncaim trína gcuid imscrúduithe féin nó trí imscrúdú déanta ag comhlacht nó gníomhaireacht reachtúil,
- nithe atá faoi raon feidhme fhiosrúcháin atá á dhéanamh go poiblí go hiomlán nó i bpáirt, nó
- nithe lena bhfuil ceangal poiblí ag duine, nó lena mbeidh ceangal acu go luath.

I gcás cáiníocóir a fhaigheann litir faoi ‘Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 - Imscrúdú Cánach’, féadfaidh an cáiníocóir nochtadh a dhéanamh ach ní bheidh sé nó sí in ann tairbhe a bhaint as an méid seo a leanas a thuilleadh:

- an deis le ‘nochtadh cáilitheach’ a dhéanamh i ndáil leis an gceist faoi imscrúdú.
- foilsiú a sheachaint má chomhlíonann an tsocraíocht chríochnaitheach na critéir foilsitheoireachta faoi Alt 1086A den ACC, 1997, agus
- dearbhú a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim nach ndéanfar an cás a atreorú le haghaidh ionchúiseamh coiriúil.

Sa chás, le linn Idirghabháil Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, go dtagann oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim trasna ar eolas nár nocht an cáiníocóir roimhe sin, agus a thugann le fios go bhféadfaidh sé gur tharla imghabháil thromchúiseach chánach nó dleachta, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don cáiníocóir trí litir go ndéanfar ionchúiseamh sibhialta nó coiriúil a bhreithniú. Is faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a bheidh an cinneadh deiridh maidir le haon ionchúiseamh coiriúil.

1.4.2. Gníomhaíochtaí de chuid Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 3

Mar a leagadh amach cheana féin in alt 1.4, tá idirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 3 faoin 'gCreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta' dírithe ar chleachtais ardriosca agus ar chásanna a léiríonn comharthaí de chaolaíocht agus d'inghabháil cánach amhrasta a chomhrac.

Nuair a 'bhraitear' cás mar ardriosca mar gheall ar iompar reatha eiseoidh na Coimisinéirí loncaim '*Fógra faoi Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 - Imscrúdú Cánach*'. Nuair a 'bhraitear' cás i ngeall ar dhrochstair chomhlíontachta roimhe sin, déanfaidh na Coimisinéirí loncaim monatóireacht ghéar ar a ghníomhaíocht agus sa chás go sainiúnaítear rioscaí nua nó atarlú i dtaca le hiompair neamhchomhlíontach roimhe sin, eiseoidh na Coimisinéirí loncaim '*Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 - Imscrúdú Cánach*'. A luaithe a bheidh fógra faighte ag an gcáiníocóir maidir leis an imscrúdú, ní bheidh an deis ann nochtadh cáilitheach a dhéanamh a thuilleadh.

1.4.3. Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 – Imscrúdú Cánach

I ngach cás ina bhfuil fógra á thabhairt i leith Imscrúdú Cánach, áireofar sa litir a eiseofar chuig an gcáiníocóir (agus chuig an ngníomhaire i gcás inarb ábhartha) an fhoclaíocht '*Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 - Imscrúdú Cánach*'.

D'fhéadfaí tús a chur le Imscrúdú Cánach le cuairt gan fógra ar an áitreabh gnó. Sna himthosca sin, tabharfar '*Fógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 - Imscrúdú Cánach*' don cháiníocóir tráth a dhéantar an cuairt.

Leagfar amach sa litir fhógra faoi imscrúdú cánach a eiseoidh na Coimisinéirí loncaim an tréimhse shonrach agus an t-ábhar a bhfuil imscrúdú á dhéanamh air i dtosach agus an gníomh a theastaíonn ón gcáiníocóir bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

Ní chuirfidh an tréimhse shonrach a leagtar amach san fhógra imscrúdaithe srian ar na Coimisinéirí loncaim síneadh a chur le tréimhse an Imscrúdaithe Cánach má thagann tuilleadh faisnéise chun solais.

Amhail ar agus ó dháta eisiúna na litreach faoi "Fhógra um Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 - Imscrúdú Cánach" (is é sin an dáta a léirítear ar an litir) chuig an gcáiníocóir nó chuig an ngníomhaire, nó ar an dáta a chuirtear tús leis an Imscrúdú Cánach sa chás nár eisíodh fógra chuig an gcáiníocóir roimh ré, níl an deis ann nochtadh cáilitheach spreagtha nó neamhspreagtha a dhéanamh a thuilleadh. Féadfaidh cáiníocóir dliteanais chánach nó dleachta nár dearbhaíodh roimhe seo a nochtadh ag am ar bith ach tá déanamh 'nochtadh cáilitheach' eisiata sa reachtaíocht sna cásanna seo.

Féach freisin alt 2.16 den Chód Cleachtais seo, ina leagtar amach go mion cásanna ina ndéanann an reachtaíocht eisiúna ar cháiníocóir ó 'nochtadh cáilitheach' a dhéanamh.

1.5. Freagrachtaí i ndáil le hIdirghabhálacha Comhlíontachta

1.5.1. Oifigigh na gCoimisinéirí loncaim

Leagann an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí in Aguisín 1 na gnéithe bunúsacha amach den tseirbhís a bhfuil cáiníocóirí i dteideal a fháil agus den mhéid a mbíonn na Coimisinéirí loncaim ag súil leis ó cháiníocóirí.

Áirítear i measc chroíluachanna corparáideacha na gCoimisinéirí loncaim **Meas, Gairmiúlacht, agus Ionracas**. Ceanglaítear ar ár n-oifigigh na luachanna seo a chaomhnú i gcónaí agus iad ag déileáil le cáiníocóirí agus a ngníomhairí.

Is é cuspóir idirghabhálacha comhlíontachta ná scrúdú a dhéanamh ar aon riosca sainaitheanta ar bhonn tráthúil agus leis an gcur isteach is lú agus is féidir ar an gcáiníocóir. Déanfar idirghabháil comhlíontachta cáilíochta a phleanáil go maith, a raon feidhme go cuí agus a sheoladh go héifeachtach.

Cuirfidh na Coimisinéirí loncaim aon chúnamh ar fáil a theastaíonn ó cháiníocóirí chun cur ar a gcumas comhoibriú leis an idirghabháil comhlíontachta.

Bainfidh na Coimisinéirí loncaim leas, i gcás inar gá, as na cumhachtaí iomhchuí chun rochtain do thaifid riachtanacha a áirithiú le linn idirghabhálacha comhlíontachta.

1.5.2. Cáiníocóirí

Ceanglaítear le dlí ar cháiníocóirí comhoibriú iomlán a dhéanamh le hidirghabháil comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí loncaim. Féadfar go ndlífear pionóis níos airde ar aon cháiníocóir a mhainneoidh comhoibriú iomlán a dhéanamh le linn idirghabhála.

Is ar an gcáiníocóir amháin atá an fhreagracht tuairisceáin chearta a thíolacadh agus eolas cruinn a chur ar fáil do na Coimisinéirí loncaim. Ní fhéadfar cáiníocóir a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí comhlíontachta a shannadh do chleachtóir cánach. Má thíolactar tuairisceán mícheart nó má thugtar faisnéis mhíchruinn de bharr gníomh de chuid cleachtóra cánach, rachaidh na Coimisinéirí loncaim sa tóir ar an gcáiníocóir chun cáin, ús agus pionóis a fháil de réir mar is cuí.

1.5.3. Cleachtóirí Cánach

Sainaitníonn na Coimisinéirí loncaim an ról tábhachtach atá ag cleachtóirí cánach i gcuidiú le cáiníocóirí le riachtanais tíolactha, léirmhíniú ar an reachtaíocht agus cúinsí eile lena mbaineann, agus le comhlíontacht chánach a éascú.

Tá na Coimisinéirí loncaim ag súil go ngníomhóidh gach cleachtóir cánach a ullmhaíonn tuairisceáin chánach agus a dhéanann ionadaíocht ar cháiníocóirí go macánta agus go gcloíonn siad leis na dlíthe agus na rialacháin ábhartha. I gcásanna eisceachtúla ina raibh cleachtóir cánach rannpháirteach go gníomhach lena chliant nó lena cliant chun cuidiú le himghabháil nó seachaint cánach a dhéanamh, déanfaidh na Coimisinéirí loncaim pionós a lorg faoi Alt 1055 den ACC, 1997 (pionós as cúnamh a thabhairt le tuairisceáin mhíchearta a dhéanamh, srl) agus/nó ionchúiseamh a lorg faoi fhorálacha Alt 1078 (2) den ACC, 1997 (a dhéanann cabhrú, neartú, cuidiú, spreagadh nó mealladh ar dhuine eile chun aon tuairisceán, ráiteas nó cuntais mhíchearta a dhéanamh nó a sheachadadh go feasach nó go toiliúil maidir le haon cháin).

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag súil chomh maith go dtabharfaidh aon chleachtóir cánach a fheidhmíonn thar ceann cáiníocóra, faisnéis agus ábhar atá de réir mar is fearr is eol dó nó di ina léiriú fíor ar ghnóthaí cánach an cháiníocóra.

1.5.4. Atreoruithe faoi alt 851A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Faoi alt 851A den ACC 1997, féadfaidh oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim faisnéis cáiníocóra a nochtadh do chomhlacht gairmiúil má bhíonn sé nó sí sásta nach gcomhlíonann obair gníomhaire caighdeáin an chomhlachta sin. Is faoin gcomhlacht gairmiúil ábhartha a bheidh sé an tarchur a scrúdú agus aon ghníomh a dhéanamh faoina nósanna imeachta féin, nuair is gá. Ní dhéanfar atreorú den sórt sin ach amháin sna cásanna is tromchúisí, m.sh. cásanna de neamhchomhlíonadh suntasach agus/nó arís agus arís eile le caighdeáin ghairmiúla.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar tharchuir na gCoimisinéirí Ioncaim chuig Comhlachtaí Gairmiúla faoi Alt 851A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, a fháil, féach [an Lámhleabhar Cánach agus Dleachta](#) iomchuí.

2. Mainneachtana Cánach a thabhairt chun Rialtacha

Féadfaidh cáiníocóirí a dhéanann athbhreithniú go rialta ar a ngnóthaí cánach leas a bhaint as na buntáistí iomadúla i dtéarmaí bhainistiú a staid comhlíontachta cánach a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de. Mar a leagtar amach in Alt 1.2, cuireann na Coimisinéirí loncain réimse deiseanna ar fáil do cháiníocóirí chun féinathbhreithniú, féincheartú nó nochtuithe cháilitheacha neamhspreagtha a dhéanamh. Tugann na deiseanna seo cúnamh do cháiníocóirí rudaí a dhéanamh i gceart chomh héasca agus is féidir agus ar an gcaoi is cost-éifeachtaí agus is féidir. Ní bheidh ach leibhéal íosta de phionós i gceist do cháiníocóirí a bhainfidh leas as na deiseanna seo agus, de ghnáth, ní bheidh baol ann go mbeidh siad faoi réir a bhfoilsithe nó go ndlífear iad a ionchúiseamh.

2.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar staid comhlíontachta cánach go saorálach

Leagtar amach sa chaibidil seo na bealaí eagsúla atá ag cáiníocóirí chun a staid a thabhairt chun rialtacha.



2.2. Féincheartú gan phionós

Ar aon dul leis an ról atá ag na Coimisinéirí loncain chun tacú le comhlíontacht shaorálach, féadfaidh cáiníocóirí leas a bhaint as féincheartú *gan phionós* ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

1. Cuirfidh an cáiníocóir na Coimisinéirí loncain ar an eolas, laistigh den tréimhse ama is

infheidhme, (i scríbhinn nó trí ROS) maidir leis na coigeartuithe atá á dhéanamh (Tabhair do d'aire: ní hionann tuairisceán leasaithe a thíolacadh ar ROS agus fógra chuig na Coimisinéirí Ioncaim – ceanglaítear fógra i scríbhinn a thabhairt),

2. Cuirfidh an cáinócóir ríomh na cánach cirte, chomh maith leis an ús reachtúil iníoctha, ar fáil, agus
3. Beidh fócaíocht iomlán ag gabháil leis an tíolacadh.

2.2.1. Teorainneacha ama maidir le féincheartú gan phionós

Tuairisceán	Teorainn Ama maidir le féincheartú
Foirm 11/Foirm 11S	12 mhí den dáta tíolactha atá dlite
CC	12 mhí den dáta tíolactha atá dlite
CBL	Roimh an dáta dlite do thuairisceán um Cháin Ioncaim nó CC a thíolacadh don tréimhse inmhuirir ina gcríochnaíonn an tréimhse iomchuí CBL
Tuairisceáin ÍMAT, MSU agus ÁSPC	Roimh an dáta dlite do thuairisceán um Cháin Ioncaim nó CC a thíolacadh don tréimhse inmhuirir ina gcríochnaíonn an tréimhse iomchuí. I gcás nach bhfuil aon oibleagáid tíolactha Cáin Ioncaim/CC ann, ní mór féincheartú a dhéanamh faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na bliana ina raibh an tuairisceán míosúil ÍMAT le tíolaic.
CFC	12 mhí den dáta tíolactha atá dlite
Dleachta Stampa (gan tobhaigh san áireamh)	12 mhí den 'dáta tuairisceán sonraithe '
Tobhaigh Dleachta Stampa	12 mhí den dáta dlite le haghaidh ráiteas don tréimhse i gceist a thíolacadh.
Dleachtanna Máil	12 mhí den dáta dlite le haghaidh

	tuairisceán/barántas a thíolacadh
CMÁ	12 mhí den dáta tíolactha atá dlite
CGC	12 mhí den dáta tíolactha atá dlite

Nuair a bheidh na teorainneacha ama maidir le féincheartú gan phionós caite, féadfaidh an cáiníocóir leas a bhaint as na sochair a bhaineann le nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh (ar choinníoll nár eisíodh fógra maidir le hidirghabháil comhlíonta Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 chuig an gcáiníocóir).

*Féadfaidh seoltóirí CBL démhíosúla, ráithiúla nó leathbhliantúla, atá ag féincheartú ganníocaíocht ghlan de níos lú ná €6,000, méid na cánach a áireamh mar choigeartú ar an gcéad tuairisceán CBL comhfhreagrach eile tar éis an chinn ina ndearnadh an earráid. I gcásanna den sórt sin, níl aon cheanglas fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus ní ghearrtar ús.

2.2.2. Féincheartú gan phionós agus idirghníomhú le gníomhaíocht chomhlíonta eile

Ní bhaineann tairbhe an fhéincheartaithe gan phionós i gceist i gcás ina bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim do cháiníocóir faoi Idirghabháil Comhlíonta Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 don tréimhse áirithe.

Ní bhaineann tairbhí an fhéincheartaithe i gcásanna a bhaineann le mainneachtain de bhun tola.

Ní spreagfaidh féincheartú gan phionós idirghabháil comhlíonta ann féin. Áfach, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim idirghabháil a thionscnamh tar éis féincheartú má aithnítear riosca.

2.2.3. Féincheartú agus Léiriú Amhrais

I gcás go bhfuil “léiriú amhrais” déanta ag cáiníocóir (Féach alt 7.14) agus go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim, ag féachaint do threoirínte foilsithe agus doiciméid tacaíochta, tar éis a dtuairim a chur in iúl don cháiníocóir go bhfuil an t-ábhar saor go leor ó amhras, ní bheidh an cáiníocóir i dteideal féincheartú gan phionós. Féadfaidh an cáiníocóir fós leas a bhaint as na sochair a bhaineann le nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh.

2.3. Earráid Neamhurchóideach a Cheartú

I gcás nach mainneachtain chánach d’aon ghnó agus nach bhfuil sé inchurtha i leith mainneachtain cáiníocóra cúram réasúnach a ghlacadh maidir lena hoibleagáidí cánach a chomhlíonadh, is féidir ceartú a dhéanamh gan phionós. Beidh feidhm ag ús reachtúil.

Déanfar na saincheisteanna seo a leanas a mheas agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil cúram réasúnach glactha ag cáiníocóir a c(h)uid oibleagáidí cánach a chomhlíonadh:

- ✓ Ar choinnigh an cáiníocóir leabhair agus taifid chearta,
- ✓ An taifead comhlíontachta ag cáiníocóir roimhe sin,
- ✓ Ábharthacht* na hearraíde atá á ceartú, agus
- ✓ Minicíocht aon earráide a d'fhéadfaí a mheas, dá dtarlódh sé ina haonar, neamhurchóideach.

*Mar shampla, sa chás gur earráid neamhábhartha atá san earráid atá le ceartú i gcomhthéacs na n-íocaíochtaí foriomlána cánach a rinne an cáiníocóir, nó i gcás cuideachta, grúpa cuideachtaí.

2.4. Coigeartú Teicniúil

Leagann Alt 1077F den ACCán 1997 amach na pionóis as tuairisceáin mhíchearta a dhéanamh d'aon ghnó nó go míchúramach.

Admhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfadh mainneachtain dliteanais cánach nó dleachta teacht chun cinn uaireanta nuair nár ghníomhaigh an cáiníocóir go míchúramach nó le hintinn d'aon ghnó. I gcásanna den sórt sin, níl sé iomchuí go gcuirfí pionós cáinghiarálte i bhfeidhm.

Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh an reachtaíocht curtha i bhfeidhm ag cáiníocóir, de mheon macánta, ar bhonn léirmhíithe difriúil le léirmhíniú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Mar sin féin, beag beann ar an gcúis ba bhun leis an dliteanas, ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim a bheith sásta gur ghlac an cáiníocóir an *cúram cuí* agus nach raibh iompar d'aon ghnó i gceist leis an gceist a bhí á cheartú. Nuair is féidir leis an gcáiníocóir é seo a chruthú chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, ní bheidh pionós i gceist. Beidh feidhm ag ús, áfach, ar feadh tréimhse na gearrócaíochta.

Agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil cúram cuí tugtha ag an gcáiníocóir, áireoidh breithniú na gCoimisinéirí Ioncaim:-

- An bhfuil treoir na gCoimisinéirí Ioncaim ar an gceist foilsithe,
- An bhfuil fasach dlíthiúil foilsithe ar fáil (m.sh. cinntí ón gCoimisiún um Achomhairc Chánach nó ó na Cúirteanna),
- An saineolas atá ar fáil don cháiníocóir i dtéarmaí comhairle dlí, cuntasáíochta agus cánach agus a cuireadh i bhfeidhm ar an seasamh a thóg an cáiníocóir, castacht na ceiste teicniúla agus na reachtaíochta ábhartha
- Méid na n-iarmhairtí cánach – Táthar ag súil go nglacfaidh cáiníocóirí leibhéal cuí cúraim maidir le saincheisteanna casta nuair a bhíonn méideanna suntasacha cánach i gceist.

Ní ghlacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis go bhféadfadh coigeartú teicniúil a bheith mar thoradh ar chúrsaí atá bunaithe go maith i gcásdlí agus i bhfasach.

2.5. Gan Chailteanas Ioncaim

D'fhéadfadh go dteipeann ar cháiníocóir, ar uairibh, an córas cánach a oibriú i gceart, ach ar bhealach nach n-eascródh glanchailteanas ioncaim don státchiste (m.sh. d'fhéadfadh an cháin atá dlite a bheith íoctha i dtréimhse dhifriúil nó ag páirtí eile). Faoi réir na gcoinníollacha thíos, sa chás go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta nár tharla 'aon chailteanas ioncaim', ní fhéachfaimid leis na méideanna cánach atá i gceist a bhailiú.

Féadfaidh dliteanas i leith pionóis a bheith i bhfeidhm fós. Féadtar ús reachtúil a lorg, ach beidh teorainn air sin i leith aon tréimhse a raibh cailteanas sealadach cánach ann.

Féadfar ús reachtúil a lorg, ach beidh sé seo teoranta d'aon tréimhse ina raibh cailteanas sealadach ioncaim.

Ní ghlacfar le héileamh ‘gan cailteanas cánach’ sa chás:

- go bhfuil an mhainneachtain sa chatagóir iompar d’aon turas,
- go bhfuil teip mhór ar an gcáiníocóir an córas cánach a oibriú,
- nár cuireadh éileamh ar ‘gan cailteanas cánach’ isteach i scríbhinn,
- nach gcruthaítear ‘gan cailteanas cánach’ chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim,
- nach bhfuil an pionós ‘gan cailteanas cánach’ comhaontaithe agus íoctha, nó
- nár chomhoibrigh an cáiníocóir in iomlán.

Féadtar glacadh i bpáirt le héileamh, nó é dhiúltú i bpáirt.

I gcás ina n-eascraíonn dliteanas mar gheall ar mhainneachtain an córas cánach a oibriú i gceart (m.sh. mainneachtain cánacha siarchoinneála a chur i bhfeidhm ar chontrapháirithe áirithe), beidh ar an gcáiníocóir a chinntiú go gcuirtear na hathruithe córais/nós imeachta is gá i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlóidh atarlú.

I gcás nach féidir le cáiníocóir a chruthú go cinntitheach gur tharlaíodh gan cailteanas cánach, ba cheart don cháiníocóir a chinntiú go ndéantar an nochtadh cáilitheach cuí.

2.6. Dliteanas pionóis le haghaidh ‘Gan Cailteanas Cánach’

Tá feidhm le dliteanas i leith pionóis i ngach cás ina nglactar le “gan cailteanas cánach” maidir le hiompar míchúramach a nochtar i ‘nochtadh cáilitheach’.


Níl feidhm ag aon pionós i gcásanna ‘earráid neamhchóideach’ nó ‘coigeartú teicniúil’.

Tá feidhm ag na pionóis seo a leanas:

	Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha	Nochtadh Cáilitheach Spreagtha	Gan Nochtadh Cáilitheach
An chéad Nochtadh Cáilitheach sa chatagóir seo	An méid is lú de 3% nó €5,000	An méid is lú de 6% nó €15,000	
An dara Nochtadh Cáilitheach sa chatagóir seo	An méid is lú de 3% nó €20,000	An méid is lú de 6% nó €30,000	
An tríú Nochtadh Cáilitheach sa chatagóir seo	An méid is lú de 3% nó €40,000	An méid is lú de 6% nó €60,000	
Gan Nochtadh Cáilitheach			An méid is lú de 9% nó €100,000

2.7. Socraíochtaí Cánach

Leagtar amach sa léaráid seo a leanas na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar ríomh socraíochta cánach. Sna codanna a leanas den chaibidil seo, leagtar amach míniú ar an gcaoi a mbíonn tionchar dearfach nó diúltach ag gach ceann de na fachtóirí seo ar shocrú cánach.



2.8. Nochtach Cáilitheach

Sainmhíníonn alt 1077F den ACC 1997 nochtadh cáilitheach mar nochtadh faisnéise iomlán i ndáil le, agus sonraí iomlána na n-ábhar go léir, is cúis le dliteanas cánach a dhéantar i scríbhinn, atá sínithe ag an gcáiníocóir nó thar ceann an cháiníocóra agus tá na nithe seo a leanas ag gabháil leis:

- Dearbhú, a mhéid is fearr is eol, faisnéis agus creidiúint don duine sin, go bhfuil gach ní sa nochtadh ceart agus iomlán, agus
- Íocaíocht de cháin nó dleacht agus ús ar íocaíocht dheireanach den cháin nó dleacht sin.

Ina theannta sin, cinneann catagóir na mainneachtana raon feidhme na ndliteanas nach mór a áireamh sa nochtadh chun go measfar é a bheith cáilitheach.

Catagóir na Mainneachtana	Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha	Nochtadh Cáilitheach Spreagtha
Iompar d'aon ghnó	Gach dliteanas cánach, dleachta agus úis, i leith na gcánacha agus na dtréimhsí uile, nuair nach bhfuil sé nochtta roimhe seo	Gach dliteanas cánach, dleachta agus úis, i leith na gcánacha agus na dtréimhsí uile, nuair nach bhfuil sé nochtta roimhe seo
Iompar Míchúramach	Gach dliteanas cánach, dleachta agus úis i leith na cánach ábhartha agus na tréimhsí atá mar ábhar don nochtadh	Gach dliteanas cánach, dleachta agus úis i leith na cánach ábhartha agus na tréimhsí atá laistigh de raon feidhme na hidirghabhála comhlíonta

Deimhníonn Alt 1077F den ACC 1997 go bhfuil nochtuithe cáilitheacha sa chatagóir d'iompar míchúramach sainiúil don Acht Cánach. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh gné cháilitheach agus gné neamhcháilitheach araon a bheith i nochtadh a chlúdaíonn ilcheanteidil chánach. I gcás go bhfuil cuid de nochtadh foriomlán neamhcháilitheach, is gá a bhreithniú cibé an bhfuil an nochtadh neamhcháilitheach infhoilsithe faoi fhorálacha alt 1086A ACC 1997. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Mainnitheoirí Cánach a Fhoilsiú, féach ar an ábhar ábhartha i [Tax and Duty Manual \(TDM\)](#) atá ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

2.8.1. Ríomh na bPionós

Ach an nochtadh cáilitheach a fháil, comhaontóidh na Coimisinéirí Ioncaim méid an phionóis leis an gcáiníocóir.

2.8.2. Íocaíocht an dliteanais

Ní bhreithneofar nochtadh gan dliteanas íoctha (m.sh. cáin, dleacht agus ús) mar nochtadh cáilitheach chun críocha méid foilsithe, ionchúisimh nó pionóis. Mar sin féin, i gcás ina ndéanann an cáiníocóir socrú tráthíocaíochtaí comhaontaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim don dliteanas, measfar an critéar seo a bheith comhlíonta.

Sa chás go mainníonn cáiníocóir ar shocrú tráthíocaíochtaí, agus go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim nach raibh an rún chun íoc, i ndáiríre, fíor, ní fhéachfar ar an nochtadh mar nochtadh cáilitheach a thuilleadh. Mar thoradh air sin, déanfar athbhreithniú ar leibhéal an phionóis, féadfar é a fhoilsiú agus féadfar ionchúiseamh a thionscnamh, más cuí.

2.8.3. Dliteanas nach bhfuil laistigh de scóip tosaigh Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim

Le linn Idirghabhálacha Leibhéal 2 féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a chinneadh go bhfuil sé riachtanach scóip na hidirghabhálacha a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí breise a aithníodh. Sna cúinsí seo cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim an cáiníocóir, agus an gníomhaire nuair is cuí, ar an eolas go foirmiúil faoi na tréimhsí breise/ceannteidil cánach atá faoi athbhreithniú. Sula n-eisítear fógra den sórt sin, féadfaidh an cáiníocóir nochtadh cáilitheach neamhspreagtha fós a dhéanamh maidir le tréimhsí/cinnteidil cánach lasmuigh den scóip bhunaidh.

Mar an gcéanna le gach nochtadh, ní mór aon dliteanas a íoc chun go measfar an nochtadh a bheith cáilitheach.

2.8.4. Gan Foilsiú

I gcás ina ndéanann cáiníocóir mainneachtain a rialáil trí nochtadh cáilitheach, ní bheidh sonraí faoin gcáiníocóir agus an mhainneachtain san áireamh i bhfoilseachán ráithiúil na mainnitheoirí cánach (Féach Caibidil 5 le haghaidh tuilleadh eolais).

2.8.5. Ionchúisimh

Ní chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim tús le himscrúdú d'fhonn ionchúiseamh maidir le mainneachtain i gcás ina ndearnadh nochtadh cáilitheach.

2.8.6. Grúpchuideachtaí

D'fhéadfadh go mbeadh gá le hidirghabháil i leith cuideachtaí eile laistigh de ghrúpa má dhéantar idirghabháil i máthairchuideachta nó i bhfochuideachta. Sula n-eiseofar fógraí idirghabhála dóibh seo, féadfaidh aon ghrúpchuideachta nach bhfuil áirithe faoi raon feidhme na hidirghabhálacha bunaidh nochtadh cáilitheach neamhspreagtha fós a dhéanamh.

2.9. Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha

Ciallaíonn 'nochtadh cáilitheach neamhspreagtha' nochtadh cáilitheach lena bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta go bhfuil sé tugtha go saorálach dóibh:

- sula n-eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim aon fhógra go bhfuil sé beartaithe tús a chur le haon idirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 maidir le haon ábhar atá san áireamh sa nochtadh.

2.9.1. Tréimhse chun Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha a ullmhú

D'fhéadfadh sé gur mhian le cáiníocóir tréimhse ama chomhaontaithe a fháil chun nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a ullmhú agus a dhéanamh. Ní mór an fógra go bhfuil sé ar intinn nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh a thabhairt i scríbhinn do na Coimisinéirí Ioncaim sula dtabharfar fógra faoi idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2

nó Leibhéal 3.

Féadfar uastréimhse 60 lá féilire a iarraidh. Ligeann an tréimhse 60 lá don cáiníocóir nó dá ngníomhaire teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim chun aon ábhair a thagann chun cinn a phlé.

2.10. Nochtadh Cáilitheach Spreagtha

Ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ nochtadh cáilitheach a rinneadh do na Coimisinéirí loncaim sa tréimhse idir:

1. an dáta a gcuireann na Coimisinéirí loncaim in iúl don duine go gcuirfead tús le hidirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2, agus
2. tús a cuireadh leis an idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2 sin.

Leagann Cuid 1.3.4 amach na tréimhsí fógra a cuireadh ar fáil maidir le hidirghabhálacha comhlíonta Leibhéal 2. Gheobhaidh an cáiníocóir agus an gníomhaire cánach atá ar taifead, más ann dó, fógra 28 lá faoi Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 2.

Dearbhófar leis an litra fógra a eísíodh i leith **Athbhreithnithe Riosca** go measfar an idirghabháil a bheith tosaithe 28 lá tar éis dháta na litreach.

Dearbhófar leis an litra fógra a eísíodh i leith **Iniúchta** go measfar an idirghabháil a bheith tosaithe 28 lá tar éis dháta na litreach, muna gcomhaontófar a mhalairt.

Amhail ar agus ó dháta eisiúna “Fógra um Iniúchadh Cánach” (is é sin an dáta a léirítear ar an litir) chuig an gcáiníocóir agus chuig an ngníomhaire, níl an deis ann ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ a dhéanamh a thuilleadh. Féadann an cáiníocóir, áfach, ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ a dhéanamh sula gcuirtear tús le scrúdú ar na leabhair agus na taifid. Nuair a chuirtear tús leis an idirghabháil níl an teidlíocht chun leas a bhaint as ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ ar fáil a thuilleadh.

2.10.1. Tréimhse chun Nochtadh Cáilitheach Spreagtha a ullmhú

B’fhéidir gur mhian le cáiníocóir tréimhse ama chomhaontaithe a fháil chun nochtadh cáilitheach spreagtha a ullmhú agus a dhéanamh. Ní mór an fógra go bhfuil sé ar intinn nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh a thabhairt i scríbhinn do na Coimisinéirí loncaim laistigh de 21 lá ó eisiúint an fhógra faoi idirghabháil comhlíonta Leibhéal 2.

Féadfar uastréimhse 60 lá féilire a iarraidh i gcás ina ndéanfar nochtadh spreagtha. Tosaíonn an tréimhse 60 lá ón lá a tugadh an fógra go raibh sé beartaithe nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh. Deimhneoidh na Coimisinéirí loncaim go bhfuil an tréimhse 60 lá imithe in éag i scríbhinn. Ligeann an tréimhse 60 lá don cáiníocóir nó dá ngníomhaire teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim chun aon ábhair a thagann chun cinn a phlé.

2.11. An Chéad, an Dara, an Tríú Nochtadh agus Nochtaí ina dhiaidh sin

Tá dliteanas i leith pionóis bunaithe ar an gcatagóir iompair (m.sh. míchúramach, d'aon ghnó) ba chúis leis an mainneachtain agus ar líon na 'nochtadh cáilitheach' a rinne an cáiníocóir roimhe seo i.e. tá cáiníocóirí a dhéanann nochtadh arís agus arís eile faoi réir leibhéil pionóis níos airde. Ní mór nochtuithe cáilitheacha a rinneadh roimh an leagan seo den Chód a chomhiomlánú.

Breathnófar ar nochtadh cáilitheach mainneachtainí cánach, a tharlaíonn tar éis athrú substaintiúil ar úinéireacht cuideachta, mar an chéad nochtadh cáilitheach.

2.12. Nochtaí Cáilitheacha – Rial 5 bliana

Más rud é nach ndéanann cáiníocóir aon nochtuithe cáilitheacha breise laistigh de 5 bliana de nochtadh roimhe sin, déileáiltear le haon nochtuithe cáilitheach amach anseo mar an gcéad nochtadh cáilitheach.

Tá sé tábhachtach an sainmhíniú ar nochtadh cáilitheach a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil feidhm ag an rial 5 bliana. Mar atá leagtha amach in 2.8 thuas, braitheann raon feidhme an nochta ar an gcatagóir iompair is cúis leis an mainneachtain. Mar shampla, ní bhreathnófar ar nochtadh cáilitheach mar an dara nochtadh cáilitheach, nó ina dhiaidh sin, nuair a rinneadh nochtadh cáilitheach roimhe sin maidir leis an gceanteideal cánach sonrath sin laistigh den tréimhse 5 bliana ábhartha.

Mar shampla, má rinneadh nochtadh cáilitheach roimhe seo maidir le CBL amháin agus má bhaineann an nochtadh cáilitheach reatha le Cáin Chorparáide, breathnaítear ar an nochtadh cáilitheach reatha mar an chéad nochtadh cáilitheach.

Ní chuirtear nochtuithe cáilitheacha sa chatagóir iompar míchúramach **gan** iarmhairtí suntasacha sa áireamh nuair atá líon na nochtuithe cáilitheacha déanta ag an gcáiníocóir á ríomh. Tá an chatagóir seo beartaithe le foráil a dhéanamh do mhainneachtainí cánach ar mhion-mhainneachtainí iad.

2.13. Nochtuithe Cáilitheacha agus Pionóis

Braitheann dliteanas pionóis ar nádúr an noichta atá á dhéanamh, cibé acu ar chomhoibrigh nó nár chomhoibrigh an cáiniócóir go hiomlán, agus ar an gcatagóir iompair ba chúis leis an mainneachtain.

Forálann alt 1077F den ACC 1997 do phionóis cáinghiarálte mar a leanas:

Nochtuithe	Catagóir Iompair	Pionós % Gan comhar go hiomlán a fháil ón gcáiniócóir	Pionós % Nochtadh Cáilitheach Spreagtha agus comhoibriú iomlán	Pionós % Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha agus comhoibriú iomlán
Gach nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo	Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha	20%	10%	3%
An chéad nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	20%	5%
	Iompar d'aon ghnó	100%	50%	10%
An dara nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	30%	20%
	Iompar d'aon ghnó	100%	75%	55%
An tríú nochtadh cáilitheach nó nochtuithe dá éis sin sna catagóirí	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	40% (gan laghdú)	40% (gan laghdú)

seo	lompar d'aon ghnó	100%	100% (gan laghdú)	100% (gan laghdú)
-----	-------------------	------	-------------------	-------------------

* Féach cuid 4.6 agus 2.17 le haghaidh míniú ar an gcatagóir nó ar an iompar agus comhar iomlán faoi seach.

2.13.1. Sampla a thaispeánann pionós is infheidhme bunaithe ar sheasamh an nocht

Gearríoacaíocht cánach - €100,000

Catagóir na Mainneachtana - Iompar d'aon turas

	Pionós - Nochtadh Cáilitheach Neamhpreagtha agus Comhoibriú Iomlán	Pionós - Nochtadh Cáilitheach Spreagtha agus Comhoibriú Iomlán	Pionós - Gan Comhoibriú Iomlán
An chéad nochtadh cáilitheach	€10,000	€50,000	€100,000
An dara nochtadh cáilitheach	€55,000	€75,000	€100,000
An tríú nó nochtadh ina dhiaidh	€100,000	€100,000	€100,000

Tabhair do d'aire: Ní léiríonn an sampla seo ach méideanna pionóis. D'fhéadfadh ús reachtúil a bheith iníoctha freisin.

2.14. Gan Nochtach Cáilitheach – Pionós

Forálann alt 1077F den ACC 1997 do shainmhíniú ar nochtadh cáilitheach. I gcás nach gcomhlíonann cáiníocóir na forálacha atá leagtha amach, meastar nach bhfuil an nochtadh cáilitheach. I gcásanna den sórt sin, tá leibhéal pionóis níos airde i gceist agus tá achoimre air thíos:

Catagóir Iompair	Pionós %	Pionós% - Comhoibriú Iomlán
Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha	20%	15%
Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	30%
Iompar d'aon ghnó	100%	75%

2.15. Nochtadh Cáilitheach a Scrúdú

Scrúdaíonn na Coimisinéirí Ioncaim rogha de nochtuithe neamhspreagtha le haghaidh cruinnis agus iomláine. I gcás scrúdú den chineál sin, ní mór don cháiníocóir comhoibriú go hiomlán. Féach 2.17 le haghaidh card is comhoibriú iomlán ann.

Sa chás nach bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag iarraidh nochtadh neamhspreagtha a scrúdú, cuirfear in iúl don cháiníocóir go nglacann na Coimisinéirí Ioncaim leis an nochtadh mar nochtadh cáilitheach agus nach bhfuil sé beartaithe acu aon fhiosrúcháin bhreise a dhéanamh.

Scrúdaíonn na Coimisinéirí Ioncaim **gach** nochtadh spreagtha chun na sonraí a nochtadh a fhíorú agus lena chinntiú go bhfuil an nochtadh iomlán. Ní mór don cháiníocóir comhoibriú go hiomlán i rith an scrúdaithe seo.

Má aimsítear neamhréitigh i nochtuithe spreagtha nó neamhspreagtha mar thoradh ar scrúdú ag na Coimisinéirí Ioncaim, ní chuirfidh na neamhréitigh seo an nochtadh cáilitheach seo cosc ar nochtadh ó cháiliú ar choinníoll nach bhfuil na neamhréitigh suntasach agus nach ndéantar iad d'aon ghnó.

2.16. Eisiaimh – Nochtadh nach meastar a bheith Cáilitheach


Cuireann an reachtaíocht cosc ar nochtadh mar 'nochtadh cáilitheach' sna cúinsí seo a leanas:

- Sa chás gur cuireadh tús le hImscrúdú Canach nó sa chás go bhfuil feidhm ag aon cheann de na cúinsí seo a leanas:
 - a) Más rud é, sula ndéantar an nochtadh, gur thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim imscrúdú ar aon ní sa nochtadh sin agus go ndearnadh teagmháil leis an gcáiníocóir, nó a ngníomhaire, i ndáil leis seo,
 - b) Más nithe mar seo a leanas atá sa nochtadh –
 - (i) nithe atá ar eolas, nó atá ar tí a bheith ar eolas, ag na Coimisinéirí Ioncaim trína gcuid imscrúduithe féin nó trí imscrúdú déanta ag comhlacht nó gníomhaireacht reachtúil
 - (ii) nithe atá laistigh den scóip d'fhiosrúchán atá á dhéanamh go poiblí go hiomlán nó i bpáirt, nó
 - (iii) nithe lena bhfuil nasc ag an duine a rinne an nochtadh, nó lena mbeidh nasc, go poiblí.

Ar deireadh, ní 'nochtadh cáilitheach' é nochtadh más rud é:

- × Tá an nochtadh 'neamhiomlán'; nó
- × Ní dhéantar an nochtadh i scríbhinn.

2.17. Comhoibriú Iomlán



I gcás ina gcomhoibríonn cáiníocóir go hiomlán le hidirghabháil comhlíontachta, laghdaítear costais na hidirghabhálacha do na Coimisinéirí Ioncaim agus don cháiníocóir araon. Mar atá leagtha amach in 2.13 agus 2.14, is féidir le comhoibriú cáiníocóirí tionchar suntasach a bheith aige ar leibhéal deiridh an pionóis atá dlite mar chuid de shocrú.

Chun leas a bhaint as pionóis laghdaithe, ní mór do cháiníocóir (agus a ngníomhaire) a bheith

tar éis comhoibriú go hiomlán le linn na hidirghabhálacha. I gcás nár chomhoibrigh an cáiníocóir go hiomlán, níl aon scóip ann chun pionóis a mhaolú ar an mbonn sin. Níl sé leordhóthanach do cháiníocóir comhoibriú go páirteach leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Oibreoidh na Coimisinéirí Ioncaim le cáiníocóirí le cur ar a gcumas comhoibriú go hiomlán le haon idirghabháil comhlíontachta, lena n-áirítear am réasúnta a cheadú dóibh freagra iomlán a thabhairt ar chomhfhreagras agus trí fhreagraí tráthúla a sholáthar ar a gcuid fiosrúchán nó tíolacthaí.

Le linn idirghabhála a sheoladh, i gcás ina gcasann na Coimisinéirí Ioncaim le heaspa comhoibríthe, tabharfaidh an t-oifigeach atá ag seoladh na hidirghabhála fógra amháin i scríbhinn don cháiníocóir, agus don ghníomhaire más ábhartha, nach comhoibriú iomlán é an iompar atá i gceist. Má chomhoibríonn an cáiníocóir go hiomlán le gach gné den idirghabháil tar éis an fhógra sin, féadfar maolú ar bhonn an chomhair a bhreithniú go fóill. Beidh maolú ag an gcéim seo ag brath ar iompar an cháiníocóra a athrú agus leanúint de chomhoibriú iomlán a dhéanamh ar feadh na coda eile den idirghabháil.

Dearbhaíodh an tábhacht a bhaineann le comhoibriú **iomlán** seachas comhoibriú páirteach sa bhreithiúnas a thug an Breitheamh Pilkington i gCás Ard-Chúirte 2018, *O'Brien v O'Brien*.

Leagtar amach sa tábla ar an leathanach seo a leanas na tosca a léiríonn comhoibriú iomlán.

Comhoibriú Iomlán	Easpa Comhoibriú
✓ Na leabhair, taifid agus doiciméid nascacha, is cuma cén chaoi a gcoimeádtar iad, a bheith ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim ag tús an Idirghabhálacha	✗ Diúltú do rochtain réasúnta ar an áitreabh gnó
✓ An pearsanra iomchuí a bheith ar fáil ag tráth an Idirghabhálacha	✗ Diúltú do rochtain réasúnta ar na taifid ghnó, lena n-áirítear doiciméid nascacha
✓ Freagra pras a thabhairt ar gach iarratas ar fhaisnéis agus ar mhínithe	✗ Mainneachtain faisnéis atá ar eolas ag an gcáiníocóir a chur ar fáil a d'úsáidfí chun a chinneadh an dtagann gearríocaíocht chun cinn
✓ Freagra pras a thabhairt ar gach comhfhreagras	✗ Moilleanna ar an gcáiníocóir i rith na hidirghabhálacha sa chás nach bhfuil leithscéal réasúnta ann as na moilleanna sin
✓ An dliteanas socraíochta idirghabhálacha a íoc go pras*	

*Áirítear le híocaíocht phras íocaíocht trí Shocrú Tráthíocaíochtaí comhaontaithe.

2.18. Riaráistí Cánacha agus Dleachtanna Dearbhaithe

Éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim go n-íofar gach cáin nó dleacht neamhíochta atá ar taifead in éineacht le híocaíocht na socraíochta, nuair atá dlite. Téann na Coimisinéirí Ioncaim sa tóir freisin ar gach tuairisceán cánach amuigh mar aon le híocaíocht (lena n-áirítear trí PPA) dliteanais agus pionóis ghaolmhara.


3. Athbhreithniú Riosca agus An tIníúchadh Cánach

Tá idirghabháil comhlíontachta Leibhéal 2 oiriúnach sa chás go bhfuil riosca féideartha cánach nó dleachta sainaitheanta ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith cáiníocóra.

Ag aithint go bhfuil leibhéil éagsúla riosca ann i dtéarmaí castachta nó ábharthachta, tá dhá chineál idirghabhála ar leith ag Leibhéal 2 (Athbhreithniú Riosca agus Iníúchadh Cánach).

Tá sé mar aidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim rioscaí a scrúdú agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach atá chomh éifeachtúil agus chomh héifeachtach agus is féidir. Tá sé seo tábhachtach chun an costas don cháiníocóir a íoslaghdú agus chun úsáid éifeachtach acmhainní teoranta na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú. Chun é seo a bhaint amach, bainimid úsáid as an idirghabháil Athbhreithnithe Riosca i gcásanna nach bhfuil údar maith le ham agus costais iniúchta.

Tar éis fógra a thabhairt faoi Idirghabháil Leibhéal 2 (Athbhreithniú Riosca nó Iníúchadh) beidh deis ag cáiníocóir nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh, nuair is cuí. Féadfaidh Athbhreithniú nó Iníúchadh Riosca a bheith bunaithe ar dheasc/comhfhreagras nó allamuigh. **Tabhair do d'aire: Ba cheart gach tagairt d'idirghabhálacha allamuigh a léamh mar thagairtí lena n-áirítear idirghabhálacha a dhéantar ag baint úsáide as uirlisí físchomhdhála ar nós Skype nó Microsoft Teams.**



3.1. Athbhreithniú Riosca

3.1.1. Láthair Athbhreithnithe Riosca

Is idirghabháil dhírithé é Athbhreithniú Riosca chun riosca nó líon beag rioscaí a scrúdú. Mar shampla, d'fhéadfadh go ndíreodh an t-athbhreithniú riosca ar riosca ar leith ar thuairisceán nó ar riosca a aithníodh i gcóras RMAP (Riosca, Meastóireacht, Anailís agus Próifiliú) na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ar an mbonn seo, tá sé an-dócha go mbeidh an chuid is mó de na hAthbhreithnithe Riosca lonnaithe ar dheasc. Uaireanta, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh gá cuairt a thabhairt ar áitreabh an cháinócóra nó cruinniú a thionól trí fhíschomhdháil.

Nuair is gá cuairt a thabhairt ar áitreabh cáinócóra mar chuid d'Athbhreithniú Riosca, táthar ag súil go mbeidh an cáinócóir i láthair. Féadfaidh cáinócóirí cuireadh a thabhairt dá ngníomhaire teacht i láthair freisin. Ní dhéanfar cuairteanna a sceidealú ach amháin nuair is gá chun an t-athbhreithniú riosca a thabhairt chun críche go héifeachtach. Tá feidhm ag na nósanna imeachta ginearálta maidir le cuairteanna ar láithreáin (mar a bhaineann le hiniúchtaí agus a leagtar amach i 3.2.1 thíos) i gcásanna den sórt sin.

3.1.2. Iompar Athbhreithnithe Riosca

Is trí chomhfhreagras a dhéanfar formhór na n-athbhreithnithe riosca. Eiseofar litir don cháinócóir ag dearbhú go bhfuil siad roghnaithe le haghaidh Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 2 na gCoimisinéirí Ioncaim - Athbhreithniú Riosca, a thosóidh 28 lá tar éis dháta an fhógra. Tá an fógra den chineál céanna leis an litir Iniúchta agus leagfaidh sé amach scóip (ceanteideal cánach) agus tréimhse an athbhreithnithe. Toisc go bhfuil an tAthbhreithniú Riosca níos cúinge ó thaobh scála ná iniúchadh, deimhneoidh an fógra fócas an athbhreithnithe. Deimhneofar sa litir an fhaisnéis atá á hiarraidh trí fhilleadh laistigh de 28 lá.

Mar shampla, féadfaidh an tAthbhreithniú Riosca an scóip a shonrú mar Cháin Ioncaim (CI) don tréimhse 2020 agus go ndíreofar ar Chás V Ioncam Cíosa.

Deimhneoidh an litir gur fiosrúchán é chun críocha alt 1077F den ACC 1997 agus díreoidh sí an cáinócóir chuig Caibidil 2 den Chód Cleachtais maidir le Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim más mian leo nochtadh cáilitheach a dhéanamh. Leagann Caibidil 2.8 den Chód seo amach na sonraí maidir le conas a leithéid de nochtadh a dhéanamh.

Cé go bhfuil suas le 28 lá ag an gcáinócóir chun freagra a thabhairt ar an Athbhreithniú Riosca, i gcás go soláthraíonn cáinócóirí an t-ábhar iarrtha roimh dheireadh na tréimhse 28 lá, cabhróidh sé seo le críochnú pras an fhiosrúcháin.

Sa chás go bhfuil gearríocaíocht cánach agus/nó dleachta i gceist, féadfaidh an cáinócóir Nochtadh Cáilitheach spreagtha a dhéanamh laistigh de 28 lá ón bhfógra. I gcás ina bhfuil gá le breis ama chun an nochtadh a ullmhú, féadfaidh siad am breise (60 lá) a lorg chun é a ullmhú. Sa sampla thuas, ag glacadh leis go bhfuil mainneachtain sa chatagóir "iompar míchúramach", beidh ar an nochtadh cáilitheach spreagtha méideanna na ndliteanas cánach

agus úis ar fad maidir le CI do 2020 a lua. Leagann Caibidil 2.8 amach, go mion, na ceanglais maidir le nochtadh cáilitheach spreagtha, ag féachaint don chatagóir mainneachtana.

Sa chás nach dtugann an cáiníocóir freagra ar an bhfógra Athbhreithnithe Riosca laistigh de 28 lá, meastar go bhfuil tús curtha leis an bhfiosrúchán agus dúnadh an deis chun nochtadh cáilitheach a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go mbeadh cáiníocóirí agus a ngníomhairí ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis an spriocdháta 28 lá. Déanfaidh na Coimisinéirí loncaim gach iarracht teagmháil a dhéanamh le cáiníocóirí agus lena ngníomhairí chun an tús atá le teacht a mheabhrú dóibh.

I gcás neamh-rannpháirtíochta, tá cúpla rogha ar fáil do na Coimisinéirí loncaim. Mar shampla:

1. Féadfaidh na Coimisinéirí loncaim teagmháil a dhéanamh leis an gcáiníocóir chun cuairt a thabhairt ar an áitreabh a shocrú chun na hábhair a leagtar amach sa litir fhógra a phlé. Breathnaítear ar aon chuairt den sórt sin mar chuid den idirghabháil atá tosaithe. Ní gá a thuilleadh fógra a thabhairt, ach féachfaidh na Coimisinéirí loncaim le dáta na cuairte a chomhaontú leis an gcáiníocóir. Féadfaidh an cáiníocóir, más mian leo, socrú a dhéanamh go bhfreastalóidh a ghníomhaire ar aon chruinniú den sórt sin. Nuair is gá cuairt a thabhairt ar an láthair, déanfar é ag príomháit ghnó an cháiníocóra agus beidh feidhm ag na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos in 3.2.1 (ag déileáil le hIníúchtaí).
2. Sa chás go bhfuil na cúrsaí inchainníochtaithe gan gá le cuairt ar an láthair, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim teacht ar an tuairim go bhfuil méid cánach nó dleachta dlite agus fógra measúnaithe a eisiúint. I ngach cás den sórt sin, rachaidh na Coimisinéirí loncaim i dteagmháil leis an gcáiníocóir ag leagan amach an bonn measúnaithe sula n-eiseofar an fógra measúnaithe.

3.1.3. Ardú chuig Iniúchadh tar éis tús a chur le hAthbhreithniú Riosca

Sa chás nach ndéanann cáiníocóir nochtadh cáilitheach spreagtha, agus go bhfuil tús curtha leis an Athbhreithniú Riosca, d'fhéadfadh faisnéis bhreise a theacht chun solais a éilíonn leathnú a dhéanamh ar scóip na hidirghabhálacha (thar an cineál cánach/dleachta agus an tréimhse a shonraítear sa bhunlitir Athbhreithnithe Riosca). I gcásanna den sórt sin, féadfar an tAthbhreithniú Riosca a ardú go dtí Iniúchadh agus an scóip a mhéadú chun ceanteidil/tréimhsí cánach eile a áireamh.

Mar shampla, d'fhéadfadh ÍMAT/ÁSPC agus MSU a bheith mar scóip Athbhreithnithe Riosca, le fócas ar Thaisteal agus Cothú do 2020. Le linn na hidirghabhálacha, féadfar riosca CBL a aithint. I gcásanna den sórt sin, ardóidh na Coimisinéirí loncaim an idirghabháil chuig Iniúchadh. Tabharfar fógra 28 lá faoin iniúchadh, agus beidh deis ag an gcáiníocóir nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh maidir le haon cheanteideal/tréimhsí cánach breise a chuimsítear san fhógra Iniúchta. Tháinig deireadh leis an deis chun nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh maidir le ÍMAT/ÁSPC agus MSU do 2020 ag tús na hidirghabhálacha tosaigh i leith na tréimhse sin.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag cáiníocóirí, beag beann ar fhócas na hidirghabhála, nach bhfuil ach deis amháin ann nochtadh cáilitheach a dhéanamh maidir le cineál áirithe

cánach/dleachta ar feadh tréimhse áirithe. Chun leanúint ar aghaidh leis an sampla thuas, má theip ar thuaisceáin ÍMAT/ÁSPC agus MSU an cháiníocóra don bhliain 2020 cuntas leordhóthanach a thabhairt, abair, Luach Saothair na Stiúrthóirí, ní mór aghaidh a thabhairt air seo go hiomlán in aon nochtadh don tréimhse le gur féidir an nochtadh sin a bheith ina nochtadh cáilitheach.

Tá deiseanna nochtá ailínithe mar sin do cheachtar cineál Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2.

3.2. Iniúchadh

3.2.1. Láthair an Iniúchta

De ghnáth déantar iniúchadh ag príomháit ghnó an cháiníocóra agus i láthair an cháiníocóra agus a ngníomhaire nuair is cuí. Sa chás go n-oibríonn an gnó ó áiteanna iolracha, féadfaidh sé gur mhian leis na Coimisinéirí Loncaim cuairt a thabhairt ar chuid díobh seo nó ar iad go léir le linn an iniúchta.

I gcás nach bhfuil áitreabh trádála ag cáiníocóir agus go gcoimeádtar na leabhair agus na taifid ag áit chónaithe phríobháideach an cháiníocóra, féadfar an t-iniúchadh a dhéanamh ag an suíomh sin le toiliú an cháiníocóra. Tagraíonn alt 905(2) den ACC 1997. Mura dtugtar toiliú, déanfar an t-iniúchadh ag oifig de chuid na gCoimisinéirí Loncaim. In aon imthosca nach bhfuil sé praiticiúil an t-iniúchadh a dhéanamh ag an áit ghnó, féadfar an t-iniúchadh a dhéanamh ag oifig de chuid na gCoimisinéirí Loncaim.

Ba cheart don cháiníocóir a chinntiú go bhfuil aon leabhair agus taifid a choinnítear lasmuigh den láthair ar chúis ar bith, m.sh. ag áitreabh gníomhaire, go gcuirtear ar ais chuig áit ghnó an cháiníocóra iad in am do thús an iniúchta.

Le linn na paindéime COVID-19, rinneadh idirghabhálacha comhlíontachta, faoi réir líon beag eisceachtaí, go cianda. I gcásanna inar féidir sonraí a sholáthar go leictreonach, féadfar leanúint le hiniúchtaí a dhéanamh go cianda ag baint úsáide as áiseanna físchomhdhála. Tá coincheap an iniúchta mar an gcéanna beag beann ar cibé an ndéantar é go pearsanta ar an láthair nó go cianda ag baint úsáide as áiseanna físchomhdhála.

3.2.2. Iompar an Iniúchta

Ar shroicheadh an ionaid iniúchta dó, taispeánfaidh oifigeach na gCoimisinéirí Loncaim a sainaitheint agus a n-údarú. I gcás ina ndéantar an t-iniúchadh go cianda, taispeánfaidh oifigeach na gCoimisinéirí Loncaim a shainaitheint agus a údarú ag tús na físchomhdhála. Míneoidh siad don cháiníocóir nó d'ionadaí cuideachta cuspóir an iniúchta.

Tabharfar deis don cháiníocóir nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh agus cuirfear ar an eolas é faoi fheidhmiú úis ar dhliteanais chánach amuigh, más cuí, agus faoi na nósanna imeachta maidir le pionóis agus foilsíú i gcás ina sainaitheintear mainneachtain.

Tar éis an agallaimh tosaigh, cuirfidh oifigeach na gCoimisinéirí Loncaim in iúl don cháiníocóir go bhfuil an t-iniúchadh tosaithe agus cuirfidh sé tús le scrúdú na leabhar agus na dtaifead. Tar éis an pointe sin ní féidir leis an gcáiníocóir nochtadh cáilitheach a dhéanamh a thuilleadh.

3.2.3. An Próiseas Iniúcháireachta

Le linn an iniúchta;

- ✓ cinnfidh na Coimisinéirí Loncaim cineál an ghnó, sainaitheoidh siad iad siúd atá freagrach as cothabháil na dtaifead agus liostóidh siad na taifid a choimeádtar,

- ✓ scrúdóidh na Coimisinéirí loncaim na leabhair agus na taifid, i cibé formáid atá á gcoimeád, le haghaidh iomláine agus le láimhseáil na n-idirbheart ag féachaint do phrionsabail chánach agus chuntasaíochta ábhartha,
- ✓ seiceálfaidh na Coimisinéirí loncaim go bhfuil gach tuairisceán ábhartha tugtha agus go bhfuil siad comhlánaithe de réir na dtaifead,
- ✓ déanfaidh na Coimisinéirí loncaim cibé fiosrú atá riachtanach don iniúchadh,
- ✓ cuirfidh na Coimisinéirí loncaim an cáiníocóir ar an eolas maidir le haon earráidí, easnaimh nó neamhrialtachtaí sna tuairisceáin chánach agus dleachta a cuireadh isteach (lena n-áirítear iad siúd i bhfabhar an cháiníocóra), cinnfidh siad an dliteanas má thagann ceann chun cinn, iarrfaidh siad socraíocht agus sonrúidh siad aon ghníomh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an cáiníocóir a chur ar bonn comhlíontach.

Go ginearálta, i gcás ina ndéantar iniúchadh ar áitreabh cáiníocóra, déanfaidh na Coimisinéirí loncaim a scrúdú ar na leabhair agus na taifid ar an áitreabh. Is gnách go gcoimeádtar taifid ghnó i bhformáid leictreonach agus aithnítear é seo sa reachtaíocht chánach (alt 887 ACC). Le linn an iniúchta d'fhéadfadh go n-iarrfadh na Coimisinéirí loncaim fiosrúcháin áirithe a rith agus tuarascálacha a ghiniúint chun tacú le scrúdú na dtaifead sin. De rogha air sin, d'fhéadfadh go n-iarrfadh na Coimisinéirí loncaim sonraí a íoslódáil ó na córais ghnó le haghaidh tuilleadh fiosrúcháin. Sa chás deiridh seo beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach ó 3.2.3.2 thíos.

3.2.3.1. Leabhair agus Taifid Cóipeanna Crua a Bhaint as

D'fhéadfadh go n-eascródh imthosca, áfach, nuair a bhíonn sé níos praiticiúla na taifid chrua a thabhairt chuig oifig de chuid na gCoimisinéirí loncaim agus an scrúdú a dhéanamh ansin. Sna himthosca seo déanfaidh na Coimisinéirí loncaim gach iarracht gan aon taifid bhunaidh a cuireadh faoi bhráid na hoifige nó a sholáthair an cáiníocóir a choinneáil ar feadh níos mó ná mí amháin.

Iarrfaidh na Coimisinéirí loncaim go soláthrófar liosta/logáil mionsonraithe de na leabhair agus na taifid go léir atá á gcur isteach ag an gcáiníocóir agus/nó ag an ngníomhaire. Sa chás nach gcuirtear na leabhair agus na taifid go léir a iarrtar ar fáil do na Coimisinéirí loncaim, cuirfean an cáiníocóir ar an eolas i scríbhinn.

Tabharfar admháil don cháiníocóir as taifid bhunaidh a tógadh ó áitreabh an cháiníocóra. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach measfar go bhfuil cáiníocóir tar éis comhoibriú go hiomlán le hidirghabháil comhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim i gcás nár soláthraíodh na leabhair agus na taifid go léir a iarradh. Laghdaíonn neamh-chomhoibriú an deis do mhaolú pionóis a bhféadfadh rioscaí suntasacha cánach agus clú a bheith ann do cháiníocóirí. Déan tagairt do Chaibidil 2 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le céard is comhoibriú iomlán ann.

Tá sé mar aidhm ag na Coimisinéirí loncaim a chinntiú nach ndéantar aon idirghabhálacha comhlíontachta ach an gcur isteach is lú ar ghnó an cháiníocóra. I gcás inar gá taifid a bhaintear le haghaidh trádála reatha, beidh deis ag an gcáiníocóir cóipeanna nó sleachta a lorg ó na taifid a glacadh.

3.2.3.2. Íoslódálacha nó Cóipeanna de Shonraí i bhFormáid Leictreonach

I gcás inar gá sonraí leictreonacha a aistriú ó chóras TF nó EPOS cáiníocóra chuig na Coimisinéirí Ioncaim, beidh ar an gcáiníocóir nó a dtacaíocht TF na híoslódálacha sonraí riachtanacha a sholáthar. Is saoráid shlán í Seirbhís Aistrithe Comhad na gCoimisinéirí Ioncaim (RTFS) ar féidir a úsáid chun sonraí a mhalartú go sábháilte le pearsanra na gCoimisinéirí Ioncaim agus is é an modh is fearr. De rogha air sin, féadtar M'Fhiosruithe a úsáid chun leabhair agus taifid a sholáthar faoi réir teorann méid comhaid 10MB.

Go ginearálta, ní bhfaighidh na Coimisinéirí Ioncaim rochtain ar chórais TF an cháiníocóra le linn Idirghabhála Leibhéal 2 agus beidh gá le haon sonraí riachtanacha a aistriú de réir na gcosaintí atá leagtha amach in [Beartas Slándála Sonraí agus treoirlínte TFC na gCoimisinéirí Ioncaim](#). Ar an mbealach seo, cosnaítear sonraí rúnda cáiníocóra.

Tagann cásanna chun cinn nuair is gá do na Coimisinéirí Ioncaim beart láithreach chun leabhair agus taifid a fháil chun fianaise a chaomhnú i gcásanna imghabhála amhrasta.

3.2.3.3. Cruinniú Réamh-Iniúchta – Taifid Leictreonacha

Féadfaidh litir fógra Iniúchta a chur in iúl don cháiníocóir go rachaidh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil leo roimh an gcruinniú chun cruinniú réamh-iniúchta a sceidealú chun na córais chuntasaíochta agus EPOS atá in úsáid sa ghnó a aithint agus a thuiscint, formáid agus méid na dtaifead leictreonach atá ar fáil agus na taifid leictreonacha a chaithfidh a bheith ar fáil le linn na hidirghabhála. Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim tuilleadh sonraí a iarraidh roimh an idirghabháil nó lena linn.

De ghnáth tionólfar an cruinniú réamh-iniúchta ag an áitreabh gnó ina bhfuil rochtain ar na taifid ábhartha. I gcúinsí áirithe, féadfar an cruinniú réamh-iniúchta a reáchtáil trí fhíschomhdháil. Féadfaidh an cáiníocóir a iarraidh go bhfreastalódh a ghníomhaire ar an gcruinniú in éineacht le haon fhoireann tacaíochta TF ábhartha.

Déantar an cruinniú réamh-iniúchta sula gcuirtear tús leis an iniúchadh agus, mar sin, ní dhéanann sé difear do theidlíocht cáiníocóra chun nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh.

3.3. Ábharthacht

Tugtar faoi idirghabhálacha comhlíontachta Leibhéal 2 chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh. Nuair is léir le linn chéim luath na hidirghabhála go bhfuil tuairisceáin cháiníocóra ceart go substaintiúil, tarraingeoidh na Coimisinéirí Ioncaim siar ón idirghabháil.

Nuair is léir go bhfuil a ndícheall déanta ag cáiníocóir chun a chinntiú go bhfuil tuairisceáin chánach cruinn, ní dhéantar coigeartuithe i gcás míchruinneas beag ar an mbonn go bhféadfaí iad a chur i leith earráid neamhchiontach. Déan tagairt do Chaibidil 2 le haghaidh míniú mionsonraithe ar céard is earráid neamhchiontach ann.

3.4. Bac



Mar a leagtar amach thuas, cuirfidh oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim iad féin in aithne ag tús an Athbhreithnithe Riosca (cuairt ar an láthair) nó Iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim agus tabharfaidh siad a gcárta údaráithe oifigiúil ar aird.

Míneoidh na Coimisinéirí Ioncaim cuspóir na hidirghabhála ar leith. Má dhiúltaíonn an cáiníocóir an idirghabháil a éascú nó na leabhair agus na taifid a iarradh a chur ar fáil i bhformáid inghlactha, measfar go bhfuil an cáiníocóir mar bac ar an bpróiseas idirghabhálacha.

Tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim deis don cháiníocóir comhoibriú go hiomlán. Mar sin féin, i gcás ina leanann diúltú an idirghabháil a éascú, agus gur léir nach bhfuil aon bhunús reachtúil nó dlíthiúil ag an gcáiníocóir le diúltú, cuirfear in iúl don cháiníocóir gur cion coiriúil é bac nó cur isteach ar oifigeach údaráithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus iad i mbun a ndualgas a chomhlíonadh. Tagraíonn alt 1078(2)(j) den ACC 1997.

3.5. **Blianta, Tréimhsí agus Saincheisteanna le haghaidh idirghabhála**

Go ginearálta díríonn idirghabhálacha comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhliain nó ar thréimhse inar sainaithníodh riosca sonrath. Mar sin féin, féadfar idirghabhálacha comhlíonta ilbhliantúla (nó tréimhsí) a dhéanamh i gcás ina sainaithnítear rioscaí ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann thar roinnt blianta (nó tréimhsí).

Sa litir fógra, sainaithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim bliain (blianta) nó tréimhse/tréimhsí fócais do gach cáin nó dleacht atá san áireamh san idirghabháil.

Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, mar thoradh ar rioscaí a aithníodh le linn idirghabhála, a mheas go bhfuil gá le hidirghabhálacha breise a thionscnamh i ndáil le haonáin nó páirtithe bainteacha (m.sh. stiúrthóirí cuideachta). I gcásanna den sórt sin gheobhaidh an cáiníocóir/na cáiníocóirí atá faoi réir na n-idirghabhálacha breise an fógra caighdeánach idirghabhála agus, go ginearálta*, beidh deis acu nochtadh cáilitheach a dhéanamh sula gcuirtear tús leis an idirghabháil/na hidirghabhálacha breise.

*Seachas i gcás Idirghabhála Leibhéal 3

3.6. **Blianta/Tréimhsí nó Saincheisteanna Níos luaithe nó Níos Déanaí**

Mar atá leagtha amach i 3.5, déanfar scóip na hidirghabhála a shainaithint go soiléir. Breithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim an leibhéal riosca agus ábharthacht agus iad ag cinneadh ar cheart blianta nó tréimhsí níos luaithe a oscailt. Ní dhéanfar idirghabháil a shíneadh go blianta nó tréimhsí níos luaithe ach amháin nuair a bhíonn fianaise ann a thabharfadh le tuiscint gur tharla mainneachtainí ábhartha cánach.

3.6.1. Samplaí de chásanna inar dócha go n-osclófar blianta/tréimhsí níos luaithe

- ✓ I gcás ina bhfuil carnadh suntasach sócmhainní gan mhíniú,
- ✓ I gcás ina bhfuil táscairí láidre ann go bhfuil scéim chun cáin nó dleacht a imghabháil i bhfeidhm,
- ✓ I gcás ina bhfuil táscairí láidre ann go bhfuil scéim seachanta cánach nó dleachta ann a dteastaíonn tuilleadh iniúchta ina leith,
- ✓ I gcás inar tharla caillteanas suntasach ioncaim sa bhliain nó sa tréimhse atá faoi réir na hidirghabhála, agus nuair is dócha go raibh a mhacasamhail ann sna blianta roimhe sin.

Féadfar idirghabháil comhlíontachta a thionscnamh ar feadh aon tréimhse ina bhfuil tuairisceán comhlánaithe ar bhealach calaoiseach nó faillíoch. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh idirghabháil comhlíontachta a bheith mar thoradh ar mhainneachtain tuairisceán a thíolacadh i leith aon tréimhse chánach.

3.7. Tásca ar Chion Cánach Ioncaim

Le linn idirghabhála, tiocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ar tháscairí láidre ó am go chéile maidir le cion cánach tromchúiseach.

Tagann dhá phríomhchineál fianaise chun cinn i gcionta cánach:

1. Fianaise Dhoiciméadach

In éagmais nochtadh cáilitheach, féadfar ábhair a bhaineann le mainneachtain áirithe a mheas mar fhianaise dhoiciméadach.

2. Ráitis a rinne an Cáiníocóir

Sa chás go dtugann ráiteas a dhéanann cáiníocóir le fios go bhfuil cion déanta, tugtar rabhadh don cháiníocóir sula ndéanann sé ráitis ionchoirithe eile.

Forchoimeádtar rabhaidh do chásanna a bhfuil amhras ann go mbaineann imghabháil cánach leo.

Tabharfar rabhadh do cháiníocóir a admhaíonn go bhfuil cion déanta.

3.7.1. Foclaíocht an Rabhaidh

Is é seo a leanas an rabhadh atá le tabhairt:

“Níl oibleagáid ort aon rud a rá murar mian leat sin, ach cibé rud a deir tú, tógfar síos i scríbhinn é agus féadfar é a úsáid mar fhianaise”.

3.8. An tAcht um Chosaint Sonraí

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis chun cánacha agus dleachtanna a riar. Aon fhaisnéis a chuireann cáiníocóirí ar fáil, déileálfar léi faoi réir na gcaighdeán is airde slándála agus rúndachta agus i gcomhréir dhlúth leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

4. Idirghabháil Comhlíontachta Cánach a Chur i gCrích

4.1. Críoch na hIdirghabhála Comhlíontachta

Le linn idirghabhála féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a chinneadh go bhfuil cúrsaí cáiníocóra in ord. Sna cúinsí seo cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim comhairle ar an gcáiníocóir agus tabharfaidh siad an idirghabháil chun críche chomh tapa agus is féidir.

Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh go mbeadh cinneadh dliteanais bhreise maidir le cáin tearc-dhearbhaithe i gceist le tabhairt i gcrích idirghabhála agus d'fhéadfadh go mbeadh ús agus pionóis iníoctha freisin. Ina theannta sin, féadfaidh formhuirir a bheith i gceist maidir le tuairisceáin a thíolacadh go déanach agus/nó d'fhéadfadh pionóis sheasta a bheith i gceist maidir le sárú ar na rialacháin ábhartha. Tá siad seo leagtha amach go mion thíos.

Braithfidh an bealach cruinn a dtabharfar idirghabháil comhlíontachta i gcrích ar an gcineál idirghabhála ar leith. I gcásanna iniúchta, tionólfar cruinniú deiridh leis an gcáiníocóir chun torthaí na hidirghabhála a leagan amach. D'fhéadfadh go mbeadh gá freisin le cruinniú deiridh a thionól tar éis Athbhreithniú Riosca a thabhairt chun críche sa chás go bhfuil sé sin déanta ar an láthair. Sa chás nach bhfuil cruinniú deiridh ag teastáil, scríobhfaidh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gcáiníocóir chun an scéal a leagan amach.

Sa chás go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta go bhfuil an tuairisceán/na tuairisceáin (go bhfuil) cruinn agus nach bhfuil aon leasuithe ag teastáil, eiseofar litir ag dearbhú go bhfuil an idirghabháil dúnta.

Sa chás go n-eascraíonn dliteanas, cuirfear na torthaí in iúl don cháiníocóir agus féachfaidh na Coimisinéirí Ioncaim le haontú leis an gcáiníocóir iad. Iarrfar ar an gcáiníocóir tairiscint socraíochta scríofa a sholáthar ina leagfar amach go foirmiúil an cháin, an t-ús agus na pionóis atá dlite.

Sa chás go dtagtar ar chomhaontú leis an gcáiníocóir maidir le 'nochtadh cáilitheach' nó le haon dliteanas cánach/dleachta breise eile, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim litir deiridh chuig an gcáiníocóir (agus gníomhaire nuair is cuí) ina leagfar amach sonraí na socraíochta comhaontaithe, ag tarraingt aird d'aon neamhdhóthanacht sna taifid nó sa láimhseáil chánach a cuireadh i bhfeidhm, agus nuair is cuí, deimhniú an cháiníocóra a thabhairt faoi deara gur réitíodh na cúrsaí seo.

Sa chás nach dtagtar ar chomhaontú leis an gcáiníocóir ar thoradh na hidirghabhála, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim litir achomair ina leagfar amach na coigeartuithe atá beartaithe as a d'eascair an dliteanas breise i leith cánach, dleachta, úis agus pionóis nuair

is infheidhme. Lorgóidh an litir comhaontú ón gcáiníocóir nó míniú ar an bhfáth nach féidir comhaontú a dhéanamh.

Mura dtagtar ar chomhaontú (nó mura ndéantar íocaíocht i gcás comhaontaithe), cuirfidh na Coimisinéirí loncaim an cáiníocóir ar an eolas i scríbhinn faoi bhunús aon mheasúnaithe, mheasúnaithe leasaithe nó meastachán agus eiseoidh siad na fógraí ábhartha chuig an gcáiníocóir (agus chuig a ngníomhaire nuair is cuí). Féadtar achomharc a dhéanamh i leith measúnaithe nó fógraí eile faoi dhliteanas chuig na Coimisiúin um Achomhairc Chánach neamhspleách (Féach alt 4.11.2).

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 1, tá sé mar aidhm ag na Coimisinéirí loncaim tacú le comhlíonadh deonach. Spreagtar cáiníocóirí comhoibriú ag gach céim den phróiseas idirghabhála comhlíontachta. Is mian leis na Coimisinéirí loncaim a chinntiú go n-éascaítear gach cáiníocóir maidir le comhoibriú le haon idirghabháil agus tuigeann siad go bhféadfadh go mbeadh am ag teastáil ó cháiníocóirí chun dul i dteagmháil lena ngníomhairí maidir le torthaí idirghabhála.

Faoi réir cheart achomhairc an cháiníocóra, sa chás nach bhfuil na Coimisinéirí loncaim in ann íocaíocht a fháil, cuirfear bailiú na cánach agus an úis reachtúil faoi bhráid imeachtaí forfheidhmithe cuí gan mhoill. I gcás ina ndéanann an cáiníocóir achomharc in aghaidh an dliteanais, ní dhéanfar gníomh forghníomhaithe bailiúcháin go dtí go mbeidh an t-achomharc tugtha chun críche.

Sa chás go dtugtar an dliteanas cánach agus/nó dleachta chun críche ach nach gcomhaontaítear pionóis leis an gcáiníocóir, nó sa chás nach n-íoctar pionóis chomhaontaithe, eiseofar Fógra Tuairime chuig an gcáiníocóir. Féach 4.5 le haghaidh tuilleadh eolais.

4.2. Dliteanais Bhreise a Chinneadh

Sa chás nach bhfuil nochtadh cáilitheach déanta, cuirfidh na Coimisinéirí loncaim an bonn measúnaithe infheidhmithe in iúl don cháiníocóir. Déanfaidh na Coimisinéirí loncaim an cháin, an dleacht, an t-ús agus na pionóis (más ann dóibh) atá dlíte a chainníochtú freisin agus lorgóidh siad tairiscint scríofa agus íocaíocht na ndliteanas sin. Cuirfidh na Coimisinéirí loncaim an cáiníocóir (agus a ngníomhaire) ar an eolas nuair a fhoilseofar an tsocraíocht.

Chun go nglacfar leis mar shocrú iomlán agus críochnaitheach ar dhliteanais, níor cheart go mbeadh an tairiscint faoi réir aon caveat nó coinníollachta.

Tá gach nochtadh cáilitheach agus tairiscint socraíochta eile (íochta nó neamhíochta) a fhaightear ó cháiníocóir faoi réir cheadú na gCoimisinéirí loncaim.

Feidhmíonn na Coimisinéirí loncaim clár láidir um dhearbhu cáilíochta lena chinntiú go ndéantar idirghabhálacha go comhsheasmhach agus de réir na bhforálacha atá leagtha amach sa Chód seo.

4.3. Ús

Nuair is léir, mar thoradh ar idirghabháil, nach bhfuil tuairisceán iomlán agus ceart tugtha ag

an gcáiníocóir agus go n-eascaíonn gearmhuirear cánach nó dleachta, eascaíonn táillí úis i leith cánacha agus dleachtanna neamhíoctha. Níl aon mhaolú ar fáil maidir leis an méid úis atá dlite.

Sa chás go n-eascaíonn gearríocaíocht agus go socraíonn an cáiníocóir an dliteanas seo trí ró-íocaíocht ó thréimhse nó ó mhírcheann eile a fhritháireamh, gearrtar ús ar an ngearríocaíocht ó dháta dlite an dliteanais go dtí an dáta a mbíonn an ró-íocaíocht ábhartha ar fáil lena fhritháireamh. De réir alt 865 den ACC 1997, ní bheidh aisíocaíocht cánach dlite mura mbeidh éileamh bailí déanta chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin.

I gcás ina nglacfar le tairiscint socraíochta, ní mór íocaíocht a dhéanamh laistigh de mhí amháin. Mura gcomhlíontar an spriocdháta sin, gearrtar ús breise ar an méid socraíochta chun tréimhse bhreise na gearríocaíochta a léiriú. Nuair a chuirtear Socrú Tráthíocaíochtaí comhaontaithe i bhfeidhm, beidh ús a chlúdóidh an tréimhse bhreise dlite.

I gcás inar gá gníomh forghníomhaithe a dhéanamh chun dliteanas a bhailiú a eascaíonn as idirghabháil, leanfaidh ús de bheith ag fabhrú ón dáta dlite bunaidh suas go dtí dáta deiridh an bhailiúcháin. D'fhéadfadh táillí breise a bheith dlite freisin maidir le costais aon ghníomhaíochta forfheidhmithe.

4.4. Formhuirear ar Thuairisceáin a Thíolacadh go Déanach

Forchuireann Alt 1084 den ACC 1997 formhuirear tíolactha dhéanaigh ar aon cháiníocóir, duine aonair nó corparáideach, as tuairisceán cánach a thíolacadh go déanach. Áireofar an formhuirear go huathoibríoch freisin sa mhéid socraíochta idirghabhála i gcás nár tíolacadh an tuairisceán ábhartha ar an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe sin.

Meastar gur tíolacadh déanach é tuairisceán mícheart a thíolacadh in am. Ní lorgófar formhuirear tíolactha dhéanaigh, áfach, i gcás inar tíolacadh an tuairisceán ar an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe sin agus gur cuireadh pionós cáinghiaráilte nó formhuirear um sheachaint cánach i bhfeidhm ar shocraíocht.

4.4.1. Formhuirear Ginte i leith Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ)

Sa chás go n-eascaíonn idirghabháil maidir le CI, CC nó CGC agus go bhfuil dliteanas CMÁ neamhíoctha ag an gcáiníocóir (seachas dliteanas a ndéantar freastal air i Socrú Tráthíocaíochtaí), beidh formhuirear 10% (faoi réir formhuirear uasta de €63,485) den dliteanas CI, CC nó CGC i bhfeidhm. Tugtar formhuirear ginte i leith CMÁ air seo agus cuirfear i bhfeidhm é nuair:

1. Sa chás nach dtíolactar an tuairisceán CMÁ a bhí dlite agus nuair a thíolactar tuairisceán CI, CC nó CGC, nó
2. Sa chás go bhfuil dliteanais amuigh CMÁ ag dáta tíolactha an tuairisceáin CI, CC nó CGC, nó

Nuair a thabhaíonn cáiníocóir formhuirear ginte i leith CMÁ agus ina dhiaidh sin tíolacann sé an tuairisceán CMÁ agus/nó go n-íocann sé an cháin (nó go socraítear Socrú Tráthíocaíochtaí), cuirtear teorainn ar an bhformhuirear ag 50% de mhéid an dliteanais CMÁ i gcás ina bhfuil sé

seo níos ísle ná suim an fhorhúirir.

4.4.2. Formhúirear Dleachta Stampa

Eascróidh formhúirear dleachta stampa nuair a theipeann ar dhuine tuairisceán dleachta stampa a sheachadadh ar an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe. Tá méid an fhorhúirir bunaithe ar an dleacht stampa iníoctha. Eascraíonn ús freisin ar íocaíocht dhéanach dleachta stampa, áit a bhfuil an dleacht stampa neamhíoctha níos mó ná €30. Tagraíonn Alt 14A den Acht Comhdhlúite Dleacht Stampa (ACDS) 1999.

4.5. Pionóis

I gcásanna ina n-eascaíonn pionós, is gnách go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim méid an phionóis a ríomh, é a chomhaontú leis an gcáiníocóir agus a íoc. I gcás nach n-aontaíonn cáiníocóir dliteanas pionóis nó mura n-íocann sé pionós a d'aontaigh siad leis, is faoin gcúirt a bheidh sé a chinneadh an bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas pionóis.

Forálann Alt 1077F den ACC 1997 nach bhfuil pionós dlite nuair is lú ná €6,000 méid comhiomlán na mainneachtana cánach nó dleachta agus nach bhfuil an mhainneachtain sa chatagóir iompair d'aon ghnó.

I gcás ina bhfuil pionós cáinghiarálte (i.e. pionós ar céatadán den cháin bhreise iníoctha) comhaontaithe maidir le mainneachtain cánach nó dleachta ar feadh tréimhse nó tréimhsí sonracha, meastar go n-áirítear sa phionós a comhaontaíodh aon phionóis sheasta a d'fhéadfadh a bheith dlite mar thoradh ar thuairisceán mícheart nó déanach a thíolacadh maidir le haon tréimhse a chumhdaítear leis an tsocraíocht.

4.5.1. An 'difríocht' a ríomh chun críocha pionóis cháinghiarálte agus dhleachtghiarálte

Leagtar amach in alt 1077F(3) den ACC 1997 cén chaoi an méid ar a bhfuil pionós dlite a ríomh.

Is gnách go n-eascaíonn dliteanas i leith pionós céatadáin cáinghiarálte ar an 'difríocht' idir

1. An méid cánach a bheadh iníoctha, nó a d'fhéadfaí a éileamh, dá ndéanfaí an cháin a ríomh de réir an tuairisceáin nó an éilimh atá mícheart nó bréagach, agus
2. An méid cánach a bheadh iníoctha nó inaisíoctha dá ríomhfaí an cháin de réir an tuairisceáin nó an éilimh atá fíor agus ceart.

Leagtar amach in alt 1077F(5) den ACCán. 1997 cén chaoi an méid ar a bhfuil pionós dlite a ríomh i gcásanna inar theip ar dhuine tuairisceán a thíolacadh.

I gcásanna den sórt sin, eascaíonn dliteanas do phionós céatadáin cáinghiarálte ar an 'difríocht' idir

(a) an méid cánach a d'íoc an duine (más ann) don tréimhse iomchuí roimh ceachtar acu

(i) gur cuireadh in iúl don cháiníocóir faoi Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 2 nó Leibhéal 3, nó

(ii) an dáta ar ar fhógair na Coimisinéirí Ioncaim go poiblí go raibh tús curtha acu le himscrúdú ar an ábhar, agus

(b) an méid cánach a bheadh iníoctha don tréimhse iomchuí dá ndéanfaí an tuairisceán ceart a thíolacadh.

Leagtar amach in Alt 116A(3) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010 an

mheicníocht chun an 'difríocht' a ríomh chun críocha CBL.

Ríomhtar an 'difríocht' go ginearálta idir:

1. An méid cánach (más ann) a d'íoc nó a d'éiligh an duine lena mbaineann don tréimhse iomchuí ar bhonn an tuairisceáin, an éilimh nó an dearbhaithe mícheart mar a tugadh nó arna tabhairt ar shlí eile, agus
2. An tsuim iníoctha i gceart ag, nó in-aisíoctha leis an duine sin don tréimhse sin.

Leagtar amach in alt 116A(5) an mheicníocht chun an difríocht a ríomh nuair nach bhfuil an tuairisceán tíolactha. Áirithítear leis an bhforáil seo go ríomhtar an pionós faoi threoir an méid cánach a íocadh roimh fhógra fiosrúcháin nó imscrúdaithe,

Leagtar amach in alt 58(5) agus (5A) den ACCFC 2003 agus in alt 134A(7), (8) agus (9) DCCA 1999 an riail chun an 'difríocht' do CFC agus dleacht stampa faoi seach a ríomh.

4.5.2. Samplaí de Shaincheisteanna Pionóis

Is gnách go ngearrtar pionóis as na saincheisteanna seo a leanas:

Díolacháin, fáltais, ioncam nó gnóchain neamhnócha	Luach saothair neamhnócha nó íocaíocht CCI	Sócmhainní a measadh faoi bhun an chirt, lena n-áirítear luacháil stoic agus féichiúnaithe
Dliteanas a measadh thar an gceart, lena n-áirítear creidiúnaithe	Neamhchomhlíontacht leis na rialacháin CBL ÍMAT nó CCI	Éilimh mhíchuí ar chostais nó asbhaintí trí dhochar ar an gcuntas B&C nó eile
Loiceadh na fórais agus na himthosca go léir i ndáil le dliteanas Dleacht Stampa a nochtadh	Luach inmhuirir maoiné nó maoiné i leith CMÁ a mheas go mór faoi bhun an chirt	Loiceadh na fórais agus na himthosca go léir i ndáil le dliteanas CFC a nochtadh

Níl an méid sin thuas ceaptha a bheith ina liosta uileghabhálach agus braithfidh cur i bhfeidhm pionóis ar imthosca an cháis ar leith.

I gcás ina n-aithnítear sárúithe ar an reachtaíocht chánach agus dleachta, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim an cáiníocóir ar an eolas faoi na pionóis reachtúla a bhaineann leis na sárúithe. Féadfaidh an cáiníocóir aontú ansin agus na pionóis sin a íoc. Réitítear formhór na socraíochtaí cánach, úis agus pionóis trí chomhaontú leis an gcáiníocóir.

4.5.3. Pionóis arna gCinneadh ag Cúirt

I gcás nach n-aontaíonn cáiníocóir dliteanas i leith pionóis nó nach n-íocann sé pionós comhaontaithe, is faoin gcúirt ábhartha a bheidh sé a chinneadh an bhfuil an duine sin faoi dhliteanas pionóis.

Cinntear an chúirt ábhartha faoi threoir na dteorainneacha dlínsiúla d'ábhair shibhialta.

Cúirt	Teorainn Dhlínse
Cúirt Dúiche	Suas go €15,000
Cúirt Chuarda	Suas go €75,000
Ard-Chúirt	Os cionn €75,000

I gcás ina gcinneadh cúirt ábhartha dliteanas i leith pionóis, beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas:

Tá oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim den tuairim go bhfuil an cáinócóir faoi dhliteanas pionóis

Eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim Fógra Tuairime (féach 4.5.4) chuig an gcáinócóir (agus a ngníomhaire). Má aontaíonn an cáinócóir leis an bhfógra tuairime agus go n-íocann sé an pionós, ní gá gníomh breise a dhéanamh.

I gcás nach gcomhaontaítear méid an pionóis (nó mura bhfreagraíonn an cáinócóir) laistigh de 30 lá, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iarratas a dhéanamh chuig cúirt ábhartha chun an chúirt sin a chinneadh go bhfuil an pionós dlite.

I gcás ina ndéanann cúirt cinneadh go bhfuil an cáinócóir faoi dhliteanas pionós agus go ndéanann sí ordú chun an pionós sin a ghnóthú, féachfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis an bpionós a ghnóthú amhail is dá mba cháin é.

4.5.4. Fógra Tuairime maidir le Pionós a Eisiúint

Forálann alt 1077B den ACC 1997 d'eisiúint fógra tuairime maidir le pionós nach féidir a chomhaontú le cáiníocóir nó i gcás nár íocadh pionós comhaontaithe.

I gcásanna den sórt sin, déanann oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an tuairim maidir le dliteanas i leith pionóis agus tugann sé fógra faoin tuairim sin don cháiníocóir agus do ghníomhaire an cháiníocóra.

Tá an Fógra Tuairime i bhformáid chaighdeánach agus cuimsíonn sé sonraí faoi:

- ✓ na forálacha reachtúla faoina n-eascaíonn an pionós,
- ✓ na himthosca ina bhfuil an duine sin faoi dhliteanas an phionóis,
- ✓ suim an phionóis a bhfuil an duine sin faoi dhliteanas ina leith, agus
- ✓ cibé sonraí eile a mheasann an t-oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith riachtanach.

Toisc go bhfuil comhghaol díreach idir pionóis cáinghiarálte agus méid na cánach gearríochotha, ní mór an candam cánach a thabhairt chun críche sula n-eisítear Fógra Tuairime.

Forálann alt 1077B(2) den ACC 1997 go bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim Fógra Tuairime a leasú agus go dtabharfaidh siad fógra faoin tuairim leasaithe don cháiníocóir (agus dá ghníomhaire) ar an mbealach céanna leis an bhFógra bunaidh.

Nuair a eisítear Fógra Tuairime, is faoin gCúirt ábhartha a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil pionós dlite.

4.5.5. Iarratas ar Chinneadh Pionóis le Cúirt Iomchuí

Forálann alt 1077B(3) den ACC 1997 d'iarratas chuig cúirt iomchuí ar chinneadh pionóis.

I gcás nach n-aontaíonn cáiníocóir, laistigh de 30 lá ón bhfógra (nó tar éis fógra leasaithe) i scríbhinn le tuairim nó leis an tuairim leasaithe agus nach n-íocann leis na Coimisinéirí Ioncaim suim an phionóis a sonraíodh san fhógra, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iarratas a dhéanamh le cúirt le go gcinntíodh an chúirt cibé ar sháraigh nó nár sháraigh an cáiníocóir an reacht as ar tháinig an pionós aníos.

4.5.6. Socrú Pionóis ag Cúirt Iomchuí

Cinntíodh an chúirt, bunaithe ar an bhfianaise atá os a comhair, ar sháraigh an cáiníocóir an reachtaíocht as a n-eascaíonn dliteanas pionóis.

Forálann alt 1077B den ACC 1997 go bhfuil an nós imeachta cinnteoireachta seo ar fáil chun gach cás pionóis mainneachtana cánach a réiteach is cuma cathain a tharla an mhainneachtain.

4.5.7. Pionós socraithe ag Cúirt Iomchuí a Aisghabháil

Forálann alt 1077C den ACC 1997, i gcás ina ndéanfar iarratas, go bhféadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh freisin maidir leis an bpionós a ghnóthú (arna chinneadh acu) agus gan dochar d'aon mhodh gnóthaithe eile, féadfar an pionós sin a bhailiú agus a ghnóthú amhail is dá mba cáin a bhí ann. Seachas i gcásanna ina bhfuil éagtha ag an gcáiníocóir, níl aon teorainn ama ann le haghaidh imeachtaí nó iarratais ar phionóis a ghnóthú.

4.5.7.1. Pionóis i leith Cáiníocóirí nach Maireann

Go ginearálta, ní fhéadtar imeachtaí dlíthiúla maidir le haisghabháil pionós a ghlacadh in aghaidh eastáit ná in aghaidh cáiníocóir éagtha i ndáil le dlíteanais roimh an mbás. Forálann alt 1077D den ACC 1997, áfach, roimh bhás cáiníocóra, gur thángthas ar réiteach i scríbhinn leis an gcáiníocóir nó le gníomhaire an cháiníocóra, nó gur chinn cúirt iomchuí go raibh dlíteanas i leith pionóis ann, beidh pionós dlite ansin agus féadann na Coimisinéirí Ioncaim imeachtaí a ghlacadh chun é a fhorfheidhmiú agus a bhailiú ó eastát an cháiníocóra.

4.6. Catagóirí Mainneachtana

Is é leibhéal an pionóis atá le cur i bhfeidhm maidir le haon mhainneachtain ná an pionós cáinghiaráilte mar atá leagtha amach sna hAchtanna Cánach ábhartha. Braitheann leibhéal an pionóis cáinghiaráilte ar cibé an bhfuil an mhainneachtain i gcatagóir:

- 1) Iompar d'aon ghnó,
- 2) Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha cánach, nó
- 3) Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha cánach.

Leagtar amach i Roinn 2.13 na pionóis is infheidhme bunaithe ar chatagóir na mainneachtana.

4.6.1. Pionóis i leith Iompar De Bhun Tola

Toisc nach sainmhínítear “Iompar d'Aon ghnó” sna hachtanna cánach, ní mór a ghnáthchiall a thabhairt dó. Le go mbreathnófar ar shárú cánach mar iompar d'aon ghnó, ní mór táscairí a bheith ann a thagann le hintinn an cháiníocóra. Níor cheart gur mar thoradh ar mhíchúram d'aon chineál amháin a tharla an sárú.

Leagann an tábla seo a leanas amach liosta neamh-uileghabhálach táscairí maidir le hiompar d'aon turas.

Iompar d'aon ghnó
✓ Teip maidir le leabhair agus taifid chearta a choinneáil atá riachtanach de réir an dlí cánach chun dliteanas cánach ceart an cháiníocóra a chinneadh
✓ Easnaimh arís agus arís eile nó easnamh mór amháin d'idirbhearta ó leabhair agus taifid
✓ Easnaimh ó thuairisceáin chánacha
✓ Doiciméid nó faisnéis atá neamhiomlán, bréagach nó míthreorach a sholáthar
✓ Aisíocaíocht cánach a éileamh i gcás nach bhfuiltear i dteideal na haisíocaíochta sin go dleathach

✓ Teip thromchúiseach chun cánacha muiníneacha a oibriú
✓ Cuntais bhainc nó sócmhainní eile a cheilt

4.6.2. Pionóis mar gheall ar Iompar Míchúramach

Ní mór do cháiníocóirí a bheith cúramach agus a gcuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh acu. Mar sin is éard atá i gceist le hiompar míchúramach ná easpa cúraim chuí a mbíonn de thoradh air go ndéantar tearcráite ar dhliteanais chánach a thuairiscaíodh an cáiníocóir, nó go mbíonn éilimh ar aisíocaíocht mícheart.

Níor cheart go mbeadh táscairí ar iompar d'aon ghnó ann chun go mbeidh feidhm ag an gcatagóir mainneachtana um iompar míchúramach.

Cé nach sainmhínítear “iompar míchúramach” sna hAchtanna Cánach, meastar go gciallaíonn ‘go míchúramach’ an “teip cúram réasúnach a ghlacadh”.



Tástáil ar chúram réasúnach

- Cibé an mbeadh foráil déanta ag cáiníocóir gnáthscil agus eolais, arna chomhairle go cuí, mar dhóchúlacht nó mar dhóchúlacht réasúnach, go mbeadh an t-ionchas go gcruthódh gníomh (nó neamhghníomh) gearríocaíocht cánach, ag féachaint do na himthosca go léir.

Ní féidir leis an gcáiníocóir an fhreagracht as tuairisceán ceart a dhéanamh a chineadh do ghníomhaire.

Déantar idirdhealú idir iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha agus iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha trí thagairt a dhéanamh do mhéid an easnaimh i gcoibhneas leis an dliteanas cánach ceart sa chás.

Sainmhíníonn alt 1077F(7) den ACC 1997 “iarmhairtí suntasacha” sa chás nuair is mó an cháin gearríochta ná 15% den cháin atá iníochta i gceart. Tá an tástáil 15% le cur i bhfeidhm ar leithligh maidir le gach cineál cánach agus tréimhse a gceanglaítear ar an gcáiníocóir tuairisceán nó ráiteas dliteanais a dhéanamh ina leith.

I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh cáin gearríochta teacht chun cinn mar thoradh ar éileamh ar aisíocaíocht a laghdú. I gcásanna den sórt sin, is gá an difríocht a ríomh idir méid na haisíocaíochta bunaidh a éilítear agus méid na haisíocaíochta ceart a bheadh dlite dá ríomhfaí an cháin de réir tuairisceán fíor agus ceart.

I gcásanna iompair mhíchúramach, nuair a sháraíonn an laghdú san aisíocaíocht atá dlite, i gcomparáid leis an aisíocaíocht a éilítear, 15% de mhéid na haisíocaíochta a éilítear, beidh pionós sa chatagóir iompair mhíchúramach le hiarmhairtí suntasacha i bhfeidhm.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach táscairí atá comhsheasmhach le hiompar míchúramach sa mhéid is go mbíonn gearríocaíochtaí cánach suntasacha mar thoradh orthu.

Iompar Míchúramach
✓ Mestachán ar mhíreanna cuntais
✓ Faillí a dhéanamh maidir le caiteachas a chatagóiriú i gcatagóirí incheadaithe agus neamh-incheadaithe chun críocha cánach
✓ Faillí a dhéanamh maidir le comhairle a ghlacadh ar cheist léirmhínithe uair ba chóir dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim nó le gníomhaire cánach chun treoir a fháil
✓ Minicíocht na hearráide a rinneadh. Breathnófar ar chás a bhaineann le hearráid ar leithlis le mionimpleachtaí cánach ar bhealach difriúil ó chás le hearráidí níos minice

Breithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim na factóirí seo a leanas freisin agus cinneadh á dhéanamh acu an meastar gur ghlac an cáiníocóir cúram cuí:

✓ Méid na cánach i mbaol. Dá mhéad an riosca cánach (agus aird ar an dlíteanas cánach iomlán chomh maith), is mó an cúram a theastaíonn
✓ Méid agus nádúr an ghnó
✓ Na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm
✓ An caighdeán taifid a choinneáil sa ghnó
✓ Aon teip córais agus na cúiseanna leis an teip sin

4.6.3. Samplaí de chatagóirí d'Iompar Míchúramach

Leagtar amach i gCaibidil 2.13 na pionóis cáinghiaráilte is infheidhme, bunaithe ar chatagóir na mainneachtana.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas an chaoi a chuirtear an tástáil 15% i bhfeidhm go praiticiúil.

Iompar Míchúramach	Gan iarmhairtí suntasacha	Le hiarmhairtí suntasacha
Cáin iníoctha de réir tuairisceáin cánach mícheart	€55,000	€10,000
Cáin atá dlite sa deireadh thiar	€63,000	€30,000
Cáin gearríoctha	€8,000	€20,000
Tástáil 15%	< 15%	> 15%

4.7. Pionóis Sheasta

I gcásanna áirithe, féadfaidh duine a bheith faoi dhliteanas pionós seasta mar gheall ar mhainneachtain oibleagáid faoin reachtaíocht cánach agus dleachta a chomhlíonadh.

4.7.1. Teip le tuairisceán a thíolacadh

Aon duine a gceanglaítear air tuairisceán ioncaim a dhéanamh, agus má theiptear amhlaidh a dhéanamh, dlífead pionós seasta €3,000 air faoi alt 1052 den ACC 1997. Tá an pionós inmhuirir ar bhonn in aghaidh an tuairisceáin. Ina theannta sin, féadtar an pionós a mhéadú go dtí €4,000 in aghaidh an tuairisceáin má leanann teip an tuairisceáin a thíolacadh tar éis dheireadh na bliana cánach ina bhfuair an duine an tuairisceán cánach ón gCigire.

4.7.2. Tuairisceáin Mícheart

Forálann alt 1055 den ACC 1997 go ndlítear pionós €4,000 ar aon duine a chuidíonn d'aon ghnó le haon tuairisceán, cuntas, ráiteas nó dearbhú mícheart a dhéanamh nó a sheachadadh chun críocha CI nó CC ar bith.

4.7.3. Cáin Bhreislúacha

Forálann Alt 115 (1) ACCBL 2010 go bhfuil duine faoi dhliteanas pionós de €4,000 mar gheall ar neamhchomhlíonadh leis an dualgas chun taifid iomlána agus fóra a choinneáil.

Forálann Alt 116 (18) den Acht Comhdhlúite Cánach Breislúacha 2010, i gcás go n-iompórtáilann duine go mícheart earraí gan cháin a íoc in imthosca ina bhfuil cáin inmhuirearaithe, tá sé nó sí faoi dhliteanas pionós €4,000 agus beidh siad faoi dhliteanas méid aon chánach ba chóir a íoc ar an iompórtáil a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

4.7.4. Fostóirí ÍMAT

Má theipeann fostóir cloí leis an reachtaíocht chánach a bhfuil foráil di i gCaibidil 4 de Chuid 42 den ACC, 1997 nó le haon cheann de na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) 2018, féadann dliteanas a bheith de thoradh air, cothrom le €4,000 do gach sárú.

Seo a leanas roinnt samplaí:

Reachtaíocht/Rialachán	Sárú
Alt 988 den ACC 1997	Riachtanas le clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim mar fhostóir
Alt 988A den ACC 1997	Riachtanas chun 'Clár Fostaithe' a choinneáil agus a chothabháil ar pháipéar nó go leictreonach
Rialachán 19	Riachtanas an Bhonn Éigeandála Asbhainte Cánach a oibriú
Alt 985G den ACC 1997	Riachtanas ar fhostóir tuairisceán míosúil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim
Rialachán 10	Fógra maidir le díolaíochtaí a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ar íocaíocht nó roimhe sin
Cuid 18D den ACC 1997 agus Rialacháin MSU 2018	Teip cloí le reachtaíocht MSU

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 agus Rialacháin Leasa Shóisialaigh 1996	Teip cloí le reachtaíocht ÁSPC

4.7.5. CMÁ

Forálann Alt 145 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 do phionóis má loiceann fostóirí a gcuid oibleagáidí CMÁ a asbhaint ag an bhfoinse a chomhlíonadh. Forálann Ailt 146 agus 147 den Acht céanna do phionóis mar gheall ar loiceadh tuairisceán a sheachadadh nó as ráiteas bréagach, léiriú bréagach nó tuairisceán mícheart.

4.7.6. Dleacht Stampa

Forálann Ailt 8A agus 8B den ACDS, 1999 do phionóis sheasta €3,000 de loiceadh tuairisceán ceart a sheachadadh nó loiceadh tuairisceán a sheachadadh.

4.7.7. Luachálacha Cánach Gnóthachan Caipitiúil

D'fhéadfadh ceist na luachálacha teacht chun cinn le linn idirghabhálacha comhlíontachta, go háirithe maidir le Cánacha Caipitiúla.

Tuigeann na Coimisinéirí Ioncaim gur féidir le luacháil chruinn sócmhainní caipitil a bheith casta uaireanta. Dá bhrí sin, in ainneoin na dtreoirínte maidir le Catagóirí Iompraíochta, i gcás nár soláthraíodh fianaise iontaofa, ó idirbhearta inchomparáide nó eile, chun tacú le luachálacha an cháinócóra, eascraíonn dliteanas i leith pionóis trí thagairt a dhéanamh do na critéir seo a leanas:

- faigh amach an difríocht (“A”) idir an figiúr luachála a comhaontaíodh ar deireadh (“B”) agus an figiúr a mhol an cáinócóir,
- mura bhfuil A níos mó ná (B X 30%), measfar gur cás é an cás nach n-éiríonn pionós aníos ina leith,
- má tá A níos mó ná (B X 30%) ach gan a bheith níos mó ná (B X 50%), éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos agus is é an chatagóir mainneachtana cánach chun críocha na bpionós laghdaithe ná iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha,
- má tá A níos mó ná (B X 50%) ach gan a bheith níos mó ná (B X 60%), éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos agus is é an chatagóir mainneachtana cánach chun críocha na bpionós laghdaithe ná iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha,
- má tá A níos mó ná (B X 60%), éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos agus is é an chatagóir mainneachtana cánach chun críocha na bpionós laghdaithe ná iompar d'aon turas.

Folaítear sa reachtaíocht um Cháin Fáltas Caipitiúil agus Dleachtanna Stampa d'fhormhuirir ar gearrluachálacha maoine in Alt 53 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus Alt 15 agus 16 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 faoi seach.

4.7.8. Luachálacha Cánach Maoine Áitiúla – Pionóis

Foráiltear sa reachtaíocht Cánach Maoine Áitiúla do phionóis as ráiteas nó léiriú bréagach nó tuairisceán mícheart i leith luach inmhuirir maoine in Alt 147 den Acht Airgeadais (CMÁ),

2012.

4.8. Amlíne le haghaidh Idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim a thabhairt chun críche



Is chun leasa na gCoimisinéirí Ioncaim agus an cháiníocóra araon é go dtabharfar aon idirghabháil comhlíontachta i gcrích chomh tapa agus is féidir. Leagann Caighdeán Seirbhíse do Chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim amach an caighdeán seirbhíse ar féidir le cáiníocóirí a bheith ag súil lena fháil. Ag teacht leis na caighdeáin seo, déantar gach comhfhreagras a bhainistiú go cúramach lena chinntiú go n-eisítear freagraí go tapa.

Más rud é, le linn na hidirghabhála, gur dhéileáil cáiníocóir le gach ceist atá fós gan réiteach, agus go ndearna sé é sin laistigh de thréimhse réasúnta ama, agus go bhfanann an idirghabháil oscailte ar feadh míosa eile, féadfaidh an cáiníocóir iarraidh ar na Coimisinéirí Ioncaim stádas reatha an idirghabháil comhlíontachta. Sna himthosca seo, socróidh na Coimisinéirí Ioncaim agus cibé an bhfuil aon saincheistanna fós le réiteach agus, nuair is féidir, soláthróidh siad thréimhse ama táscach chun an idirghabháil a thabhairt chun críche.

Mura bhfuil aon chúis shoiléir leis an moill maidir leis an idirghabháil a thabhairt chun críche, ní dhéanfar teidlíochtaí cáiníocóra ar chreidmheasanna nó ar aisíocaíochtaí cánach a mhoilliú ná a choinneáil siar.

4.9. Íocaíocht

Go hiondúil, déanfar dliteanas (lena n-áirítear cáin, dleacht, ús agus pionóis) a urscaoileadh trí íocaíocht(aí) a thugtar chun cuntais i gcoinne na ndliteanas breise do gach ceannteideal cánach.

4.9.1. Dliteanais a urscaoileadh nuair a bhíonn am breise ag teastáil ón gcáiníocóir chun an tsocraíocht chomhaontaithe a íoc.

Féadfar socrú tráthíocaíochta (PPA) a dhéanamh leis an gcáiníocóir a bhfuil rochtain theoranta aige ar chistí leachtacha ach a leanann ar aghaidh ag giniúint ioncaim. Déanfar aon socrú den sórt sin de réir nósanna imeachta reatha na gCoimisinéirí Ioncaim. Chun tuilleadh eolais a fháil ar Socraíocht Tráthíocaíochtaí, féach ar ár suíomh idirlín.

I gcás inar mian le cáiníocóir go ndéanfaí é a mheas le haghaidh PPA, ní mór dóthain faisnéise a sholáthar chun tacú leis an socrú seo. D'fhéadfaí a bheith ag súil leis an bhfaisnéis seo a leanas:

- ✓ Sreabhadh airgid réalaíoch do na 6 mhí dár gcionn
- ✓ Próifíl fiachais cothrom le dáta
- ✓ Cuntais bhainistíochta cothrom le dáta
- ✓ Cur síos ar an gcaoi a ndéanfar seirbhísiú ar an sceideal aisíocaíochta atá beartaithe
- ✓ Ráitis bhainc cothrom le dáta a chuirfidh ar chumas na gCoimisinéirí loncaim tuairim a ghlacadh maidir leis an áit a bhfuil barrachais mhéadaitheacha ar an gcuntas agus tuairim a ghlacadh ar mhéid luascadh an chuntais.
- ✓ Próifíl féichiúnaí agus creidiúnaí de réir téarma

Beidh leibhéal na híocaíochta síos a theastaíonn agus fad agus tosach feidhme an PPA sainiúil do chúinsí ar leith an cháis.

I gcás ina ndéantar socrúithe tráthíocaíochtaí, ní mór do cháiniócoirí na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Ní mór an t-ús atá dlite a áireamh sa socrú tráthíocaíochta,
2. Ní mór cánacha reatha a choinneáil cothrom le dáta le linn théarma an tsocraithe tráthíocaíochta.

I gcás Dleacht Stampa, fanfaidh an ionstraim gan stampáil go dtí go n-íocfar na dliteanais go léir lena n-áirítear méid iomlán na dleachta.

4.10. Éilimh ar Neamhábaltacht Íoca

Uaireanta tiocfaidh na Coimisinéirí loncaim ar éilimh nach gceadaíonn acmhainní airgeadais cáiniócóra íocaíocht iomlán na cánach atá dlite. Breithneoidh na Coimisinéirí loncaim éilimh den sórt sin go cúramach. Cinneann uaschumas cáiniócóra chun íoc trína sócmhainní agus acmhainn tuillimh na trádála, na gairme nó na fostaíochta. D'fhéadfadh go mbeadh gá le sláinte agus aois an cháiniócóra a chur san áireamh freisin.

I gcás go bhfuil cáiniócoir ag éileamh 'neamhábaltacht chun íoc' ar a mainneachtain cánach nó dleachta, tá sé de fhreagracht orthu a léiriú go sásúil nach mór fianaise dhoiciméadach agus neamhábaltacht a sholáthar do na Coimisinéirí loncaim.

Ní ghlacfar le héilimh maidir le 'neamhábaltacht chun íoc' nach bhfuil i scríbhinn nó nach bhfuil bunús le fianaise dhoiciméadach orthu. Sa chás go nglactar le 'neamhábaltacht chun íoc' féadfaidh na Coimisinéirí loncaim bailiú dliteanais, nó cuid de dhliteanas, a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh aon athrú ar chúinsí an cháiniócóra.

Ba cheart go n-áireofaí le fianaise dhoiciméadach ar 'neamhábaltacht chun íoc' aon cheann nó gach ceann de na míreanna seo a leanas a mheasann an cáiníocóir a bheith ábhartha

✓ Doiciméad foirmiúil tairisceana socraíochta

✓ Ráiteas gnóthaí (SOA) a léiríonn staid reatha an cháiníocóra ag am an tsocraithe, sínithe ag an gcáiníocóir

✓ Cóip de na cuntais is déanaí

✓ Liosta de na sócmhainní go léir atá i seilbh agus an chúis le neamhdiúscairt na sócmhainní seo chun dliteanas cánach nó dleachta a íoc

✓ Aon chuid den fhaisnéis atá san áireamh i gCaibidil 4.9.1 thuas

✓ Míniú ar cén fáth nach féidir iasacht a fháil chun dliteanas cánach nó dleachta a urscaoileadh nó fianaise gur diúltaíodh iasacht

✓ Ríomh ioncaim/caiteachais réamh-mheasta

✓ Ráiteas sínithe ag dearbhú go bhfuil an t-iompar ba chúis leis an mainneachtain cánach curtha ina cheart anois

4.11. Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin – Nósanna Imeachta Achomhairc

Déanann clár um Dhearbhú Cáilíochta na gCoimisinéirí Ioncaim iarracht lena chinntiú go ndéantar gach idirghabháil ar bhonn comhsheasmhach agus de réir ár gcaighdeáin cháilíochta.

I gcás ina n-eascaíonn difríocht tuairime, áfach, maidir le hidirghabháil comhlíontachta, tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim meas do cheart an cháiníocóra athbhreithniú a iarraidh nó leas a bhaint as an nós imeachta achomhairc reachtúil agus éascóidh siad an cáiníocóir ar mian leis iarratas den sórt sin a dhéanamh nó achomharc a thaisceadh.

4.11.1. Nósanna Imeachta Athbhreithnithe

Soláthraíonn Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim meicníocht oscailte agus thrédhearcach do cháiníocóirí chun gearán a dhéanamh agus athbhreithniú a lorg ar an gcaoi ar láimhseáil na Coimisinéirí Ioncaim cás. Ba cheart do cháiníocóirí a thabhairt faoi deara nach mbaineann an nós imeachta seo ach le gearáin a bhaineann leis an mbealach a láimhseáil na Coimisinéirí Ioncaim an cás. Ba cheart díospóidí maidir le dliteanas cánach a dhíriú chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach (Féach thíos)

[Tá sonraí iomlána Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.](#)

4.11.2. Nósanna Imeachta Achomharc

Tá cáiníocóir i dteideal achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) neamhspleách i gcoinne thorthaí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le measúnú athbhreithnithe nó meastachán cánach nó dleachta.

Sa chás go ndéantar achomharc i gcoinne measúnachta nó meastachán ní bheidh ús reachtúil inmhuirir ach amháin nuair a chinntear an cháin atá faoi dhíospóid. Ar an gcaoi chéanna, ní fhéadfar pionóis cáinghiarálte a chainníochtú ach amháin nuair a chinntear an cháin.

Chun achomharc a dhéanamh i gcoinne measúnachta, ní mór aon dliteanas nach bhfuil faoi achomharc a íoc. I gcás ina bhfuil socrú tráthíocaíochta (PPA) déanta ag cáiníocóir chun an cháin a íoc (lena n-áirítear ús agus táillí bailiúcháin), measfar an dliteanas a bheith íoctha.

Féadtar teacht ar tuilleadh faisnéise maidir le nósanna imeachta achomhairc ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Achomhairc Chánach www.taxappeals.ie

5. Foilsiú ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach

5.1. Oibleagáid Foilsitheoireachta

Forchuirtear le halt 1086A den ACC 1997 d'oibleagáid ar na Coimisinéirí loncaim liosta a fhoilsiú, in Iris Oifigiúil, laistigh de 3 mhí ó dheireadh gach ráithe, d'ainm, seoladh, agus slí bheatha gach cáiníocóra ar ar gearradh fíneáil nó pionós air nó a chinnfidh Cúirt faoi aon cheann de na hAchtanna i leith nithe a bhaineann le cáin nó dleacht le linn na ráithe sin. I gcás ina bhfuil cáiníocóir infhoilsithe faoin gcatagóir seo, foilseofar an méid cánach ar chinn an Chúirt an pionós, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh an cháin nó an pionós.

✓
✓
✓

•

- I gcás inar chomhaontaigh na Coimisinéirí loncaim le cáiníocóir staonadh ó nósanna imeachta a thionscnamh chun aon fhíneáil nó pionós a ghnóthú agus gur ghlac na Coimisinéirí loncaim le socrú ar aon éileamh ó na Coimisinéirí loncaim ar:

- 1) íocaíocht cánach nó dleachta,
- 2) ús a íoc ar an gcáin nó an dleacht sin,
- 3) fíneáil nó eile pionós airgeadaíochta i leith na cánach nó na dleachta sin lena n-áirítear pionóis i leith loiceadh tuairisceáin nó doiciméid eile i ndáil leis an gcáin nó leis an dleacht sin a sheachadadh, agus
- 4) aon fhormhuirear a íoc, i gcás inarb infheidhme.

Tá feidhm ag foilsiú de réir alt 1086A ACC 1997 beag beann ar cibé ar íoc an cáiníocóir méid na socraíochta laistigh den tréimhse iomchuí. I gcás nár íocadh suim socraíochta ina hiomláine, áireofar sonraí aon mhéid atá gan íoc san fhaisnéis a fhoilseofar.

Forálann alt 1086A(2) den ACC 1997, i gcás ina nglacann na Coimisinéirí loncaim le nó go ngeallann siad glacadh le socraíocht ar mhainneachtain cánach nó dleachta, go measfar glacadh na suime seo de bhun comhaontú idir na Coimisinéirí loncaim agus an cáiníocóir.

Forálann alt 1086A den ACC 1997 freisin go bhféadfaidh na Coimisinéirí loncaim:

- ✓ an liosta a phoibliú nó a atáirgeadh i cibé modh, foirm nó formáid is cuí leo, agus
- ✓ cibé sonraí maidir leis an tsocraíocht agus na hábhair ba bhun leis an tsocraíocht a shonrú ar an liosta.

Cuirfidh na Coimisinéirí loncaim in iúl do na cáiníocóirí go léir a chomhlíonann na critéir foilsitheoireachta go bhfoilseofar iad ar liosta na mainnitheoirí cánach agus soláthróidh siad deimhniú ar na méideanna atá le foilsiú.

5.2. Eisiaimh ó Fhoilsitheoireacht

Eisiaimh Reachtúla ó fhoilsitheoireacht	
Alt 1086A(8)(c) ACC 1997	✓ Cásanna ina nglactar le nochtdh cáilitheach
Alt 1086A(8)(b) ACC 1997	✓ Cásanna nach sáraíonn an tsocraíocht €50,000 (figiúr le haghaidh cánach amháin)
Alt 1086A(8)(a) ACC 1997	✓ Cásanna nach sáraíonn an pionós 15% de mhéid na cánach breise atá dlite
Alt 811D den ACC 1997	✓ Cásanna ina nglactar le 'nochtdh seachanta cáilitheach' agus/nó ina dtarlaíonn formhuirear/formhuirir um sheachaint cánach

5.3. Figiúr Foilseachán

Mar atá leagtha amach i 5.1 thuas, áirítear ar na sonraí a foilsíodh an cháin, an dleacht, an t-ús (má bhaineann), na pionóis agus an formhuirear (nuair is infheidhme) atá mar chuid den tsocraíocht.

Comhiomlánaítear méideanna infhoilsithe do gach cáin agus do na blianta/tréimhsí go léir a chumhdaítear leis an idirghabháil. Léireoidh an méid infhoilsithe an tsocraíocht i gcónaí d'ainneoin go bhféadfadh ró-íocaíochtaí cánach a bheith déanta ag an gcáiníocóir i leith ceanteidil/tréimhsí cánach eile atá lasmuigh de scóip na hidirghabhála.

Eisiatar cáin agus ús áirithe ó fhoilsiú mura bhfuil pionós i gceist. Mar shampla, ní áirítear sa mhéid atá le foilsiú, más ann dó, cáin a áirítear i socraíocht (nó ús gaolmhar agus pionós) i gcás nach sáraíonn an pionós i ndáil leis an gcáin 15% de mhéid breise na cánach atá dlite i leith an tuairisceán/tréimhse nuair a thagann coigeartú chun cinn.

Féadfaidh an staid a bheith casta i gcásanna socraíochta ceann ilchánach. Is gá a chinntiú go bhfuil cáin, ús (má bhaineann) agus pionós i ngach socraíocht in aghaidh an mhírchinn chánach.

[Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Foilsiú Mainnitheoirí Cánach féach ar an Lámhleabhar Cánach agus Dleachta ábhartha ar an suíomh idirlín.](#)

Tá gach socrú cánach faoi réir cheadú na gCoimisinéirí Ioncaim. Eiseoidh na Coimisinéirí

loncaim 'Litir Glactha' i ngach cás ina n-aontaítear agus ina gceadaíonn na Coimisinéirí loncaim 'Litir Tairisceana' ó cháiníocóir. Deimhneofar sa litir ghlactha na sonraí infhoilsithe lena n-áirítear an méid is féidir a fhoilsiú. Foilsítear an socraíocht laistigh de thrí mhí ó dheireadh an ráithe ina n-eisíonn na Coimisinéirí loncaim an litir ghlactha.

6. Ionchúisimh

6.1. Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag cláir imscrúdaithe choiriúla na gCoimisinéirí Ioncaim imghabháil thromchúiseach cánach a chomhrac. Sa chás go n-aithneoidimid cásanna den sórt sin, déanfaimid iarracht cáin, dleacht agus ús a bhailiú agus calaois agus imghabháil cánach a phionósú.

Déanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cinntí ar cheart nó nár cheart cás a ionchúiseamh. Féadfar fíneáil nó príosúnacht, nó an dá rud, a chur orthu siúd a chiontaítear i gcionta cánach.

6.2. Na cineálacha cionta is dóichí a dtiocfaidh ionchúiseamh orthu



6.3. Cionta Inchúisithe Eile

Leanann na Coimisinéirí Ioncaim polasaí ionchúisimh bríomhar freisin do

- × Teip le tuairisceáin a thíolacadh
- × Teip leabhair, taifid, srl. a thabhairt ar aird nuair a iarrtar air sin a dhéanamh
- × Teip Ráiteas Gnóthaí a thíolacadh nuair a iarrtar air sin a dhéanamh
- × Faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim
- × Scriosadh nó teip taifid a choinneáil
- × Smuigleáil earraí
- × Mí-úsáid ola mhianra mharcáilte
- × Trádáil gan cheadúnas máil reatha

Ní liosta cuimsitheach é seo ach tá sé mar aidhm aige breac-chuntas a thabhairt ar na cineálacha cionta is féidir a tharchur le haghaidh ionchúisimh.

6.4. Bogearraí chun Díolacháin a Shochtadh

Déanann aon duine a bhfuil bogearraí sochta díolachán leictreonacha (ar a dtugtar ‘zappers’ go coitianta) acu nó a úsáideann iad go feasach nó go toiliúil chun críocha cáin nó dleacht a sheachaint, nó a chuireann ar fáil iad, gan na sonraí bunaidh a chaomhnú cion coiriúil faoi Alt 1078 ACC 1997.

Tá sé mar bheartas ag na Coimisinéirí Ioncaim ionchúiseamh a mholadh ar chionta den sórt sin.

6.5. Tuairisceáin, Ráitis nó Cuntais Mhíchearta

Folaítear in alt 1078(2)(b) den ACC 1997 gur cion coiriúil a bheidh ann ‘go gcabhróidh nó go neartóidh nó go gcuideoidh nó go ngríosóidh nó go n-aslóidh’ duine go feasach chun aon tuairisceán nó ráiteas mícheart nó aon chuntais mhíchearta i ndáil le haon cháin a thabhairt.

Tá sé mar bheartas ag na Coimisinéirí Ioncaim ionchúiseamh a mholadh ar chionta den sórt sin.

7. Seachaint Cánach

Leagtar amach sa chaibidil seo an dlí cánach, beartas na gCoimisinéirí Ioncaim agus nósanna imeachta chun dlíteanais chánach agus dleachta a rialáil a bhaineann le cineálacha áirithe idirbheart seachanta cánach ar cuireadh tús leo tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Maidir le hidirbhearta ar cuireadh tús leo ar an dáta seo nó roimhe, tá feidhm fós ag leagan 2019 den Chód Cleachtais um Iniúchadh Cánach agus Idirghabhálacha Comhlíontachta eile. Tá sé seo ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

7.1. Céard is Seachaint Cánach ann?

Go ginearálta, is éard atá i gceist le seachaint cánach ná idirbheart nó sraith idirbheart a bhfuil fíorbheagán nó réadúlacht tráchtála ar bith ag baint leo, as a n-eascaíonn buntáiste cánach agus a rinneadh go príomha chun an buntáiste cánach sin a fháil ar bhealach atá ar neamhréir le hintinn na reachtaíochta cánach.

Go ginearálta ní fhéachfaí ar idirbheart a dhéantar d'fhonn sochar faoisimh, liúntais nó díolúine a fháil ar an mbealach atá beartaithe leis an reachtaíocht mar sheachaint cánach. Os a choinne sin, d'fhéachfaí ar idirbheart a dhéantar lena mbaineann mí-úsáid nó drochíde ar fhaoiseamh, ar liúntas nó ar dhíolúine ar bhealach nach bhfuil beartaithe ag an reachtaíocht mar seachaint cánach.

Tabhair do d'aire beidh iompar arb ionann é agus imghabháil chánach d'aon ghnó faoi réir pionóis cáinghiaráilte mar atá leagtha amach i gCaibidil 2 den Chód seo.

7.1.1. Gnóthaí cánacha agus dleachtanna a rialtú i gcás gur tharla Seachaint Cánach

Spreagann na Coimisinéirí Ioncaim cáiníocóirí chun a ngnóthaí cánacha agus dleachta a athbhreithniú go rialta agus chun aon mhírialtachtaí a mheas agus a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim. Spreagann na Coimisinéirí Ioncaim an cur chuige céanna maidir le seachaint cánach nuair is féidir go mbeadh sé ina bhuntáiste don cháiníocóir nochtadh luath a dhéanamh do na Coimisinéirí Ioncaim.

Chomh maith leis na modhanna atá leagtha amach i gCaibidil 2, féadfaidh cáiníocóir a ghnóthaí cánach a thabhairt chun rialtachta trí 'nochtadh seachanta cáilitheach' bailí a dhéanamh ar Fhoirm QAD1. Ní féidir 'nochtadh seachanta cáilitheach' a dhéanamh ach i ndáil le hidirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Féadtar 'nochtadh seachanta cáilitheach' den sórt sin a dhéanamh ag am ar bith is cuma ar cuireadh tús le haon Idirghabháil Comhlíonta Ioncaim.

7.2. Riail Ghinearálta Frithsheachanta

Tá feidhm ag Alt 811C den ACC 1997, an fhoráil ghinearálta frithsheachanta, maidir le hidirbhearta ar cuireadh tús leo tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014. Tá sé mar aidhm ag an bhforáil seo éifeachtaí na n-idirbheart nach bhfuil ach fíorbheagán nó réadúlacht tráchtála ar bith acu a shárú ach atá beartaithe go príomha chun muirear cánach nó dleachta a laghdú,

a sheachaint nó a iarchur nó asbhaint cánach nó aisíocaíocht cánach nó dleachta a chruthú nó a mhéadú go saorga.

Ní mór do cháiníocóirí an riail ghinearálta frithsheachanta a chur san áireamh agus a dtuairisceáin á n-ullmhú acu. Forálann an t-alt nach bhfuil duine i dteideal go dlíthiúil aon bhuntáiste cánach a eascraíonn as nó mar gheall ar idirbheart seachanta cánach lena mbaineann an t-alt seo. Ní mór do cháiníocóir aird a thabhairt ar an alt seo agus tuairisceán á thíolacadh, éileamh a dhéanamh nó ar aisíocaíocht a lorg agus ní mór dó gan leas an bhuntáiste cánach a d'eascródh murach an fhoráil ghinearálta frithsheachanta in alt 811C ACC 1997.

7.2.1. Iarmhairtí idirbhirt ar idirbheart um sheachaint cánach é

I gcás go n-éilíonn duine buntáiste cánach ag eascairt as nó trí idirbheart um sheachaint cánach, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim gach beart réasúnach a ghlacadh chun an buntáiste cánach a aistarraingt nó a dhiúltú.

7.3. Forálacha Sonracha Frithsheachanta

Forálann Sceideal 33 den ACC 1997 gur 'forálacha sonracha frithsheachanta' iad na hailt atá liostaithe sa tábla thíos.

Mar a leagtar amach in alt 7.4.2, i gcás go ndéanann duine iarracht leas a bhaint as aon bhuntáiste cánach a tharraingítear siar i gceann de na hailt seo is féidir le 'formhuirear um sheachaint cánach' a bheith i bhfeidhm. Ní bhaineann an 'formhuirear um sheachaint cánach' i gcás go dtabhaíonn an cáiníocóir, agus iarracht á dhéanamh aige buntáiste cánach a fháil, pionós cáinghiaráilte.

Reachtaíocht – ACC 1997	Foráil frithsheachaint
Alt 381B	Srianadh faoiseamh cailteanais – trádálacha éighníomhacha
Alt 381C	Srianadh faoiseamh cailteanais – frithsheachaint
Alt 546A	Srianta chaillteanais incheadaithe
Alt 590	Gnóthachain inmhuirir a thabhaítear le cuideachta neamhchónaithe a chur i leith rannpháirtithe
Alt 806	Muirear cháin ioncaim nuair a aistrítear sócmhainní thar lear
Alt 807	Dliteanais neamhaistreoírí
Alt 811B	Cóir chánach iasachtaí ó scéimeanna sochair fostaí
Alt 812	Cánachas ioncaim a mheastar a thagann ó aistrithe ar an gceart le hús a fháil ó urrúis
Alt 813	Cánachas idirbhearta chomhcheangailte le hiasachtaí nó creidmheas
Alt 814	Cánachas ioncaim a mheastar a thagann ó idirbhearta i dteastais thaisce agus taiscí insannta
Alt 815	Cánachas ioncam a mheastar a eascraíonn as díolachán urrús áirithe
Alt 816	Cánachas scaireanna arna eisiúint in ionad díbhinní airgid
Alt 817	Scéimeanna chun dliteanas cánach a sheachaint faoi Sceideal

	F
Alt 817A	Srian ar fhaoiseamh le haghaidh íocaíochtaí úis
Alt 817B	Cóireáil úis i gcúinsí áirithe
Alt 817C	Srian in-asbhainteacht úis áirithe

7.4. Formhuirear um Sheachaint Cánach

Forálann alt 811D den ACC 1997 go bhfuil ‘formhuirear um sheachaint cánach’ iníoctha i gcás ina ndéanann cáiníocóir idirbheart seachanta cánach, agus féachann sé le leas a bhaint as buntáiste cánach a thiocthadh chun cinn murach alt 811C den ACC 1997. Forálann sé freisin gur féidir le ‘formhuirear um sheachaint cánach’ teacht chun cinn nuair a bhíonn duine ag iarraidh leas a bhaint as aon bhuntáiste cánach atá dícheadaithe ag foráil shonrach frithsheachanta. Baineann an t-alt seo le hidirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Is iad príomhghnéithe an ‘formhuirear seachanta cánach’:

- d’fhéadfadh go mbeadh ‘formhuirear um sheachaint cánach’ suas le 30% i bhfeidhm ach féadtar é seo a laghdú nuair a dhéantar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ laistigh de fhráma ama sonraithe (féach 7.7.7) nó in imthosca áirithe ina gcuirtear fógra cosanta bailí isteach (féach 7.6.4). alt 7.6).
- ní thioctfaidh ‘formhuirear um sheachaint cánach’ chun cinn i gcás ina dtabhaíonn cáiníocóir pionós cánach faoi alt 1077F(2) den ACC 1997, alt 116A(2) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, alt 134A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 nó alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003. Leagtar amach i gCaibidil 4.5 den Chód treoir bhreise maidir leis na catagóirí iompair as a n-eascaíonn pionóis cáinghiarálte agus an mhodheolaíocht chun pionóis cáinghiarálte a ríomh.
- i gcás nach n-aontaíonn duine ‘formhuirear um sheachaint cánach’ a fóc, is faoin gcúirt ábhartha a chinneadh an bhfuil an duine faoi dhliteanas an fformhuirear. Baineann an anailís ar an gcaoi a bhféadfaidh cúirt ábhartha pionóis a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach i gCaibidil 4, leis an ‘formhuirear um sheachaint cánach’ freisin.

7.5. Ús Reachtúil

Eascaíonn ús faoin ráta reachtúil faoi na gnáthrialacha féinmheasúnaithe. Tabhaítear ús ag an ráta reachtúil ón dáta go mbeadh an cháin nó an t-ús dlite le híoc mura dtosófaí an t-idirbheart um sheachaint cánach.

7.6. Fógra Cosanta

Féadfaidh cáiníocóir cosaint a fháil ón ‘formhuirear seachanta cánach’ agus moill a chur ar thosú an fhabhráithe úis i gcás ina n-eascaíonn gearríocaíocht cánach nó dleachta mar

gheall ar chur i bhfeidhm na riail ghinearálta frithsheachanta trí fhógra cosantach a thíolacadh faoi alt 811D den ACC.

Déanfaidh fógra cosanta bailí:

- cosaint a thabhairt i gcoinne 'formhuirear um sheachaint cánach' a d'eascair murach sin as dúshlán rathúil ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 811C, agus
- tús an fhabhráithe úis a iarchur go dtí mí amháin tar éis d'oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú a dhéanamh nó a leasú ag baint úsáide as an riail ghinearálta frithsheachanta.

Chun a bheith bailí, ní mór fógra cosantach a thíolacadh laistigh de 90 lá ó thosach an idirbhirt agus ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh:

- sonraí iomlána an idirbhirt, is ábhar don fhógra cosantach, lena n-áirítear aon chuid den idirbheart sin nach ndearnadh sular seachadadh an fógra cosantach,
- tagairt iomlán d'fhorálacha na nAchtanna a mheasann an cáiníocóir a bheith ábhartha le cóireáil an idirbhirt chun críocha cánach nó dleachta,
- sonraí iomlána maidir le cén chaoi, i dtuairim an cháiníocóra, go mbaineann, nó nach mbaineann, gach foráil dá dtagraítear san fhógra cosanta leis an idirbheart.
- sonraí iomlána faoin bhfáth, i dtuairim an cháiníocóra, nach bhfuil feidhm ag an riail ghinearálta frithsheachanta,
- ní mór don cháiníocóir cóipeanna a sholáthar freisin de na doiciméid go léir a bhaineann leis an idirbheart, agus
- ní fhéadfaidh an t-idirbheart a dhéanann an cáiníocóir a bheith ina idirbheart is féidir a nochtadh faoin gcóras um nochtadh sainordaitheach (i.e. i gcás ina n-eascaíonn saintréithe na n-idirbheart oibleagáid ar an tionscnóir (duine a thugann comhairle nó a mhargaíonn scéim shainiúil seachanta cánach) nó cáiníocóir a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim gur tharla na hidirbhearta). Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll seo sa chás go dteipeann ar thionscnóir nochtadh a cheanglaítear leis an reachtaíocht a dhéanamh, ach go ndéanann an cáiníocóir an nochtadh ina dhiaidh sin agus go gcomhoibríonn sé leis na Coimisinéirí Ioncaim (Féach 7.9 le haghaidh na gcoinníollacha nach mór a chomhlíonadh).

Ní bheidh aon éifeacht ag fógra cosanta má eascraíonn an ganníocaíocht cánach ná dleachta de bharr chur i bhfeidhm ceann de na forálacha sonracha frithsheachanta.

7.7. Nochtadh um Sheachaint Cáilitheach

Féadfaidh cáiníocóir a mhaíomh gur tugadh faoi idirbheart gan tuiscint iomlán a bheith aige ar nádúr na hidirbhearta nó ar an bhfíric go bhféadfadh sé titim salach ar an reachtaíocht frithsheachanta. Tá an fhreagracht ar an gcáiníocóir, áfach, a chinntiú go bhfuil sé/sí iomlán

feasach ar an gcuspóir tráchtála agus ar iarmhairtí cánachais a (h)idirbhearta.

Tugann an réimeas ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ deis do cháiníocóirí a chinneann, tar éis dóibh an t-ábhar a bhreithniú, dúshlán na gCoimisinéirí Ioncaim a réiteach a dhéantar faoin reachtaíocht frithsheachanta.

I gcúinsí áirithe d’fhéadfadh laghdú ar an ‘formhuirear um sheachaint cánach’ mar a achoimrítear sa tábla in alt 7.15 a bheith mar thoradh ar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ bailí.

Ní fhéadfar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh ach amháin i ndáil le hidirbheart ar cuireadh tús leis tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014 agus i gcás ina n-eascraíonn an dlíteanas cánach nó dleachta mar gheall ar an riail ghinearálta frithsheachanta nó mar gheall ar fhoráil shonrach frithsheachanta atá liostaithe i Sceideal 33 san ACC 1997.

Cé gur féidir le cáiníocóir ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh am ar bith, ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbíonn tionchar aige seo ar an dlíteanas i leith úis reachtúil mar atá leagtha amach ag 7.5 thuas.

7.7.1. Sainmhíniú an Nochta Seachanta Cáilitheach

Is éard is ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ (QAD) bailí ann ná nochtadh faisnéise iomlán i ndáil le, agus sonraí iomlána, ar gach ábhar is cúis le dlíteanas cánach as a dtáinig ‘formhuirear um sheachaint cánach’.

Le bheith bailí, ní mór QAD a dhéanamh i scríbhinn, a bheith sínithe ag an gcáiníocóir nó thar ceann an cháiníocóra agus a bheith in éineacht leis:

- (1) dearbhú, ar feadh eolas, faisnéise agus chreidimh an duine sin, go bhfuil gach ní atá sa nochtadh cruinn agus iomlán, agus
- (2) íocaíocht cánach nó dleachta agus ús ar íocaíocht dhéanach na cánach nó na dleachta sin.

Ba cheart Foirm QAD1 a úsáid chun ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a thíolacadh. Ní mór Foirm QAD2 a chomhlánú agus a thíolacadh leis an bhFoirm QAD1 i gcás gur mian leis an gcáiníocóir méid an ‘fhorhuirir um sheachaint cánach’ a thabhairt le fios a chreideann siad atá infheidhmithe ina gcás.

I gcás go ndéanann cáiníocóir nochtadh ach nach n-áirítear íocaíocht an dlíteanais bhreise atá dlite (cáin, dleacht agus ús), ní ghlacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis an nochtadh mar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ bailí. Sna cúinsí seo, ní laghdófar méid an ‘fhorhuirir seachanta cánach’.

Beidh feidhm freisin ag na critéir atá leagtha amach in alt 2.8 a leagann amach cad a mheasfar mar íocaíocht chun críocha ‘nochtadh cáilitheach’ maidir le ‘nochtadh seachanta cáilitheach’.

7.7.2. Catagóirí an Nochta Seachanta Cáilitheach

Socraítear leibhéal an ‘formhuirir seachanta cánach’, go páirteach, ag an uair a dhéantar an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ agus an chéim a bhfuil Idirghabháil Comhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim bainte amach aige.

Tá ceithre chatagóir de Nochtadh Seachaint Cáilitheach mar seo a leanas:

1. Nochtadh déanta laistigh de thréimhse 24 mí ó dheireadh na tréimhse inmhuirir inar cuireadh tús leis an idirbheart agus sa chás nach bhfuil aon fhiosrúchán tosaithe ag oifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim faoin idirbheart.
2. Nochtadh, seachas nochtadh ag (1) thuas i gcás nár tharraing oifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim an buntáiste cánach siar nó nár shéan é.
3. Nochtadh a dhéantar tar éis d’oifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim buntáiste cánach a tharraingt siar nó a shéan, ach nach bhfuil achomharc déanta ag an gcáiníocóir.
4. Nochtadh ina bhfuil achomharc déanta ag cáiníocóir in aghaidh tarraingt siar nó séanadh an bhuntáiste cánach, ach nár éist an Coimisiún um Achomhairc Chánach leis an achomharc sin go fóill.

I gcás nach dtagann nochtadh faoi cheann ar bith de na catagóirí 1 go 4, mar atá leagtha amach thuas, beidh feidhm ag an ráta formhuirear is airde.

Tá leibhéal an ‘formhuirir seachanta cánach’ is infheidhme maidir le hidirbhearta a thagann faoi gach catagóir leagtha amach sa tábla i mír 7.15.

7.7.3. Na buntáistí a bhaineann le Nochtadh Seachaint Cáilitheach a dhéanamh

D’fhéadfaí a áireamh le buntáistí ‘nochtadh seachanta cáilitheach’:

- laghdú féideartha ar an ‘bhformhuirear um sheachaint cánach’ iníoctha ó 30% chomh híseal le náid agus
- ní fhoilseofar ainm nó sonraí socraíochta an cháiníocóra ar liosta na mainnitheoirí cánach (féach 7.14 le haghaidh tuilleadh eolais).

7.8. Tosca a chinneann leibhéal an fhorhuirir um chosaint cánach

Cinnfear leibhéal an ‘fhorhuirir um sheachaint cánach’ a bheith le hÍoc mar gheall ar shocrú cánach nó dleachta trí roinnt toasca:

- (i) Ar comhdaíodh nó nár comhdaíodh fógra cosanta bailí (féach alt 7.6)
- (ii) An ndearnadh nó nach ndearnadh ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ (féach sainmhíniú in alt 7.7.1)
- (iii) An chatagóir um Nochtadh Seachaint Cáilitheach i ndáil le de réir alt 7.7.2

thuas

- (iv) Cibé an bhfuil an t-idirbheart faoi chuimsiú an chórais um nochtadh sainordaitheach agus, má tá, an cás é inar theip ar an tionscnóir nochtadh a cheanglaítear leis an reachtaíocht a dhéanamh, ach go ndearna an cáiníocóir an nochtadh ina dhiaidh sin agus chomhoibrigh sé leis na Coimisinéirí Ioncaim (féach alt 7.10)

7.9. Córas Nochtuithe Éigeantacha

Éilíonn an córas um nochtadh sainordaitheach ar chomhairleoirí nó ar cháiníocóirí faisnéis shonraithe a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim faoi idirbheart a bhfuil tréithe áirithe aige. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar an gCóras um Nochtadh Éigeantach féach [Tax and Duty Manual 33-03-01](#) atá ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim. Soláthraíonn na nótaí treorach seo faisnéis maidir le cibé an bhfuil (nó nach bhfuil) idirbheart ina idirbheart a d'fhéadfadh a nochtadh. Soláthraíonn sé sonraí freisin faoi oibleagáidí an cháiníocóra faoin gcóras.

Ba cheart do cháiníocóir a dhearbhu lena chomhairleoir an bhfuil (nó nach bhfuil) idirbheart ina idirbheart a d'fhéadfadh a nochtadh faoin gcóras. Más idirbheart in-nochta é an t-idirbheart, tá sé de dhualgas ar an gcáiníocóir Uimhir Idirbhirt (nó Uimhir Thagartha na gCoimisinéirí Ioncaim) a chur isteach ina thuairisceán nó ina tuairisceán. Eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim uimhreacha na n-idirbheart chuig tionscnóir tar éis nochtadh bailí éigeantach a thíolacadh.

I dteannta le haon oibleagáidí a eascraíonn faoin gcóras um nochtadh sainordaitheach, tabhóidh cáiníocóir a dhéanann 'nochtadh seachanta cáilitheach' maidir le hidirbheart in-nochta, faoin gcóras um nochtadh sainordaitheach, 'formhuirear um sheachaint cánach' níos airde ná an formhuirear i leith idirbheart neamh-nochta (féach an tábla i mír 7.15).

7.10. Nochtadh arna Thionscnamh ag Cáiníocóir

I gcúinsí teoranta áirithe, ní dhéileálfar le hidirbheart, ar Idirbheart In-nochta é ar shlí eile, chun críocha na reachtaíochta um fhógra cosantach agus chun críocha 'nochtadh seachanta cáilitheach' faoi alt 811D ACC 1997.

Féadfaidh cáiníocóir a thagann faoi na himthosca a leagtar amach thíos fógra cosantach a thíolacadh agus féadfaidh sé cáiliú don leibhéal níos ísle de 'formhuirear seachanta cánach' má dhéanann sé 'nochtadh seachanta cáilitheach' (féach Tábla ag 7.15).

Féadfar glacadh le 'nochtadh arna thionscnamh ag cáiníocóir' mar 'nochtadh cáilitheach' má thagann na ceithre chúinse seo a leanas chun cinn:-

1. Bhí an t-idirbheart le nochtadh ag tionscnóir agus ní ag an gcáiníocóir a rinne an t-idirbheart.

(I bhformhór na gcásanna beidh oibleagáid ar an tionscnóir an nochtadh sainordaitheach a dhéanamh. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh an cáiníocóir

freagrach as an nochtadh éigeantach a dhéanamh i gcás nach bhfuil tionscnóir ann, i gcás ina bhfuil an tionscnóir lonnaithe lasmuigh den Stát, nó i gcás ina bhfuil pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil á éileamh ag an tionscnóir).

2. Níl Uimhir Idirbhirt ag an gcáiníocóir toisc nár chomhlíon an tionscnóir nó an margóir a n-oibleagáidí noхта sainordaitheacha nó, i gcás idirbheart a nochtadh an 23 Deireadh Fómhair 2014 nó roimhe, níor sannadh Uimhir Idirbhirt.
3. Agus an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ nó an fógra cosantach á dhéanamh, tiolacann an cáiníocóir foirm noхта éigeantach (Foirm MD7) chomhlánaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim roimh an spriocdháta le haghaidh tuairisceáin don tréimhse inmhuirir ina ndearnadh an t-idirbheart.
4. Soláthraíonn an cáiníocóir, le linn dó an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ nó an fógra cosantach a dhéanamh, an fhaisnéis go léir a d’fhéadfadh oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a éileamh le réasún chun a chinneadh an bhféadfaí iarratas a dhéanamh chuig cúirt íomchuí chun pionós a chinneadh is iníoctha ag an tionscnóir nó ag an margóir as teip a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gcóras um nochtadh sainordaitheach.

7.11. Nochtadh Seachanta Cáilitheach agus Féincheartú Gan Phionós

Forálann Caibidil 2 go bhféadfaidh cáiníocóir féincheartú tuairisceán a dhéanamh gan pionós ag eascairt as.

Féadfaidh cáiníocóir ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh (ar Fhoirm QAD1) ar féidir leis an ‘formhuirear um sheachaint cánach’ a laghdú go nialas ar an gcoinníoll nár cuireadh tús le fiosrúchán agus go gcuirtear an nochtadh isteach laistigh de 24 mí ó dheireadh na tréimhse inmhuirir ina cuireadh tús leis an idirbheart. Ina theannta sin, caithfidh an t-idirbheart a bheith ina idirbheart nach bhfuil faoi réir ceanglas sainordaitheach noхта.

D’fhéadfadh go mbeadh amhras ar cháiníocóir, agus Foirm QAD1 á hullmhú aige maidir le hidirbheart seachanta cánach, an bhféadfadh pionós cáinghiarálte seachas ‘formhuirear seachanta cánach’ teacht chun cinn ina chás. Ní fhéadtar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh i gcás go n-eascaíonn pionós cáinghiarálte.

Féadfaidh cáiníocóir fós na buntáistí a bhaineann le féincheartú a fháil gan phionós má chuirtear Foirm QAD1 isteach agus má chinntear níos déanaí nach bhfuil ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ déanta. Déileálfai le nochtadh Fhoirm QAD1 ansin mar fhéincheartú gan phionós, má chomhlíonann an nochtadh na critéir maidir le féincheartú gan phionós mar atá leagtha amach in alt 2.2.

7.12. Coigeartú Teicniúil

Forálann alt 2.4 nach mbeidh cáiníocóir faoi dhliteanas pionós cáinghiarálte i gcás go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta gur ghlac an cáiníocóir cúram cuí, agus nach raibh iompar d’aon ghnó i gceist leis an ábhar a bhí á cheartú.

I gcás idirbhirt a bhfuil seachaint cánach mar cheann dá chuspóirí ní dhéanfaidh castacht na n-idirbheart ar bhealach ar bith an tsaincheist a bhaineann le ‘coigeartú teicniúil’ a dhéanamh agus ní mhaolóidh sé aon dliteanas i leith formhuirear seachanta cánach, nó pionós cáinghiarálte.

7.13. Nochtadh Seachanta Cáilitheach - Gan Fhoilsiú

Maidir le cáiníocóir a thabhaíonn ‘formhuirear um sheachaint cánach’ agus/nó a dhéanann ‘nochtadh seachanta cáilitheach’, ní dhéanfar sonraí a socraíochta cánach a fhoilsiú ar liosta na mainnitheoirí cánach de réir alt 1086A ACC 1997. Feic alt 5.2 den Chód Cleachtais seo chun eisiaimh reachtúla eile ó na forálacha foilsithe a fheiceáil.

7.14. Léiriú Amhrais

Féadfaidh cáiníocóir a bhfuil fíor-amhras air faoin gcaoi a ndéileáiltear ó thaobh cánach de le hábhar áirithe léiriú amhrais a chur isteach nuair a thíolacann sé a thuairisceán. Chun léiriú bailí amhrais a dhéanamh ní mór do cháiníocóir cloí le roinnt coinníollacha mar atá leagtha amach sa reachtaíocht ábhartha do gach ceanteideal cánach.

D’ainneoin an cheanteidil chánach, ní bheidh léiriú amhrais bailí má bhíonn oifigeach na gCoimisinéirí Ioncaim den tuairim go raibh an cáiníocóir ag gníomhú chun an cháin a imghabháil nó a sheachaint.

Ní bheith aon tionchar ag cur isteach léiriú amhrais ar cibé an mbaineann ‘formhuirear um sheachaint cánach’ nó nach mbaineann.

7.15. Formhuirir Sheachaint Cánach agus Ús

Leagtar amach sa tábla thíos an ‘formhuirear um sheachaint cánach’ agus ús atá dlite i ndáil le cineálacha éagsúla ‘nochtadh seachadta cáilitheach’, i gcás gur comhdaíodh fógra cosanta agus do gach cás eile.

Idirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014				
		Ús	Formhuirear um Sheachaint	
			Nochtadh arna Thionscnamh ag Cáiníocóir nó Idirbheart Neamh-nochta**	Idirbheart In-Nochtaithe
Fógra Cosanta				
Fógra cosanta tiolactha	Measúnú déanta ag baint úsáide as riail ghinearálta fhrithsheachanta	Ús Reachtúil ón measúnú*	0%	30% (toisc go mbeadh FC neamhbhailí)
	Measúnú déanta le foráil um sheachaint cánach ar leith	Ús Reachtúil	30%	30%
Catagóir um Nochtadh Seachanta Cáilitheach				
Nochtadh déanta laistigh de thréimhse 24 mí ó dheireadh na tréimhse inmhuirir inar cuireadh tús leis an idirbheart agus sa chás nach bhfuil aon fhiosrúchán tosaíthe ag oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim faoin idirbheart		Ús Reachtúil	0%	3%
Nochtadh, seachas nochtadh thuas i gcás nár tharraing oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an buntáiste cánach siar nó nár shéan é		Ús Reachtúil	3%	6%
Nochtadh a dhéantar tar éis d'oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim buntáiste cánach a tharraingt siar nó a shéan, ach nach bhfuil achomharc déanta ag an		Ús Reachtúil	5%	10%
Nochtadh ina bhfuil achomharc déanta ag cáiníocóir in aghaidh tarraingt siar nó séanadh an bhuntáiste cánach, ach nár éist an Coimisiún um Achomhairc Chánach leis		Ús Reachtúil	10%	20%
Cásanna Eile				
Gach cásanna eile		Ús Reachtúil	30%	30%

*Tosóidh ús ag fabhrú 30 lá tar éis d'oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú a dhéanamh nó a leasú.

** Féach ailt 7.9 agus 7.10 le haghaidh cur síos ar ‘Idirbheart In-Nochta’ agus ar ‘Nochtadh arna

Thionscnamh ag Cáiníocháir'.

8. ÍMAT

8.1. Cáiníocóirí Íoc Mar A Thuillir (ÍMAT)

Baineann an Cód seo freisin le hIdirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí comhlíonta ag cáiníocóirí ÍMAT. Tagann sé in ionad an **Chóid Chomhlíontachta** a bhí ann roimhe seo do **cháiníocóirí Íoc Mar A Thuillir (ÍMAT)**.

Tá an fhaisnéis go léir a leagadh amach i gCaibidlí níos luaithe maidir le roghnú cásanna le haghaidh idirghabhála, seoladh idirghabhála, na pionóis a d'fhéadfadh a bheith i gcás mainneachtana, na nósanna imeachta chun idirghabháil a thabhairt chun críche, achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim agus aon socrú breise a dhéanamh ar dlíteanais nuair a thagann siad seo chun cinn, go cothrom maidir le cáiníocóirí ÍMAT. Féadfaidh cáiníocóirí ÍMAT leas a bhaint as na deiseanna céanna chun cúrsaí cánach a thabhairt chun rialtacht agus a bhaineann le haon chineál eile cáiníocóirí. Chun sonraí iomlána a fháil, féach na codanna ábhartha den Chód seo.

8.1.1. Cé atá ina cháiníocóir ÍMAT?

Go ginearálta breathnaítear ar cháiníocóir ÍMAT mar dhuine aonair a ngearrtar cáin air faoin gcóras ÍMAT mar phríomhfhoinsé ioncaim.

Féadfar cáiníocóir a mheas mar cháiníocóir ÍMAT fós sa chás go bhfuil méid teoranta ioncaim neamh-ÍMAT aige (m.sh. ioncam cíosa nó díbhinní). Is é an teorainn don láimhseáil seo ná *glan*-ioncam inmheasúnaithe neamh-ÍMAT de níos lú ná €5,000 nuair nach sáraíonn *oll*-ioncam neamh-ÍMAT roimh speansais €30,000. Baineann sé seo fiú mura bhfuil aon dlíteanas cánach ar an ioncam toisc go bhfuil sé clúdaithe nó clúdaithe den chuid is mó ag cailteanais, liúntais chaipitiúla nó faoisimh eile.

Meastar gur “duine inmhuirir” é duine a sáraíonn a ioncam neamh-ÍMAT ceachtar de na teorainneacha seo agus ceanglaítear air/uirthi clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh Cánach Ioncaim agus tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh.

Cé go bhfuil na híocaíochtaí seo a leanas inchánach go hiomlán, níl siad san áireamh chun measúnú a dhéanamh an sáraíonn ioncam neamh-ÍMAT an duine na teorainneacha chun bheith ina “dhuine inmhuirir”:

1. Íocaíochtaí agus pinsin ón Roinn Coimirce Sóisialaí, agus
2. Íocaíochtaí cothabhála infhorghníomhaithe le dlí, gan aon chuid den íocaíocht a thagraíonn do leanbh nó leanaí a áireamh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbreathnaítear ar stiúrthóirí dílseánaigh mar dhaoine inmhuirir beag beann ar leibhéal a bhfoinsí ioncaim eile. Is éard is stiúrthóir dílsithe ann ná stiúrthóir ar chuideachta ar úinéir tairbhiúil í nó atá in ann níos mó ná 15% de ghnáth-scairchaipiteal na cuideachta a rialú (go díreach nó go hindíreach).

8.1.2. An córas ÍMAT a oibriú

Feidhmíonn an córas ÍMAT trí fhostóirí a dhéanann asbhaintí Cáin Ioncaim, MSU agus ÁSPC ó thuarastail nó phá a gcuid fostaithe agus ag íoc na suimeanna seo leis na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann an fhostaí. Déanann fostóirí na hasbhaintí seo ar bhonn “Fógra Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim”, a sholáthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim, a leagann amach teidlíochtaí an fhostaí ar chreidmheasanna cánach agus bandaí ráta do gach íocaíocht.

I gcás fhormhór na gcáiníocóirí ÍMAT, ag deireadh gach bliana cánach, beidh an méid ceart Cánach Ioncaim, MSU agus ÁSPC asbhainte ag a bhfostóir óna dtuilleamh. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh aisíocaíocht dlite dóibh ná ní bheidh aon suimeanna breise acu. Go hiondúil éilítear roinnt faoisimh chánach m. sh. chostais sláinte tar éis dheireadh na bliana agus d’fhéadfadh teidlíochtaí ar aisíocaíochtaí a bheith i gceist ansin.

8.2. Comhairle Comhlíontachta do Cháiníocóirí ÍMAT

Mar atá leagtha amach in 8.1.2, ceanglaítear ar fhostóirí Cáin Ioncaim, MSU agus ÁSPC a fheidhmiú ar gach méid pá a íoctar lena bhfostaithe. Ní mór don fhostóir na méideanna riachtanacha a asbhaint ag am gach íocaíochta.

Tá ról tábhachtach ag cáiníocóirí ÍMAT maidir le cabhrú le fostóirí a chinntiú go ndéantar na méideanna cearta Cánach Ioncaim, MSU agus ÁSPC a asbhaint óna bpá. Ba cheart do cháiníocóirí ÍMAT a chinntiú i gcónaí go gcuirtear na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na fachtóirí go léir a théann i bhfeidhm ar an méid cánach a asbhaintear óna dtuilleamh a luaithe is féidir agus níor cheart dóibh glacadh leis go bhfuil a gcúinsí ar eolas cheana féin (ag na Coimisinéirí Ioncaim).

Leagtar amach anseo a leanas faisnéis thábhachtach chun cabhrú le cáiníocóirí ÍMAT a gcuid oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh.

1. Deimhniú Creidmheasanna Cánach (DCC)

Liostaíonn an TCC don bhliain

- ✓ creidmheasanna cánach, faoisimh agus banda ráta caighdeánach an fhostaí,
- ✓ rátaí MSU agus banda rátaí an fhostaí, agus
- ✓ Aitheantóir Fostaíochta an fhostaí (ar tagairt uathúil í atá socraithe ag an bhfostóir i leith na fostaíochta).

Ba cheart do cháiníocóirí ÍMAT a DCC a sheiceáil gach bliain lena chinntiú

- ✓ go bhfuil siad i dteideal na gcreidmheasanna a leithdháil na Coimisinéirí Ioncaim orthu; agus
- ✓ go n-áirítear aon chreidmheasanna cánach breise a bhféadfaidh siad a bheith i dteideal a fháil.

Féadtar le cáiníocóirí cóip dá DCC a fheiceáil, a phriontáil nó a íoslódáil sa rannán Mo

Chuid Doiciméad den áis moChúrsaí a fhéadtar teacht air ag www.revenue.ie

2. An bhfuil na creidmheasanna cánach cearta á n-éileamh?

Tá cáiníocóirí cónaitheacha cánach i dteideal creidmheas cánach pearsanta. Ag brath ar a gcúinsí pearsanta, d'fhéadfadh creidmheasanna cánach breise a bheith dlite.

Féadtar le haon cáiníocóir nach bhfuil cinnte faoina teidlíocht ar chreidmheas cánach nó ar mian leis nó léi na critéir atá riachtanach chun cáiliú do chreidmheas cánach a sheiceáil suíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.Revenue.ie

3. Faisnéis a bhaineann le cúinsí pearsanta a thabhairt cothrom le dáta

Níor cheart do cháiníocóirí glacadh leis go bhfuil rochtain ag na Coimisinéirí Ioncaim ar gach faisnéis atá cothrom le dáta maidir lena gcúinsí pearsanta.

Mar sin, ba cheart dóibh na Coimisinéirí Ioncaim a choinneáil ar an eolas maidir le haon athruithe ar bhunshonraí pearsanta ar nós athrú seolta chomh maith le hathruithe ar a gcúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar a dteidlíocht ar chreidmheas(i) cánach.

Go háirithe, “imeachtaí saoil” suntasacha mar:

- ✓ pósadh nó páirtnéireacht shibhialta,
- ✓ comhchónaí,
- ✓ scaradh, nó
- ✓ méala

agus ba cheart aird na gCoimisinéirí Ioncaim a chur orthu a luaithe is féidir.

4. Taifead a choinneáil

Ní mór do cháiníocóir na doiciméid ábhartha go léir a choinneáil chun tacú le héilimh ar chreidmheasanna cánach, faoisimh, liúntais, etc. (m.sh. ní mór go mbeadh admhálacha ag cáiníocóir atá ag éileamh speansais leighis chun tacú leis na speansais a éillítear). Ní mór gach doiciméad tacaíochta a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana ó dheireadh na bliana dá dtagraíonn an t-éileamh nó an dliteanas.

I gcás ina n-uaslódálann cáiníocóir admhálacha chuig an rianaire admhálacha i moChúrsaí nó trí ROS, ní gá dóibh na hadmhálacha bunaidh a choinneáil.

5. Ioncam neamh-ÍMAT

Tá sé tábhachtach na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoi aon fhoinsí ioncaim eile nach mbaineann le ÍMAT, mar shampla:

- ✓ ioncam ó chíos,
- ✓ díbhinní,
- ✓ obair ócáideach, (m.sh. ioncam ó mheilte srl.)

Féadfaidh aon ioncam breise neamh-ÍMAT a bheith faoi réir cánach nó MSU nó an dá rud. Ba cheart do cháiniócoirí a chinntiú go gcuirtear na Coimisinéirí Loncaim ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi aon ioncam breise neamh-ÍMAT ionas gur féidir an dliteanas cánach agus MSU cearta a ríomh agus a bhailiú agus chun carnadh cánach agus riaráistí MSU a chosc.

6. Freagairt ar fhiosrúcháin ó na Coimisinéirí Loncaim

Ba cheart do cháiniócoirí freagra a thabhairt ar aon fhiosrúcháin ó na Coimisinéirí Loncaim maidir lena ngnóthaí cánach chomh tapa agus chomh cuimsitheach agus is féidir.

7. Foirm 12 a thíolacadh más gá

Má iarrann na Coimisinéirí Loncaim ar cháiniócoir tuairisceán cánach ioncaim (Foirm 12) a chomhlánú, ba cheart dóibh é sin a dhéanamh chomh tapa agus is féidir tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann sé. Is é an bealach is tapúla agus is éasca chun é seo a dhéanamh trí moChúrsaí ar www.revenue.ie.

Ag deireadh gach bliana, cuireann na Coimisinéirí Loncaim Achoimre Shonraí Fostaíochta agus Réamhráiteas Deireadh Bliana (PEOYS) ar fáil d'fhostaithe. Is réamhríomh amháin é an PEOYS. Léireoidh sé cibé an bhfuil an méid ceart Cánach Loncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) íoctha ag fostaí don bhliain agus an bhfuil sé bunaithe ar an bhfaisnéis atá i dtaifid na gCoimisinéirí Loncaim. Más mian le cáiniócoir ÍMAT creidmheasanna, faoisimh nó costais bhreise a éileamh, mar costais sláinte nó ioncam eile a fhógairt, ní mór dóibh tuairisceán Cánach Loncaim a chomhlánú. Ginfidh na Coimisinéirí Loncaim Ráiteas Dlíteanais ansin ag deimhniú a staide.

8.3. Ús

Tá feidhm ag rialacha sonracha maidir le hús a ghearradh má thagann gearríoicáocht chun cinn mar gheall ar cháiniócoirí a bheith ag éileamh creidmheasanna cánach, faoisimh, liúntais, laghdú rátaí, díolúine nach raibh sé nó sí ina dteideal, nó ó sholáthar na faisnéise mícheart a theastaíonn chun aisíocaíochtaí a éileamh.

Maidir le héilimh mhíchearta a dhéantar tar éis dheireadh na bliana cánach, tá ús inmhuirir ó dháta aon íocaíochta a dhéanann na Coimisinéirí Loncaim, a eascraíonn as an éileamh mícheart, go dtí an dáta a n-aisíoctar na fáltais go hiomlán leis na Coimisinéirí Loncaim.

Sa chás go ndeonaítear sochar creidmheasa cánach, faoisimh, srl. go mícheart sa bhliain trí Dheimhniú Creidmheasa Cánach (DCC) duine aonair ionas go mbainfidh siad leas as méadú ar a bpá éirí abhaile, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:-

- I gcás inar eisíodh an DCC roimh an 1 Iúil, beidh feidhm ag ús ón 1 Iúil sa bhliain sin go dtí an dáta a n-aisíoctar an t-airgead go hiomlán leis na Coimisinéirí Loncaim, nó
- Sa chás go n-eisíonn an DCC ar an 1 Iúil nó ina dhiaidh sin, beidh feidhm ag ús ón 1 Eanáir ina dhiaidh sin go dtí an dáta a n-aisíoctar an t-airgead go hiomlán leis na Coimisinéirí Loncaim.

Níl ús reachtúil inmhuirir ach amháin ar an dliteanas cánach a chomhaontaítear idir an cáiníocóir (nó gníomhaire cánach) agus an t-oibrí cásanna leithleacha, nó sa chás go bhfuil an dliteanas socraithe ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach tar éis achomhairc. Mar sin, níl aon bhunús le haon achomharc maidir le leas reachtúil.

8.4. Bearta Breise maidir le hÉilimh Chreidmheas Cánach Mícheart

Tá gach cáiníocóir (lena n-áirítear cáiníocóirí ÍMAT) freagrach as a ngnóthaí cánach féin. Féadfaidh an cáiníocóir, ionadaí an cháiníocóra le toiliú iomlán, nó duine gan toiliú an cháiníocóra éileamh mícheart a dhéanamh. I ngach cás den sórt sin beidh ar an gcáiníocóir na méideanna gaolmhara (mícheart) a thabhairt ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

I gcásanna den sórt sin, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim:



Aon fháltais a fháil ar ais ón gcáiníocóir ar bhonn éilimh mhícheart



Ús a ghearradh ar fháltais éileamh mícheart ón dáta a rinneadh an íocaíocht leis an bhfaighteoir



Pionós a chomhaontú as éileamh mícheart a dhéanamh



Pionós a chomhaontú as tearcdhearbhú ioncaim neamh-ÍMAT

8.4.1. Pionóis ar dhaoine a thugann cúnamh nó aslú do dhaoine eile

I gcás go gcabhraíonn duine go feasach nó go míchúramach le duine eile nó go spreagann sé nó sí duine eile chun aon ráiteas nó dearbhú mícheart a dhéanamh nó a sheachadadh do na Coimisinéirí Ioncaim, beidh sé nó sí faoi dhliteanas pionós seasta de €3,000 faoi Alt 864(3) den ACC 1997 a íoc freisin. Tá feidhm ag pionóis don chatagóir seo de mhainneachtana ar bhonn in aghaidh an éilimh.